An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath

# TUARASCÁIL AN UACHTARÁIN

## MEÁN FÓMHAIR 2012 – LÚNASA 2013





# Tuarascáil an Uachtaráin
# An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath
# Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

Meán Fómhair 2012 – Lúnasa 2013

Le cur faoi bhráid Údarás Rialaithe an Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath ag a gcruinniú an 17 Nollaig 2013.

ISBN: 978-1-905254-78-1

**Íomhá ar an gclúdach tosaigh:**
**Halla Uí Raghallaigh UCD san oíche**

**Íomhá taobh istigh den chlúdach tosaigh:**
**Loch Uachtarach agus gnáthóg fiadhúlra nua, ag féachaint i dtreo fhoirgneamh Daedalus**

**Íomhánna ar leathanach 1**

1. **Rinne scoláirí Taibh-Ealaíona *Ad Astra* UCD, Rory Lynch agus Susie Gibbons, taibhiú ag Searmanas Gradam *Ad Astra* UCD, in Eanáir 2013**
2. **Labhair an tUachtarán Michael D. Higgins ag an bhFóram don Oideachas Thar Lear, a tionóladh ag UCD, i mí na Nollag 2012, a mheall 400 de lucht gairmiúil idirnáisiúnta san ardoideachas. Ba é sin an chéad uair ar tionóladh an chomhdháil lasmuigh de na Stáit Aontaithe**
3. **Bhronn an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn TD, Gradam Mac Léinn Idirnáisiúnta na Bliana UCD ar mhac léinn leighis UCD sa tríú bliain, Ying Ying Thum as an Mhalaeisia. Oibríonn Ying Ying go deonach le Cumann Naomh Uinseann de Pól agus le Little Sisters of the Poor. Déanann sí ionadaíocht ar UCD freisin ag cluichí badmantain idir-ollscoile agus is ball gníomhach í sa Chumann do Mhic Léinn ón Malaeisia**
4. **Sa ghrianghraf (clé-deas) lasmuigh d'Ionad Mac Léinn UCD bhí ceithre chainteoir TEDxUCD: An An Dr Nora Khaldi, taighdeoir iardhochtúireachta in Institiúid Mhic Con Mí UCD; An Seanadóir agus an tOllamh John Crown; An Dr Rhona Mahony, Máistir, an tOspidéal Náisiúnta Máithreachais; agus Claire Lambe, Lúthchleasaí den Scoth de chuid UCD *Ad Astra***
5. **Sa ghrianghraf (clé go deas) ag nochtadh oifigiúil Choláiste Idirnáisiúnta Beijing-Baile Átha Cliath (BDIC): an tOllamh Guo Guansheng, Uachtarán BJUT; a Oirirceas Declan Kelleher, Ambasadóir na hÉireann chuig PRC; Hao Ping, Leas-Aire d'Aireacht an Oideachais sa tSín; an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn TD; Guo Zhongwen, Leas-Mhéara Rialtas na nDaoine de Bhardasacht Beijing; agus Uachtarán UCD, An Dr Hugh Brady**
6. **Club Bád na bhFear UCD an lá a fuair siad an ceann is fearr ar Chlub Bád na bhFear Ollscoil Bhaile Átha Cliath chun Corn Gannon a bhuachan ag Rásaí Bád Ollscoileanna na hÉireann 2013 ar an Life. Sa ghrianghraf ón rámh buille go dtí an rámh bogha: Peter Grogan, Gearóid Duane, Joseph Nihotte, David Neale, An Dr Brian Sheehan, Patrick Moore, Michael Bailey, Liam McCarthy agus Kirsten Joyce**
7. **Ionad Eolaíochta O'Brien UCD sular baistíodh agus sular osclaíodh go hoifigiúil é i nDeireadh Fómhair 2013**

Ireland's EU Structural Funds Programmes 2007 - 2013
Co-funded by the Irish Government and the European Union
EUROPEAN SOCIAL FUND

# Clár


**Réamhrá ón Dr Hugh Brady, Uachtarán UCD** 2

**Coláistí** 5
Coláiste na Talmhaíochta, na hEolaíochta Bia agus an Leighis Tréidliachta UCD 6
Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD 8
Coláiste Gnó agus Dlí UCD 10
Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD 12
Coláiste na nEolaíochtaí Sláinte UCD 14
Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD 16
Coláiste na hEolaíochta UCD 18
Struchtúr Eagraíochtúil UCD 20

**Oideachas** 21
Próifíl na Mac Léinn 22
Rannpháirtíocht Luath agus Bhuan Mac Léinn a Chothú 22
Cláir agus Disciplíní Acadúla a Láidriú agus a Fheabhsú 24
Cruthaitheacht, Nuálaíocht, Fiontraíocht agus Saoránacht Ghníomhach a Spreagadh 24
Oideachas Iarchéime a Fhás agus a Fhorbairt 24
Eispéireas na Mac Léinn a Chur ar Bhonn Idirnáisiúnta 25
Rannpháirtíocht a Leathnú agus Tacú le Foghlaim ar Feadh an tSaoil 25
Teagasc, Nuálaíocht san Fhoghlaim agus Forbairt Acadúil 26
Cáilíocht 26

**Taighde** 27
Maoiniú Taighde 28
Príomh-Mhéadrachtaí Taighde agus Táscairí Feidhmíochta 30
Forbairt Infreastruchtúir 30
Tosaíocht Straitéiseach: Fuinneamh agus Comhshaol 31
Tosaíocht Straitéiseach: Cultúr, Eacnamaíocht agus Sochaí 32
Tosaíocht Straitéiseach: Sláinte 34
Tosaíocht Straitéiseach: Eolas, Ríomhaireacht agus Cumarsáid 37
Tosaíocht Straitéiseach: Agraibhia 39
Cláir, Lárionaid agus Institiúidí Mór-Thaighde UCD 40

**Nuálaíocht agus Comhpháirtíocht** 41
Uasmhéadú ar Thionchar Faisnéise agus Saineolais UCD 42
Nuálaíocht agus Fiontraíocht a Chothú ag an Tríú agus ag an gCeathrú Leibhéal 46
Nuálaíocht a Chothú i measc Fhoireann UCD 46

**Eispéireas Mac Léinn** 47
Seirbhísí Tacaíochta agus Riaracháin do Mhic Léinn 48
Spóirt, Cumainn agus Gníomhaíochtaí Eile 50

**Fondúireachtaí Cumasúcháin** 51
Airgeadas 52
Acmhainní Daonna 53
An Leabharlann, Bainistiú Faisnéise agus Eolais 54
Caidreamh Ollscoile 55
Forbairt agus Caidreamh Alumni 56
Forbairt Chaipitil 58
Dámhachtainí agus Gradaim 59




1


2


3



4


5


6


7

# Réamhrá ón Dr Hugh Brady, Uachtarán UCD

## Fís

Ba bhliain í ina ndearnadh dul chun cinn suntasach agus seasta i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Is féidir go bhfuilimid ag maireachtáil i dtréimhse dhúshlánach ach chuir Plean Straitéiseach UCD go 2014 *Intinní Domhanda a Chruthú* bonn daingean ar fáil ar a dtógaimid i gcónaí. D'éirigh go maith linn i roinnt mhaith réimsí ar fud na hOllscoile i rith 2012/13, go háirithe i réimsí an idirnáisiúnaithe, an taighde agus forbartha campais.

Bhí éifeachtaí ag tábhacht– agus go deimhin rathúlacht – ár n-iarrachtaí idirnáisiúnaithe ar an Ollscoil ag roinnt leibhéal agus ní ó thaobh an airgeadais amháin. Cuireann sé lenár gcáil idirnáisiúnta, meallann sé mic léinn idirnáisiúnta d'ardchaighdeán, cuireann sé níos mó deiseanna ar fáil do mhic léinn Éireannacha staidéar a dhéanamh thar lear, cruthaíonn sé deiseanna fostaíochta do scoláirí gairme luath agus leathnaíonn sé ár gcomhoibriú taighde idirnáisiúnta. Tá méadú mór tagtha ar mhaoiniú taighde, ardú de 50% air ar an mbliain seo caite. Is toradh díreach é seo ar shaineolas agus ar obair chrua ár bhfoirne agus taighdeoirí a fheidhmíonn ar fud an champais. Go hinmheánach, leanann campas UCD air ag teacht chun cinn go tapa, saoráidí den scoth á gcur ar fáil dár mic léinn agus don fhoireann, chomh maith leis an bpobal áitiúil, laistigh de thimpeallacht a chomhnascann tírdhreachú cuí leis an áilleacht nádúrtha.

Tá ár bPlean Straitéiseach bunaithe ar thrí cholún; an t-oideachais, an taighde agus an nuálaíocht, agus tá siad seo á gcur chun cinn againn trí cháilíocht ár bhfoirne acadúla, láidreacht ár gclár agus intinní, iarrachtaí agus tallanna ár mac léinn. Ar ndóigh beidh tuilleadh oibre ag teastáil lenár nOllscoil a chur chun cinn, ach táimid ag obair le chéile lenár n-eolas agus ár saineolas a chomhcheangal chun leasa UCD, agus chun leasa geilleagair, cultúir agus sochaí na hÉireann freisin.

## Oideachas

Sna cúinsí eacnamaíochta náisiúnta agus domhanda atá ag dul ar aghaidh faoi láthair is scéal dearfach é tuairisc a thabhairt faoi fhás de 2.4% ar dhaonra mac léinn. Faoin bPlean Straitéiseach is príomhfhócas san oideachas é an sciar d'iarchéimithe agus de mhic léinn idirnáisiúnta a mhéadú. Baineadh é seo amach i rith na bliana agus ardú de bheagnach 4% ar líon na mac léinn iarchéime agus ardú de 9.3% ar an líon idirnáisiúnta. Ó thaobh rannpháirtíochta na gcohórt mac léinn seo den daonra mac léinn foriomlán is ionann mic léinn iarchéime agus idirnáisiúnta agus 29.3% agus 21.9% faoi seach. Tháinig méadú freisin ar líon na mac léinn neamhthraidisiúnta chomh maith agus is ionann iad anois agus 23% de dhaonra na mac léinn ag an leibhéal fochéime.

Mar chuid de na hiarrachtaí seo, agus chun tacú lenár bhfócas ar idirnáisiúnú, tháinig méadú ar líon na gclár iarchéime. Tabharfar 60 clár múinte eile isteach an bhliain seo chugainn.

## Taighde

I rith 2012/13, tugadh tosaíocht leantach do na mórthéamaí taighde. D'aithin an Ollscoil cúig thosaíocht straitéiseacha a ailíníonn le cuspóirí beartais taighde náisiúnta agus le dúshláin domhanda reatha.

Is ionann an méadú 50% i gconarthaí taighde maoinithe go seachtrach a síníodh i 2012/13 agus €113.1 milliún de mhaoiniú. Fágann sé seo go bhfuilimid ar ais beagnach go dtí na buaicleibhéil a baineadh amach idir 2007 agus 2009, rud a bhfuil gealladh maith faoi don Ollscoil. Is mór an chreidiúint agus an tacaíocht é rathúlacht dá leithéid dár dtaighdeoirí, aird á tharraingt ar a seasamh taighde sa phobal. Ar rathúlachtaí móra a baineadh amach i rith 2012/13 bhí dámhachtain Fhondúireacht Eolaíochta na hÉireann (SFI) agus an tionscail de bhreis agus €70 milliún go INSIGHT, a bhfuil ról ceannaireachta ag UCD ann. Tá INSIGHT ceaptha ardán taighde náisiúnta a chur ar fáil i dteicneolaíocht chumarsáide agus faisnéise, le béim ar leith ar shonraí eolaíochta agus Sláinte Cónasctha. Comhcheanglaíonn sé saineolas na dtrí ionad taighde de chuid UCD atá ann cheana agus is dian iarracht ollmhór go fírinneach é a bhfuil tábhacht náisiúnta leis. Féadfaimid a bheith bródúil, le húdar, as rannpháirtíocht UCD.

Ba chóir go mbeadh buntáiste mór ag maoiniú taighde sna blianta atá romhainn le tabhairt isteach Horizon 2020. Is tionscnamh ceannródaíoch Eorpach é seo, ag dul ó 2014 go 2020, agus buiséad de thart ar €70 billiún aige. Agus é dírithe ar iomaíochas domhanda a bhaint amach don Eoraip, tá an clár taighde agus nuálaíochta mar chuid den mhór iarracht le fás nua agus jabanna a chruthú san Eoraip. Féachfaidh taighdeoirí UCD air seo mar dheis sármhaith lena dtaighde a bhrú chun tosaigh.

## Nuálaíocht

Tá UCD tiomanta go hiomlán dá phríomhról in éiceachóras malartaithe faisnéise agus nuálaíochta na hÉireann, mar chumasóir fáis eacnamaíochta agus mar rannpháirtí d'fhorbairt shóisialta agus eacnamaíochta araon. Is í sprioc na hOllscoile luach agus cáilíocht ghníomhaíochtaí nuálaíochta UCD a leathnú agus a fheabhsú.
Tá sé seo á bhaint amach trí chéimithe a fhorbairt le saineolas nuálaíochta agus trí chomhpháirtíocht le tionscal, comhaontuithe ceadúnais, comhadú paitinne agus nochtadh fionnachtana. Bhí roinnt mhaith rathúlachtaí i rith na bliana, lena n-áirítear Lárionad Comhpháirtíochta Tionscail NexusUCD, a d'oscail An Taoiseach Enda Kenny TD. Is cuid d'éabhlóid leanúnach cumas nuálaíochta UCD é agus tairgeann sé cóiríocht ardcháilíochta do chuideachtaí seanbhunaithe treoraithe ag an nuálaíocht a chomhoibríonn le bonn taighde den scoth de chuid UCD. D'fhógair ICON, soláthraí domhanda de sheirbhísí forbartha seachfhoinsithe do na tionscail chógaisíochta, bhitheicneolaíochta agus fearais liachta, comhpháirtíocht straitéiseach le UCD, lena n-áirítear bunú Comhaltachta Newman ICON sa Ghéanómaíocht. Sa chomhpháirtíocht le Elan Corporation plc, a bunaíodh anuraidh, ceapadh Ollamh Elan le Gnó na Teicneolaíochta agus d'fhág bronntanas flaithiúil ó Tullow Oil gur ceapadh Ollamh Tullow Oil le Geo-eolaíochtaí Peitriliam.

## Idirnáisiúnú

Tá UCD ar an Ollscoil Éireannach is rathúla san idirnáisiúnú, ag cruthú níos fearr ná aon ollscoil Éireannach eile maidir le líon na mac léinn ar chláir mhalartaithe, mic léinn idirnáisiúnta i mbun staidéir in Éirinn agus mic léinn thar lear ag dul do chláir chreidiúnaithe staidéir de chuid UCD.

AR LEAN AR LCH 4



Áirítear ar an gceann is follasaí dár n-iarrachtaí idirnáisiúnaithe ná an méadú substainteach ar ár ndaonra mac léinn idirnáisiúnta agus éagsúlacht agus saibhreas an tsaoil a eascraíonn dá bharr in Belfield á bhfeabhsú ag na mic léinn ó 124 tír. Ach téann tábhacht an idirnáisiúnaithe, áfach, thar líon na mac léinn amach: téann sé chun tairbhe na sochaí domhanda trí thaighde, tri chruthú jabanna agus trí cheangail eacnamaíocha. Ghluais mic léinn agus lucht acadúil UCD ó thír go tír, caidreamh agus comhpháirtíochtaí á mbunú acu, eolas á scaipeadh agus pobal domhanda á thógáil. Cuireann an Ollscoil raon ilghnéitheach staidéir ar fáil thar lear mar aon le deiseanna saorálaíochta dá mic léinn Éireannacha.

Tá caidreamh na hOllscoile leis an tSín, agus an díriú isteach uirthi, ann i gcónaí. Thug Coláiste Idirnáisiúnta Beijing-Baile Átha Cliath (BDIC) a chéad chlár céime isteach in 2012. Is comhthionscnamh é BDIC idir UCD agus Ollscoil Teicneolaíochta Beijing, agus d'fhaomhaigh Aire Oideachais na Síne an institiúid nua seo don ardoideachais in 2012. Lean foireann ó UCD orthu ag tabhairt cuairteanna ar an tSín i rith na bliana le mic léinn nua a mhealladh, ach le cur leis an gcaidreamh chomh maith, le teagasc agus le bheith rannpháirteach i gcomhoibrithe taighde.

Sa deireadh thiar, cuirfidh tionscnaimh dá leithéid ar ár gcumas ár n-iontaobh ar mhaoiniú ón Státchiste a laghdú. Táimid ag súil freisin go mbainfidh leithéidí Fiontraíocht Éireann, IDA agus eagraíochtaí cultúrtha eile leas as campais UCD thar lear agus iad ag iarraidh a naisc leis an tSín agus le tíortha eile ina bhfuilimid bunaithe, a dhaingniú.

## Airgeadas

Tá na dúshláin airgeadais atá roimh an earnáil ollscoile in Éirinn ann i gcónaí agus laghduithe leanúnacha ar mhaoiniú Stáit. Chuir Comhaontú Bhóthar Haddington, a tháinig i bhfeidhm in Iúil 2013, tuilleadh dúshlán trí dhul i bhfeidhm go díreach ar an bhfoireann. Bhí UCD ag leanúint de phlean chun an bearna maoinithe a dhúnadh trí chomhcheangal de ghiniúint ioncaim agus bearta cost-éifeachtúlachta. Dá thoradh, leanann ioncam na hOllscoile ó fhoinsí neamh-Státchiste ag méadú agus seasann anois ag breis agus 50% dár láimhdeachas bliantúil iomlán.

Bhí a thuilleadh scéalta dearfacha ann in 2012/13, agus an barrachas ionchais ag cur ar chumas UCD fáil réidh lena easnamh carnach. Agus an meath ar mhaoiniú Stáit á chur san áireamh, léiríonn sé seo tiomantas agus iarrachtaí ollmhóra ár bhfoirne. D'ainneoin na gciorruithe maoinithe, a raibh luach na ndeicheanna de mhilliúin i gceist leo, d'éirigh le foireann UCD líon na mac léinn a mhéadú agus cáilíocht ár gclár acadúla a choinneáil.

## Fondúireacht UCD

Leanann UCD ag fáil tacaíochta féile ó Fhondúireacht UCD de bharr bronntanas catalaíoch ó alumni, ó chairde, ó chuideachtaí, ó iontaobhais agus ó fhondúireachtaí. Ní bheadh ár nIonad Eolaíochta nua ná ár Scoil Dlí tar éis dul thar an chéim phleanála murach tacaíocht dhaonchairdiúil deontóirí atá ar thús cadhnaíochta mar Denis O'Brien agus Peter Sutherland, agus an iliomad alumni agus cairde eile a thacaigh leis na feachtais.

Ar an gcaoi chéanna, bhí David O'Reilly ina chatalaíoch do bhunú Institiúid Fuinnimh UCD. Tá sé seo tar éis cur go dlúth leis an gcultúr de mheaitseáil bhronnta le tionscadail a choinneáil ar an mbóthar ceart. D'ainneoin ár gcumha faoina imeacht neamhthráthúil, tá George Moore ina eiseamláir i gcónaí dá gcéimithe agus dár mac léinn agus spreagann a leagáid chun airgead a thabhairt ar ais dá *alma mater* tacaíocht fhial daoine eile.

Chuir Fondúireacht UCD tacaíocht riachtanach ar fáil d'earcú dáimhe agus do scoláireachtaí mac léinn, agus bhí ról lárnach aici i maoiniú Ionad Rochtana UCD agus an *tAcadamh Ad Astra*, a bhfuil timpeallacht tiomanta agus oiliúnach á cruthú aige dár mic léinn is fearr.

## Forbairt an champais

Ba bhliain ghnóthach í ó thaobh infreastruchtúr na hOllscoile de. Leanaimid orainn, tríd ár bpleananna forbartha caipitiúla, ag cruthú na dtimpeallachtaí inar féidir lenár mic léinn, taighdeoirí agus lucht acadúil an tslí ina mairimid a chruthú, a nuáil agus a fheabhsú.

D'oscail An Taoiseach Enda Kenny TD, Lárionad Mac Léinn UCD go foirmiúil i Samhain 2012. Tá an Lárionad tar éis cur go mór le campas Belfield lena saoráidí den scoth atá ar fáil do mhic léinn, don fhoireann agus don phobal áitiúil. Is fócas anois é do ghníomhaíocht spóirt, chruthaíochta agus shóisialta ar champas Belfield.


Bhí an dara céim de Lárionad Eolaíochta Uí Bhriain UCD beagnach tugtha chun críche ag deireadh na bliana. Áireofar ann saoráidí nua agus athchóirithe, a thacaíonn le saolré an eolaí ó leanaí scoile go dtí an ollscoil go dtí fiontraithe na todhchaí, ár n-eacnamaíocht á brú chun cinn. Beidh Scoil Dlí Sutherland UCD réidh don fhómhar in 2013. Cinntíonn nuálaíocht i ndearadh agus i dtógáil go dtógfar í go dtí na caighdeáin is airde agus ag teacht le dea-chleachtais inbhuanaitheachta. Tá foirgneamh Chóras Bitheolaíochta Éireann beagnach críochnaithe chomh maith. Leanann obair ar infreastruchtúr na hOllscoile ar aghaidh in áiteanna eile agus na pleananna leis an Newman Joyce Precinct ag tulstaid. Tá sin á leagan amach le hionchur acadúil chun cur le hacmhainneacht acadúil, cláir, infreastruchtúr agus tacaíochtaí do mhic léinn.

Tugadh aird ar leith ar an dearadh agus ar cháilíocht an tírdhreachaithe ar champas Belfield agus ar fhorbairt bhreise Siúlóidí Coillearnaí UCD. Is ábhar spéise é go bhfuair an ghné seo d'fhorbairt an champais moladh níos mó ná an clár tógála féin.

## Conclúid

Faoi chathaoirleacht Dermot Gallagher, leanann an tÚdarás Rialaithe ag tairiscint treorach agus taithí ríthábhachtach agus sinn ag cur fís straitéiseach UCD chun cinn. Tá ár bhfoireann freisin tar éis aghaidh a thabhairt ar na dúshláin, rólanna agus freagrachtaí breise á nglacadh chucu féin chun a chinntiú go bhfaigheann na mic léinn an caighdeán is airde oideachais.

Agus cúinsí eacnamaíochta reatha mar atá, ba bhliain dúshlánach eile í 2012/13. Léiríonn an chaoi ar thugamar aghaidh ar na dúshláin seo ár seiftiúlacht agus ár ndiongbháilteacht. Dá réir, is é Plean Straitéiseach UCD go 2014 *Intinní Domhanda a Chruthú* an bhunchloch i gcónaí agus sinn ag iarraidh eolas a chur chun cinn, coinneáil leis an bhfírinne agus foghlaim a chothú. Táimid tiomanta coinneáil leis an sármhaitheas san oideachas, i dtaighde agus sa nuálaíocht, agus leagann an tuarascáil seo amach an chaoi a bhfuil an tiomantas sin á sheachadadh againn.



**Hugh Brady**
**An tUachtarán**



1

# COLÁISTÍ

Cuimsíonn struchtúr acadúil na hOllscoile seacht gcoláiste agus 38 scoil. Éascaíonn siad ailíniú mórdhisciplíní agus clár fochéimithe agus céimithe. Feabhsaíonn siad infheictheacht clár do mhic léinn ionchasacha, do thionscal agus don Rialtas agus tacaíonn le rannpháirtíocht UCD leis an gclár nuálaíoch náisiúnta.

# CLÁR


| | |
|---|---|
| Coláiste na Talmhaíochta, na hEolaíochta Bia agus an Leighis Tréidliachta UCD | 6 |
| Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD | 8 |
| Coláiste Gnó agus Dlí UCD | 10 |
| Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD | 12 |
| Coláiste na nEolaíochtaí Sláinte UCD | 14 |
| Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD | 16 |
| Coláiste na hEolaíochta UCD | 18 |
| Struchtúr Eagraíochtúil UCD | 20 |

## Coláiste na Talmhaíochta, na hEolaíochta Bia agus an Leighis Tréidliachta UCD

www.ucd.ie/agfoodvet

### Plean straitéiseach

Bunaíodh Coláiste na Talmhaíochta, na hEolaíochta Bia agus an Leighis Tréidliachta UCD i Meán Fómhair 2011, agus cuimsíonn sé Scoil Talmhaíochta agus Eolaíochta Bia UCD, agus Scoil an Leighis Tréidliachta UCD. Feidhmíonn na scoileanna go neamhspleách ach roinneann siad tiomantas straitéiseach chun cáilíocht na gclár, earcú mac léinn agus taighde a fheabhsú. Tá siad tiomanta do chur leis an téarnamh eacnamaíochta náisiúnta trína rannpháirtíocht i dtionscnaimh náisiúnta. Tá dul chun cinn déanta ag na scoileanna i dtreo ioncaim neamh-Státchiste a mhéadú agus tá cláir nuálaíocha á seachadadh acu (céimí agus idirnáisiúnta) a dhéanfaidh ranníocaíocht shuntasach d'airgeadas UCD agus a laghdóidh a n-iontaoibh ar mhaoiniú Stáit.

I rith na bliana thug an dá scoil aghaidh ar chuspóirí teagaisc, taighde, nuálaíochta agus idirnáisiúnaithe Phlean Straitéiseach UCD go 2014 *Intinní Domhanda a Chruthú*. Tá raon de chaidrimh institiúide, idirnáisiúnta fadtéarmacha agus inbhuanaithe á bhforbairt chun deiseanna atá leathnaithe go suntasach a sholáthar do shoghluaiseacht agus malartú mac léinn mar aon le nuálaíocht a chothú i measc mac léinn agus na foirne.

### Forbairtí go dtí seo

D'fhág an tsuim mhéadaithe i gcláir an Choláiste gur forbraíodh céimeanna Máistreachta nua in: Eolaíocht Eachaí Fheidhmeach; Eolaíocht Ainmhí; Barraí agus Fuinneamh Glas; agus Bia, Cothú agus Sláinte (a sheachadfar ar líne). Bhí suim idirnáisiúnta i Leigheas Tréadliachta thar a bheith láidir agus mic léinn ó SAM, ó Cheanada, ó Shingeapór, ón tSeapáin agus ón Rúis á scaoileadh isteach chuig cláir Baitsiléir Tréidliachta. Choinnigh Scoil Talmhaíochta agus Eolaíochta Bia UCD uirthi ag forbairt agus ag leathnú amach a naisc idirnáisiúnta láidre le hearcú an chéad chohórt de 30 mac léinn go dtí clár nua fochéime le hOllscoil Talmhaíochta na Síne Theas.

Bhain an fhoireann ardráta rathúlachta amach i gcláir thaighde maoinithe go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Ghin Príomh-Imscrúdaitheoirí laistigh de Scoil Talmhaíochta agus Eolaíochta Bia UCD €8.3 milliún i ndeontais ó ghníomhaireachtaí maoinithe, lena n-áirítear Fondúireacht Eolaíochta Éireann, Fiontraíocht Éireann, agus an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia. Rinne Comhairle Tréidliachta na hÉireann urraíocht ar shraith dámhachtainí (lena n-áirítear Comhaltacht Newman, scoláireacht PhD agus coimisiúin d'acmhainní ar líne). Chuir beirt d'fhoireann an Choláiste tuarascála móra beartais ar fáil a tharraing aird ar thábhacht Thionscail Eachspóirt Éireann agus na hEarnála Bólachta agus Caorach do gheilleagar na hÉireann. Chomh maith leis seo bronnadh ballraíocht in Acadamh Ríoga na hÉireann ar an Ollamh Mark Crowe, bhí an tOllamh David Brayden ar an gcéad eolaí as Éirinn ar bronnadh Comhaltacht air ón Controlled Release Society, agus ceapadh an tOllamh Mike Gibney ina Chathaoirleach ar Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

Léiríodh tacaíocht an Choláiste do chlár nuálaíochta UCD tríd an dámhachtain don Ollamh Dolores O'Riordan, Ollamh le hEolaíocht Bia, ar bronnadh Gradam Tráchtálaithe Eolaíocht na Beatha Fiontraíocht Éireann uirthi dá ciontairbhe don nuálaíocht in earnáil an bhia. Fuair an Coláiste maoiniú freisin do Lárionad mór Déiríochta nua ag Eastát Lyons, arbh fhiú €2 milliún é, le tacaíocht comhpháirtithe tionscail. Seoladh seirbhís éigeandála nua comhfhiontair – Ospidéal Éigeandála Peataí Belfield – i 2013. Tá sé á reáchtáil ag UCD i gcomhar le cuibhreannas de ghnólachtaí tréidliachta príobháideacha.

D'óstáil an Coláiste ceithre chomhdháil idirnáisiúnta. Thug an *Knowledge Transfer Conference*, a d'eagraigh Teagasc agus UCD, aghaidh ar a bhfuil in ann do Sheirbhísí Comhairleacha Feirme, agus d'óstáil Lárionad UCD do Ghníomh Daonnachtúil an *Humanitarian Roundtable Meeting* chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna beartais daonnúla suntasacha. Eagraíodh an dá chomhdháil seo mar chuid d'Uachtaránacht na hÉireann ar an AE. Dhírigh an tríú comhdháil ar Gháis Cheaptha Teasa agus Talmhaíocht Ainmhí, agus reáchtáladh an ceathrú ceann, Vet Ed 2013, i UCD, agus áiríodh ann léiriúcháin ó fhoireann UCD.

**Tá dhá scoil i gColáiste na Talmhaíochta, na hEolaíochta Bia agus an Leighis Tréidliachta:**

**Príomhoide an Choláiste:** An tOllamh Michael Monaghan

**Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia UCD**
*Ceann Scoile/Déan*
An tOllamh Alexander Evans

**Scoil an Leighis Tréidliachta UCD**
*Ceann Scoile/Déan*
An tOllamh Grace Mulcahy

**Amhail Deireadh Fómhair 2012*




1



2




3



4



5



6




7

1. An Coiste Eagraithe Áitiúil (clé go deas) ag 5ú Chomhdháil Eolaíochta Ghás Ceaptha Teasa agus Talmhaíocht Ainmhithe (GGAA), a tionóladh i UCD, 23-26 Meitheamh 2013: Dale Crammond, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (Urraitheoirí an Teidil); An Dr Karina Pierce, UCD; An Dr Richard Dewhurst, Teagasc; An Dr Frank O'Mara, Teagasc; agus An Dr Tommy Boland, UCD

2. Sa ghrianghraf (clé go deas) ag Comhdháil Teagasc agus UCD *Knowledge Transfer 2013*: an tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir, Teagasc; Tom Kelly, Stiúrthóir Knowledge Transfer, Teagasc; Inge Van Oost, An Coimisiún Eorpach, DG Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe; and Uachtarán UCD, An Dr Hugh Brady. Comhdháil idirnáisiúnta a bhí ann, arna reáchtáil ag Teagasc agus UCD an 12-14 Meitheamh 2013

3. Thug an tOllamh Temple Grandin léacht ar Ainmhithe Feirme a Mharú go Daonnachtúil chuig lucht éisteachta d'os cionn 300 mac léinn agus altra tréidliachta, daoine gairmiúla sa tréidliacht agus aíonna, ag UCD an 5 Aibreán 2013

4. Mic léinn sa bhliain deiridh agus baill foirne ag éisteacht leis an Dr Aidan Cotter, CEO, Bord Bia, le linn Lá na nGairmeacha na Talmhaíochta, na hEolaíochta Cothaithe agus an Chothaithe Daonna UCD. Labhair an Dr Cotter agus An Dr Matt Dempsey, Iar-Eagarthóir leis an *Irish Farmers Journal* (agus iarchéimithe na hEolaíochta Talmhaíochta UCD an bheirt acu). Bhí os cionn 30 seastán ag an aonach gairmeacha

5. Sa ghrianghraf (clé go deas) ag Searmanas Bronnta Céimeanna na nEolaíochta Talmhaíochta UCD an 3 Meán Fómhair 2012: an tOllamh Maurice Boland, Príomhoide, Coláiste na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD; An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Simon Coveney TD; An Dr Owen Killian, (faighteoir oinigh) céimí Eolaíochta Talmhaíochta UCD agus CEO Aryzta Ag; Uachtarán UCD, An Dr Hugh Brady; agus an tOllamh Alex Evans, Ceann Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Chothaithe UCD

6. Mic léinn leigheas tréidliachta ag *Dogs Trust Rehoming Centre*, Fionnghlas. Cuireann Scoil an Leighis Tréidliachta UCD seirbhísí cliniciúla ar fáil ag an Ionad, agus faigheann mic léinn cuid dá n-oiliúint chliniciúil faoi mhaoirsiú tréidlianna foirne UCD

7. Taispeántas Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Chothaithe UCD ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i bPáirc an Fhraoigh, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman. D'fhreastail thart ar 180,000 duine ar an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, an taispeántas trádála is mó in Éirinn, an 25-27 Meán Fómhair 2012

# Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD

www.ucd.ie/artsceltic

## Plean straitéiseach

In 2012/13, bhain Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD roinnt cuspóirí amach ag teacht le fís agus le haidhmeanna Phlean Straitéiseach UCD go 2014 *Intinní Domhanda a Chruthú*.

Chuir an Coláiste lena láidreachtaí sa taighde, sa teagasc agus san fhoghlaim agus chuir freisin lena fhís do sheachadadh taighde agus oideachas d'ardchaighdeán sna hEalaíona agus sna Daonnachtaí. Trína chláir fhochéime agus iarchéime, léiríodh tiomantas an Choláiste don sármhaitheas agus do cháilíocht trí dhámhachtainí teagaisc foirne, athbhreithnithe cáilíochta agus suirbhéanna mac léinn. Chonacthas dul chun cinn suntasach i rith na bliana de rannpháirtíocht an Choláiste le cuspóir straitéiseach an idirnáisiúnaithe, an fhoireann bainteach níos mó agus níos mó le comhoibrithe taighde agus teagaisc le hollscoileanna thar lear, go príomha sa tSín. Tá cáil an Choláiste dá thaighde ag dul i méid agus iliomad imeachtaí ardphróifíle agus maoiniú náisiúnta agus idirnáisiúnta araon á fháil aige.

## Forbairtí go dtí seo

Cuireadh tús leis an ullmhúchán do thionscadal forbartha caipitiúil Newman Joyce Precinct, i gcomhar le Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD, Leabharlann James Joyce, agus Foirgnimh agus Seirbhísí UCD. Ceapadh an tOllamh Margaret Kelleher ina Stiúrthóir Acadúil tionscadail don Choláiste. Déanfaidh an tionscadal seo athshamhlú ar shaoráidí taighde agus teagaisc sna hEalaíona agus sna Daonnachtaí. Tá an phleanáil ag dul ar aghaidh go tapa agus tá na páirtithe leasmhara uile tiomanta don phróiseas.

D'fhorbair Scoil Chéimithe an Choláiste, faoi stiúir an Dr Alexander Wilkinson, réamheolaire nua Staidéar Iarchéime, ag díriú ar infhostaitheacht agus ar eispéiris na mac léinn. D'fhorbair an Scoil freisin tiomáint chumarsáide spriocdhírithe chun mic léinn BA ardfheidhmíochta a choinneáil agus díríonn an sárthaispeántas céimithe ar líne ar mhianach agus ar éagsúlacht taighde iarchéime. Tugadh an chéad PhD i Stair na Seapáine chun críche in 2012/13, clochmhíle i gcomhthéacs réimsí taighde agus nuálaíochta sa Choláiste atá ag leathnú amach.

Choinnigh an Coláiste air ag forbairt réimsí gníomhaíochta taighde comhoibríocha, idirdhisciplíneacha agus nuálaíocha, mar na daonnachtaí digiteacha. Threoraigh an Leas-Phríomhoide Taighde agus Nuálaíochta, an Dr Lynda Mulvin, a lán tionscnamh i gcomhpháirt le Taighde UCD. Áiríodh orthu seo téamaí taighde nua a fhorbairt agus cleachtadh chun saineolas taighde an Choláiste a mhapáil go téamaí taighde a bhí ann cheana agus a bhí ag teacht chun cinn. Cuireadh tús le hullmhúcháin chun díriú isteach ar a thuilleadh deiseanna maoinithe AE, go háirithe Horizon 2020, trí chomhoibriú trasdhisciplíneach. Thosaigh an tOllamh Margaret Kelleher agus an tOllamh Ron Pinhasi, arbh iad an Litríocht agus Drámaí Angla-Éireannach, agus Paiiléigéiníocht, faoi seach, a réimsí taighde, ag obair leis an gColáiste.

I dTeagasc agus Foghlaim bhain an Dr Naomi McAreavey Dámhachtain Teagaisc an Uachtaráin. Chomhordaigh agus sheachaid an Leas-Phríomhoide Teagaisc agus Foghlama, an tUasal Feargal Murphy, rolladh amach na chéad bliana de mhodúl scileanna staidéar Tús Eolais ar na hEalaíona do gach mac léinn na céime BA, a raibh 1,400 duine i gceist. Bhí an Coláiste rannpháirteach sa tionscnamh Ollscoile ar Champas Idirnáisiúnta Beijing Baile Átha Cliath (BDIC), agus modúil á seachadadh ag na hOllúna Gabriel Cooney agus Muiris O'Sullivan i mBeijing. Mhéadaigh an Coláiste líon na mac léinn idirnáisiúnta a tógadh isteach, go háirithe ó na Stáit Aontaithe, chun an clár Mac Léinn Céadbhliana a bhí le teacht a fhorbairt agus chun an tionscnamh don Bhliain Shóisearach Thar Lear a bhí ann cheana a leathnú amach.

### Tá Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD comhdhéanta d'ocht scoil:

**Príomhoide an Choláiste:** An tOllamh Maeve Conrick
**Leas-Phríomhoide:** An tOllamh Liam Mac Mathúna
**Stiúrthóir Scoil na gCéimithe:** An Dr Alexander Wilkinson

**Leas-Phríomhoide Teagaisc agus Foghlama:** An tUasal Feargal Murphy
**Leas-Phríomhoide Taighde agus Nuálaíochta:** An Dr Lynda Mulvin

**Scoil na Seandálaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Tadhg O'Keeffe

**Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha UCD**
*Ceann Scoile*
An Dr John Loughman

**Amhail Meán Fómhair 2012*

**Scoil na gClasaicí UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Theresa Urbainczyk

**Scoil Bhéarla, Drámaíochta agus Scannánaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Anne Fogarty

**Scoil Staire agus Cartlannaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An Dr John McCafferty

**Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Liam Mac Mathúna

**Scoil na dTeangacha agus na Litríochta UCD**
*Ceann Scoile*
An Dr Michael Brophy

**Scoil an Cheoil UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Julian Horton

**Déan na nDán** An Dr Joe Brady




1



2



3



4



5

1. Sa ghrianghraf (clé go deas) ag seoladh atáirgeadh macasamhlach den iris *Lia Fáil, Irisleabhar Gaeilge Ollscoil na hÉireann:* An Dr Maurice Manning, Seansailéir NUI; an tOllamh Liam Mac Mathúna, Ceann na Scoile Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta UCD agus eagarthóir an eagráin nua; agus an tUachtarán Michael D. Higgins. An chéad eagarthóir ar an iris seo ar léann nua-aimseartha na hÉireann ná iar-Uachtarán na hÉireann, Dubhghlas de hÍde, nuair a bhí sé ina Ollamh le Gaeilge in UCD

2. Chuir Ceolfhoireann Shiansach UCD tús lena ceiliúradh ar chomóradh 10 mbliana le taibhiú de Choral Symphony le Beethoven, ag an gCeoláras Náisiúnta i mí na Samhna. Ciarán Crilly a stiúir an cheolfhoireann agus chas Scoláirí Córúla UCD agus Ceolfhoireann Fhiolarmónach UCD leo (faoi stiúir Desmond Earley agus Orla Flanagan, faoi seach)

3. Bronnadh céim ar an Dr Fintan Hoey, scoláire IRCHSS agus comhalta Dochtúireachta Fhondúireacht na Seapáine, ag searmanas bronnta céimeanna UCD i mí na Nollag. Airson a bronnadh an chéad PhD riamh i Stair na Seapáine ag ollscoil Éireannach. Is é UCD an t-aon ollscoil in Éirinn a chuireann cúrsaí i stair na Seapáine agus i gCaidreamh Idirnáisiúnta AE-SA-na hÁise Thoir ar fáil ag leibhéal céime. Sa ghrianghraf (clé go deas) tá: An Dr Declan Downey, maoirseoir PhD, Scoil na Staire agus na gCartlann, UCD; An Dr Fintan Hoey; agus Ambasadóir na Seapáine chun na hÉireann, Chihiro Atsumi

4. An tOllamh Gabriel Cooney, Scoil na Seandálaíochta UCD, le duine de na mic léinn ar bhuaiteoirí iad ag Lá Oscailte Beijing Ambasáid na hÉireann, mar chuid de Lá Oscailte Ambasáid an AE do Dhaoine Óga, 15 Bealtaine 2013

5. Tionóladh comhdháil AE dar teideal *Innovation, Reflection and Inclusion: The Role and Contribution of the Humanities and Social Sciences*, ag Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA), i mí Bealtaine 2013. Sa ghrianghraf (clé go deas): an tOllamh Luke Drury, Uachtarán, RIA; Máire Geoghegan-Quinn, Coimisinéir AE do Thaighde, Nuáil agus Eolaíocht; an tOllamh Maeve Conrick, Príomhoide Choláiste na nDán agus an Léinn Cheiltigh UCD; An Dr Michael Geary, Ollscoil Maastricht agus WooAn Drow Wilson Scholar; an tOllamh Margaret Kelleher, Cathaoirleach Litríocht Angla-Éireannach agus Drámaíocht, UCD; agus an Dr John Bell, Ceann Caibinéid, An Coimisiún Taighde, Nuála agus Eolaíochta, agus céimí de chuid UCD

6. Grianghraf de *Paris à Dublin* le mac léinn Fraincise, Sorcha Cusack, buaiteoir Chomórtas Grianghraf Seachtain na Fraincise UCD 2013

7. Sa ghrianghraf ag oscailt na comhdhála débhliantúla den *International Society of Anglo-Saxonists*, san Ard-Mhúsaem an 28 Iúil 2013, bhí eagraithe na heagraíochta, an tOllamh Mary Clayton (ar chlé), Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD, agus an Dr Alice Jorgensen (ar dheis), Scoil an Bhéarla, Coláiste na Tríonóide Bhaile Átha Cliath, le haoi speisialta, Seamus Heaney



6



7

# Coláiste Gnó agus Dlí UCD

www.ucd.ie/businessandlaw

## Plean straitéiseach

Choinnigh dhá scoil an Choláiste orthu ag dul i dtreise, a bhfócas ar thaighde agus ar nuálaíocht, agus ar idirnáisiúnú ag dul i méid.

Sheol Scoil Ghnó UCD mórfheachtas forbartha, dírithe ar a ról a láidriú in athsmaoineamh a dhéanamh ar ghnó, infheistíocht dhíreach iasachta a chothabháil agus fiontar dúchasach a scálú. Tacóidh an feachtas leis na tionscnaimh seo trí acmhainní a ghiniúint do thaighde agus do theagasc i réimsí mar an tsochaí dhigiteach, seirbhísí airgeadais agus nuálaíocht i mbia.

Ag coinneáil lena misean straitéise, 'Transforming Law', thug Scoil Dlí UCD a feachtas forbartha do Scoil Dlí nua Sutherland UCD chun críche a chuirfidh ar chumas na Scoile: foghlaim ó thaithí a fheabhsú; coinneáil le príomhthéamaí taighde i gCearta an Duine, Coireolaíocht, an Dlí Eorpach agus Rialachas Rialála; rannpháirtíocht níos láidre a bheith aici le alumni, le beartas agus le pobail cleachtaidh; agus, níos ginearálta, braistint níos láidre pobail a chothú laistigh den Scoil.

Agus tábhacht an mhargaidh oideachais domhanda á aithint, chuir an dá Scoil le scála agus scóip a gcomhoibrithe idirnáisiúnta agus leathnaigh a gcarachtar idirnáisiúnta trí earcú idirnáisiúnta méadaithe mac léinn agus dáimhe araon.

## Forbairtí go dtí seo

Lean cáilíocht de bheith ina chuid thábhachtach den fócas uileghabhálach. Choinnigh Scoil Ghnó UCD a creidiúnú triarach le hathnuachan rathúil a creidiúnaithe don Association to Advance Collegiate Schools of Business (AACSB), tar éis dian-athbhreithnithe agus cuairt ar an suíomh. Rinneadh a rangú idirnáisiúnta, ar tháscairí cáilíochta tábhachtacha iad, go háirithe do mhic léinn idirnáisiúnta, a chothabháil agus a leathnú. Chonaic an dá Scoil cáilíocht mac léinn fheabhsaithe thar roinnt bearta.

Thug an dá Scoil freisin athrú chuig breis foghlama ó thaithí ar aird, cláir intéirneachta agus socrúcháin leathnaithe á gcur isteach i modúil. Chuaigh 'Conair Nuálaíochta' beo ag Scoil Ghnó Quinn UCD, agus feicfear tuilleadh diansaothraithe ar an treocht seo ag Scoil Dlí UCD le hoscailt a hIonaid Oideachais Dhleathaigh Chliniciúil.

Tháinig méadú ar chomhoibriú na Scoileanna: lena chéile trí fhaomhadh Máistreachta nua nuálaíoch i nGnó agus i nDlí Idirnáisiúnta, ar rud uathúil in Éirinn é; le scoileanna comhpháirtíochta nua go hidirnáisiúnta; agus i dtaighde áit a raibh taighdeoirí ó Scoil Ghnó UCD mar chuid d'fhoireann na hOllscoile ar éirigh léi mórmhaoiniú a bhaint amach do thaighde i Sláinte Nasctha.

Áiríodh ar na mórchomhdhálacha Seimineár Bliantúil Chumann na Scoláirí Dlíthiúla, a óstáladh lasmuigh den Ríocht Aontaithe den chéad uair ag Scoil Dlí UCD; agus EUROMA, comhdháil idirnáisiúnta Chomhlachas Bainistíochta Oibríochtaí na hEorpa a raibh Scoil Ghnó UCD ina hóstach uirthi.

Mhéadaigh an dá Scoil ioncam ó fhorbairt ghairme agus ghearrchúrsaí. Forbraíodh clár singil ar leibhéal an mháistir de chuid Scoil Dlí UCD chun cur ar chumas gairmithe dlí modúil aonair ar an leibhéal iarchéime a thógáil chun creidmheasa a chnuasach a dhíreodh ar theastas, dioplóma nó céim mháistreachta, mar aon le pointí CPD. Léirigh Oideachas Feidhmiúchán ag Scoil Ghnó UCD fás láidir ar ioncam, go háirithe ó chláir tionscail shaincheaptha.

Lean an líon mac léinn ag dul i méid agus léirigh Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit UCD, go háirithe, buaic-mhéadú san éileamh ar chláir iarchéime. Chuir sé seo le rochtain idirnáisiúnta na Scoile, agus breis agus 45% den rollú curiarrachta seo nárbh Éireannaigh iad.

Ar fhorbairtí tábhachtacha eile áirítear an dámhachtain *Scoil Dlí na Bliana* ar UCD ag Dámhachtainí Dlí na hÉireann de chuid Danske Bank i mbliana, agus dul chun cinn foirgníochta Scoil Dlí nua Sutherland UCD, atá sceidealta le hoscailt go hoifigiúil i bhfómhar 2013. Threisigh Scoil Ghnó UCD a struchtúir chomhairleacha le hathstruchtúrú Bhoird Chomhairleacha Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit UCD, agus cruthú Bhoird Straitéisigh dá gcomhfhiontair san Áise Thoir Theas.

### Tá Coláiste Gnó agus Dlí UCD comhdhéanta de dhá scoil:

**Príomhoide an Choláiste:** Professor Ciarán Ó hÓgartaigh

**Scoil Ghnó UCD**
*Ceann Scoile/Déan*
An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh

**Scoil Dlí UCD**
*Ceann Scoile/Déan*
An tOllamh Colin Scott

**Amhail Meán Fómhair 2012*




1



2



3




4




5



6



7



8

1. An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh, Déan Scoil Ghnó UCD (sa lár), le Scoláirí Aspire (ó chlé go deas) Andrea Lyng, Claire O'Hara, Jamie Fahy, agus Pamela Uddin. Tá na scoláireachtaí, a cumasaíodh ag deontóir nár thug a (h)ainm, ar fáil go speisialta do dhaoine nach mbeadh d'acmhainn acu staidéar ag Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit UCD murach iad. Is é aidhm an deontóra go gcuirfidh scoláireachtaí Aspire le téarnamh gheilleagar na hÉireann

2. Sa ghrianghraf (clé go deas) ag searmanas críochnaithe tógála Scoil Dlí Sutherland UCD, a osclófar amach in 2013: Peter Sutherland, an tOllamh Colin Scott, agus Uachtarán UCD, An Dr Hugh Brady

3. Mic léinn dlí Ciara McManus agus Nicholas Liddane sa ghrianghraf leis an bPríomh-Bhreitheamh Susan Gageby Denham. Roghnaíodh na mic léinn le déanaí ina rannpháirtithe UCD ag an gcéad chlár intéirneachta Uaschúirte in Éirinn

4. Sa ghrianghraf (clé go deas) ag bricfeasta gnó MSc i gCleachtas Margaíochta, áit ar chas mic léinn le ceannairí gnó: Pat O'Doherty, Príomhfheidhmeannach ESB; Orlagh McGrath, Bainisteoir Tráchtála, An Clár Forbartha Margaíochta (MDP); Katherine Aylmer, Comhairleoir Margaíochta, MDP; Eoin O'Malley, Comhairleoir Margaíochta, MDP; agus an Gobharnóir Governor Martin O'Malley, Gobharnóir Stát Maryland

5. Bhronn an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairi Quinn TD, teastas athchreidiúnaithe AACSB ar Ashley Hughes, Léachtóir agus ar an Ollamh Tony Brabazon, Stiúrthóir Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit UCD. Is é sin ceann de na creidiúnaithe is fearr sa domhan agus is í Scoil Ghnó UCD an t-aon scoil in Éirinn a thuill an creidiúnú sin

6. An tOllamh Gerald L. Neuman (sa lár), Ollamh J. Sinclair Armstrong le Dlí Idirnáisiúnta, Coigríche agus Dlí Comparáideach ag Scoil Dlí Harvard, a thug Léacht Comórtha Kelly i mbliana. In éineacht leis sa ghrianghraf tá an tOllamh Colin Scott, Déan Dlí, agus Suzanne Egan, léachtóir sa Dlí Cearta Daonna Eorpacha agus Idirnáisiúnta

7. Alumnus na Bliana, Scoil Ghnó UCD, Alan Ennis, Scoil Ghnó Quinn UCD, agus Caroline Casey, Michael Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit UCD

8. Mic léinn Patrick Fitzgerald (ar chlé) agus Michael O'Dwyer, ar a bronnadh gradam Rannchuidiú Arthur Cox leis an Saol Ollscoile, le Jane Babb as Arthur Cox

## Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD

www.ucd.ie/eacollege

### Plean Straitéiseach

Le tamall anuas d'athraigh agus d'fhorbair gairmeacha na hAiltireachta agus na hInnealtóireachta go suntasach. Tháinig deiseanna nua chun cinn de réir mar a bhogann an domhan i dtreo téarnaimh eacnamaíochta. Is í fís Choláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD a bheith ina Choláiste idirnáisiúnta ceannródaíoch, aghaidh á thabhairt ar cheisteanna domhanda a dteastaíonn réitigh dhomhanda uathu. Is é misean an Choláiste a bheith ina cheannaire domhanda i ngnéithe den Innealtóireacht agus den Ailtireacht, agus i dtaighde idirnáisiúnta, i dteagasc agus i bhfoghlaim chomh maith. Bainfear é seo amach trí phríomhchláir idirnáisiúnta agus náisiúnta a reáchtáil i gcomhoibriú dlúth le tionscal. Leis an gcruthaíocht mar fhócas lárnach tá sé i gceist ag an gColáiste sármhaitheas i ndearadh agus i nuálaíocht a fhorbairt tuilleadh trí fheabhsú agus trí fhorbairt chomhoibrithe idirdhisciplíne idirnáisiúnta agus náisiúnta nua agus iad siúd atá ann cheana.

### Forbairtí go dtí seo

Ba phríomhfhócas i gcónaí é an t-idirnáisiúnú don Choláiste agus síníodh Meabhráin Tuisceana i 2012/13, le Scoil na nUirlisí Beachta agus Optaileictreonaice, in Ollscoil Tianjin, agus le Scoileanna na hAiltireachta agus Ailtireachta Cabhlaigh, an Aigéin agus na hInnealtóireachta Sibhialta in Ollscoil Jiao Tong i Shanghai. Chomh maith leis seo síníodh comhaontú malartaithe le hOllscoil na hEolaíochta agus na Teicneolaíochta Hong Cong.

In 2012, d'fhaomhaigh Aireacht Oideachais na Síne bunú Choláiste Idirnáisiúnta Beijing Baile Átha Cliath (BDIC), le faomhadh freisin ó UCD mar Choláiste aitheanta de chuid UCD. Thosaigh sé in 2013, agus ba é an chéad chlár céimithe a bhí le seachadadh i mBeijing ná Innealtóireacht Idirlíon na nEarraí, á threorú ag Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Cumarsáide UCD. Tá sé seo á sheachadadh i gcomhar le Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta. Ceapadh an tOllamh David FitzPatrick mar Phropast (Príomhoifigeach Acadúil) ar BDIC.

Bronnadh Bonn Ulysses UCD 2012 ar dhuine de na céimithe is oirirce i Scoil na hAiltireachta UCD, Kevin Roche (BArch 1945), a bhain aitheantas agus iliomad gradaim ar fud an domhain dá chuid oibre. Áirítear ann cuid de na foirgnimh is íocónaí agus is mó tionchair i Meiriceá Thuaidh sa dara leath den 20ú haois. Anuas air seo, bhain baill foirne Sheila O'Donnell agus John Tuomey an Gradam cáiliúil Icon do Chleachtadh Ailtireachta Idirnáisiúnta na Bliana i Nollaig 2012. I 2013, sheol Scoil Ailtireachta UCD a céad chlár ar líne, an Dioplóma Gairmiúil san Ailtireacht, mar chuid de thionscnamh UCD ar líne. Seoladh Máistreacht nua in Eolaíocht na hAiltireachta (Tírdhreach) chomh maith.

Ba phríomhréimse tosaíochta í fuinneamh don Choláiste i gcónaí, agus d'fhaomhaigh an tÚdarás Rialaithe bunú Institiúid Fuinnimh nua UCD i mBealtaine 2013. Bhí ról ceannaireachta ag roinnt de phríomhfhoireann an Choláiste, lena n-áirítear na hOllúna Orla Feely, Mark O'Malley agus Don MacElroy i múnlú an tionscnaimh nua seo. Ceapadh an tOllamh Orla Feely mar Chathaoirleach ar Chomhairle Taighde na hÉireann freisin.

Lean maoiniú taighde an Choláiste air ag dul in airde agus breis is an ceathrú cuid de curtha ar fáil ag an gCoimisiún Eorpach. Chláraigh an Coláiste dhá ghradam ERC freisin agus tá coinne leis an tríú ceann. Ina theannta sin, bhí an *Synthesis and Solid State Pharmaceutical Cluster*, ar cheann de sheacht n-ionad den scoth a fuair maoiniú faoin infheistíocht €300 milliún ag an Rialtas agus tionscail i gClár Ionad Taighde SFI. Is Comhphríomh-Imscrúdaitheoir é an tOllamh Brian Glennon, Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD, sa chnuasach.

### Tá Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD comhdhéanta de sé scoil:

**Príomhoide an Choláiste/Déan na hInnealtóireachta:** An tOllamh Gerald Byrne
**Leas-Phríomhoide agus Déan Comhlach Clár Múinte Innealtóireachta:** An tOllamh Michael Bruen
**Déan na hAiltireachta:** An tOllamh Hugh Campbell
**Déan Comhlach na hAiltireachta:** An tUasal Dan Sudhershan
**Leas-Phríomhoide Taighde agus Nuálaíochta agus Stiúrthóir Scoil na gCéimithe:** An tOllamh Tony Fagan
**Leas-Phríomhoide Teagaisc agus Foghlama:** An tOllamh Colm O'Donnell
**Leas-Phríomhoide don Idirnáisiúnú agus don Fhorbairt:** An tOllamh David FitzPatrick

**Scoil na hAiltireachta UCD**
*Ceann Scoile/Déan*
An tOllamh Hugh Campbell

**Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Francis Butler

**Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Don MacElroy

**Scoil na hInnealtóireachta Comhshaoil, Struchtúr agus Sibhialta UCD**
*Ceann Scoile*
An Dr Mark Richardson

**Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Cumarsáide UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Tom Brazil

**Scoil na nInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Michael Gilchrist

**Amhail Meán Fómhair 2012*

















**1. An tOllamh Gerald Byrne (ar chlé) agus PJ Rudden, Uachtarán, Cumann Céimithe Innealtóireachta (ar dheis). Sa ghrianghraf le buaiteoirí Bonn Ór Innealtóireachta agus Ailtireachta 2013: Ian Kenny; Innealtóireacht Cheimiceach agus Bithphróiseála; Robert O'Donoghue, Innealtóireacht Mheicniúil; An Dr Dras Dankhazi, Ailtireacht, Claire Dunne, Innealtóireacht Bhithchórais; Raymond Carley, Innealtóireacht Leictreonach; Eoghan Power, Innealtóireacht Shibhialta; agus Conor O'Malley, Innealtóireacht Leictreach**

**2. Bhí Laura Tobin, mac léinn PhD le Braisle Thaighde Straitéiseach Thiontú Grianfhuinnimh UCD, i measc na gcéad céimithe a fuair Teastas i Nuálaíocht agus Fiontraíocht ó *Acadamh Nuálaíochta TCD-UCD* an 30 Aibreán. Sa ghrianghraf (clé go deas) le Laura: UCD Uachtarán, An Dr Hugh Brady, David Corish, mac léinn PhD, TCD, agus An Dr Paddy Prendergast, Propast TCD**

**3. Tá Liam Madden, céimí san Innealtóireacht Leictreonach UCD, ag barr a réime sa tionscal domhanda leictreonaice, agus is é Leas-Uachtarán Corparáideach Xilinx Corporation, in Silicon Valley, California. Ghlac sé le post le déanaí mar Ollamh Taca i Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Cumarsáide UCD**

**4. Kevin Roche, buaiteoir Bonn Ulysses 2012, céimí as Scoil na hAiltireachta UCD, sa ghrianghraf leis an Ollamh Hugh Campbell, Ceann Scoil na hAiltireachta UCD**

**5. Thaispeáin Stiúideo Scoil na hAiltireachta UCD saothar stiúideo le mic léinn ó chlár nua MArch UCD**

**6. Bronnadh an gradam Icon do Chleachtadh Ailtireachta Idirnáisiúnta na Bliana ar Sheila O'Donnell agus ar an Ollamh John Tuomey, as Scoil na hAiltireachta UCD, ag searmanas i Londain, Nollaig 2012**

**7. In 2012/13, chuaigh UCD isteach san *Engineers Without Borders (EWB) UK Challenge*. Tugadh mar dhúshlán do mhic léinn innealtóireachta chéad bliana dearaí tionscadail coincheapa a cheapadh do phobail i Vítneam. Thaistil an fhoireann Cormac Ó Meadhra agus Amy O'Keeffe go hOllscoil Coventry i Meitheamh chun a dtionscadal, dar teideal *Toilet Turtle* - córas leithris tirim easbhrúiteoir-bhunaithe, báirse-shuite, a chur i láthair. Sa ghrianghraf (clé go deas) tá: Mark Price, Mark Price Architects; Aoife Wilson, Uachtarán EWB Ireland; An Dr Vikram Pakrashi, An Coláiste Ollscoile Corcaigh; An Dr Amanda Gibney, UCD; Keith Finglas, Innovation Delivery Limited; agus Alistair Cook, Ceann na Foghlama, EWB UK**

**8. An Dr David Browne (ar chlé) ar foluain i ndomhantarraingt nialasach le comhghleacaí ó Chorparáid Spáis na Sualainne, ar mhisean Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa. In éineacht le mac léinn PhD UCD Andrew Murphy, rinneadar turgnaimh le héifeacht na domhantarraingthe ar sholadú cóimhiotal a mheas**

# Coláiste na nEolaíochtaí Sláinte

www.ucd.ie/chs

## Plean Straitéiseach

Cuimsíonn Coláiste na nEolaíochtaí Sláinte UCD raon leathan clár taighde, oiliúna agus oideachais sna heolaíochtaí bithleighis agus i gcúram sláinte in Éirinn agus thar lear. Tá an Coláiste comhdhéanta de thrí scoil: Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD; Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte UCD; agus Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus Eolaíocht an Daonra UCD. Is lárionad sármhaitheasa é an Coláiste in oideachas agus i dtaighde cúram sláinte agus is rannpháirtí mór é do sheachadadh cúram sláinte trí Ghrúpa Ospidéal Oirthear na hÉireann a bunaíodh le deireanaí. Is prionsabal lárnach de chuid an Choláiste forbairt leantach oideachais cúram sláinte trí fhorbairt clár, tabhairt isteach cláir iarchéime nua, feabhsúcháin in eispéireas na mac léinn agus glacadh le teicneolaíocht agus modhanna teagaisc nuálaíocha. Tá an Coláiste i gcroílár téama taighde straitéisigh UCD chun Sláinte agus Cúram Sláinte a Sheachadadh lena meascán uathúil de bhuneolaíocht, de mhíochaine aistritheach, sláinte phoiblí, taighde seirbhíse sláinte agus míochaine spóirt. Agus ag teacht leis an aidhm straitéiseach líon na mac léinn idirnáisiúnta a mhéadú, meallann an Coláiste mic léinn ó gach cearn den domhan agus tá Scoil Leighis Penang bunaithe aige sa Mhalaeisia, lena chomhpháirtí, RCSI.

## Forbairtí go dtí seo

Tá UCD i gcroílár Ghrúpa Ospidéal Oirthear na hÉireann (IEHG), a bunaíodh in Aibreán 2013. Is é an ceann is mó de sé líonra ospidéal acadúil a bunaíodh mar chuid d'athstruchtúrú an chórais sláinte náisiúnta. Tá an IEHG comhdhéanta de 11 ospidéal agus freastalaíonn ar 1.1 milliún de phobal na hÉireann. Áirítear ann Ionad Leighis Acadúil Bhaile Átha Cliath ar chomhpháirtíocht é idir UCD agus a dhá mhór-ospidéal oiliúna: Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae; agus Grúpa Ospidéal Naomh Uinseann. Tá líonra comhtháite ospidéal agus soláthraithe cúram príomhúil á fhorbairt ag IEHG agus é d'aidhm aige iontaobhas cúram sláinte neamhspleách a bhunú áit a bhfuil taighde agus oideachas lárnach do sheachadadh sármhaitheasa i gcúram othar. Is deis uathúil é an IEHG don Choláiste chun a chláir taighde agus oideachais a fhorbairt agus cur le cúram sláinte an cheathrú chuid de phobal na hÉireann.

Choinnigh an Coláiste air ag cur a chláir taighde idirdhisciplíneacha chun cinn ar fud an champais agus níos leithne in Éirinn. Áirítear anseo an tIonad Taighde um Fhorbairt Daonna agus Óige nuabhunaithe, á threorú ag an Ollamh Richard Tremblay ó Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus Eolaíocht an Daonra UCD.

Bhí taighdeoirí i gColáiste na nEolaíochtaí Sláinte UCD rannpháirteach i roinnt mór-ionaid a bhí maoinithe faoin bplean gnímh Tosaíocht Taighde Náisiúnta. Áiríodh orthu seo INSIGHT, an Lárionad Anailísíochta Sonraí Náisiúnta, á threorú ag an Ollamh Barry Smyth de chuid UCD. Bhronn Fondúireacht Eolaíochta Éireann €42m air agus chuir tús lena oibríochtaí in Iúil 2013. Tugann INSIGHT ionaid in DCU, NUIG, UCC agus UCD le chéile le dul ag obair ar 'Sonraí Móra'. Is mórfhócas de chuid INSIGHT é Sláinte Nasctha, á threorú ag an Ollamh Brian Caulfield ó Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus Eolaíocht an Daonra UCD. Tá an clár ceaptha tógáil ar rathúlacht an Ollúna Caulfield agus an Taighde Teicneolaíochta don chlár Maireachtáil Neamhspleach (TRIL) á threorú aige, a bhfuil teicneolaíochtaí núíosacha forbartha acu don mhaireachtáil chúnta. Bhunaigh an fhoireann chéanna Taighde Feidhmeach don Sláinte Nasctha (ARCH), a oibríonn le comhpháirtithe tionscail chun teicneolaíochtaí cúram sláinte núíosacha a fhorbairt, mar feistí leighis inchaite.

### Tá Coláiste na nEolaíochtaí Sláinte UCD comhdhéanta de thrí scoil:

**Príomhoide an Choláiste:** An tOllamh William Powderly (eatramhach)

**Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD**
*Ceann Scoile/Déan*
An tOllamh William Powderly

**Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte UCD**
*Ceann Scoile/Déan*
An Dr Martin McNamara

**Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus Eolaíocht an Daonra UCD**
*Ceann Scoile/Déan na Sláinte Poiblí*
An tOllamh Cecily Kelleher

**Déan na Fisiteiripe**
An Dr Tara Cusack

**Amhail Meán Fómhair 2012*




1



2



3



4



5



6

1. **Sa ghrianghraf (clé go deas): an tOllamh Amir Khir, Déan Choláiste Leighis Penang, agus an Dr Nur Izzah Binti Ibrahim Osman, an 1000ú céimí ón gColáiste sin, ar comhthionscnamh é idir UCD agus RCSI**

2. **Buaiteoirí bonn i nGradaim Taighde Mic Léinn sa Samhradh 2012, (clé go deas) Sean Owens (cré-umha), Elisa D'Arcangelo (ór), agus Mark Savage (airgead), le cathaoirleach an chláir, An Dr Amanda McCann, Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD**

3. **Uachtarán UCD, An Dr Hugh Brady, leis an Uasal Tom Lynch (ar chlé) agus an tOllamh Charles Serhan, a fuair céimeanna oinigh ag searmanas bronnta céimeanna an leighis agus altranais 2013**

4. **Bhailigh baill foirne agus mic léinn ó Scoil an Leighis agus an Leighis UCD do Shearmanas bliantúil na gCótaí Bána, chun aistriú chuig oideachas cliniciúil lán-aimseartha na mac léinn a chomóradh**

5. **Sa ghrianghraf le Elizabeth Adams, Ollamh Comhlach Taca UCD agus Cumann Altraí agus Ban Cabhrach na hÉireann (INMO) Stiúrthóir na Forbartha Gairmiúla, (ar cúl, ceathrú duine ar chlé) agus An Dr Tom O'Connor (ar dheis), ag Scoil Shamhraidh Idirnáisiúnta Altranais UCD, bhí mic léinn altranais ó Ollscoil Connecticut, Purdue, Ollscoil Georgetown, Ollscoil Wisconsin, Madison, agus St Anselm**

6. **Rang 2013 i Leigheas UCD ag ceiliúradh bhronnadh céimeanna ag Halla Uí Raghallaigh, i Meitheamh 2013**

7. **Toghadh an tOllamh Cormac Taylor (ar chlé) Ollamh Comhlach, Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD chuig Acadamh Ríoga na hÉireann i Meitheamh 2013, mar aitheantas ar a ghnóthachtan as cuimse san eolaíocht. Sa ghrianghraf (clé go deas) Cormac Taylor ; an tOllamh Luke Drury, Uachtarán, Acadamh Ríoga na hÉireann; Patrick Guiry, Ollamh le Ceimic Orgánach Sintéiseach, Ceann Scoil na Ceimice agus na Ceimbhitheolaíochta UCD; agus Mark Crowe, Ollamh Comhlach, Scoil an Leighis Tréidliachta UCD**



7

# Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD

www.ucd.ie/humansciences

## Plean straitéiseach

Cuireann Plean Straitéiseach UCD go 2014 *Intinní Domhanda a Chruthú* béim ar an riachtanas cur le hathghiniúint ratha eacnamaíoch, faisnéis nua a fhorbairt agus dúshlán fírinní a bhfuil glacadh leo a thabhairt. Chun tacú leo seo tá Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD tar éis díriú ar choinneáil agus ar earcú straitéiseach príomhbhall foirne, eispéireas agus foghlaim mac léinn a fheabhsú, tacú le haschur agus le tionchar taighde, agus an t-idirnáisiúnú agus rannpháirtíocht shochaíoch a dhoimhniú.

In 2012/13 díríodh taighde an Choláiste, go háirithe, ar phríomhréimse taighde téamach na hOllscoile de Chultúr, Eacnamaíocht agus Sochaí, leis na fo-théamaí: Céannacht, Coimhlint agus Cuimsiú; Beartas Poiblí Eiticiúil agus Nuálaíoch agus Cur leis an Réimse Poiblí; Forbairt agus Rath an Duine / Folláine Leanaí agus na hÓige; agus Cathracha Cliste. Choinnigh na cláir fhochéime orthu (an BA, á sheachadadh i bpáirt le Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD, agus Baitsiléir na nEolaíochtaí Sóisialta) ag mealladh líon mór agus éagsúil mac léinn, atá lárnach i spriocanna oideachais na hOllscoile, lena n-áirítear rannpháirtíocht a leathnú. Bhí mealladh clár máistreachta agus dochtúra ag éirí níos mealltaí i gcónaí do mhic léinn idirnáisiúnta agus baile araon.

## Forbairtí go dtí seo

Lean feabhsú teagaisc agus foghlama ar aghaidh ag díriú ar thacaíocht a thabhairt don aistriú isteach san ollscoil agus don dul ar aghaidh trí chláir fhochéime. Ba mhodúl príomhshrutha an chéad bhliain ar Fhoghlaim don Rathúlacht ag an Ollscoil agus chruthaigh Meantóireacht Piara thar a bheith tairbhiúil. Tugadh roinnt clár nua múinte isteach ag an leibhéal iarchéime, agus déanfar an MSc nua cúig bliana sa Mhatamataic, san Eolaíocht agus san Oideachas (a mbeidh cáilíocht mhúinteora iar-bhunscoile mar thoradh air) a sheachadadh i gcomhar le Coláiste na hEolaíochta UCD.

Cuireann maoiniú suntasach a fuarthas ó fhoinsí idirnáisiúnta agus náisiúnta taca faoi ghníomhaíochtaí taighde an Choláiste i gcónaí. Áiríodh orthu seo dámhachtainí nua agus leantacha ón Seachtú Creat de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, agus cláir Marie Curie. Lean maoiniú ón gComhairle um Thaighde in Éirinn, faoina Tionscnamh Forbartha Taighde, agus ó Chomhaltachtaí agus ó Scoláireachtaí Iar-Dhochtúrachta lena ról suntasach, mar a rinne scéim Síolchistithe UCD féin agus raon leathan foinsí maoinithe eile.

I rith na bliana d'eagraigh an Coláiste agus a Scoileanna comhpháirteacha roinnt seimineár agus comhdhálacha ardghradaim. Tionóladh an 2ú Scoil Earraigh Garret FitzGerald UCD ar an téama Éire san Eoraip Tar Éis 40 Bliain, le príomhaitheasc oscailte ón Ollamh Patrick Honohan, Gobharnóir an Bhainc Ceannais. Eagraíodh mórchomhdhálacha eile ar théamaí ó: An Dream Éagsúil iad na hÉireannaigh?; Heidegger agus an rud Polaitiúil; Mná agus an Pholaitíocht thar Thraidisiúin Fhealsúnacha; Idir Heidegger, Levinas agus Derrida; agus Caoinfhulaingt agus Éagsúlacht in Éirinn– Thuaidh agus Theas. Thug an tOllamh Noam Chomsky (MIT) léacht ar 'Can Civilisation Survive Really Existing Capitalism?' agus bronnadh Bonn Ulysses UCD air. Thug an tOllamh John McDowell (Ollscoil Pittsburgh) Léachtanna Agnes Cumming san Fhealsúnacht, agus bronnadh dochtúireacht oinigh air. Reáchtáladh an 5ú Comhchomhdháil den Chomhlachas Scoileanna Pleanála Eorpacha (AESOP) agus Comhlachas Scoileanna Pleanála Coláisteacha Mheiriceá Thuaidh (ACSP) i UCD in Iúil, agus d'fhreastail breis agus 1,200 toscaire ó 50 tír orthu.

Toghadh an tOllamh David Farrell d'Acadamh Ríoga na hÉireann. Bronnadh Bonn Óir sna Daonnachtaí de chuid Acadamh Ríoga na hÉireann ar an Ollamh Dermot Moran agus fógraíodh freisin go raibh sé ina Uachtarán tofa ar Chónaidhm Idirnáisiúnta na gCumann Fealsúnachta. Bronnadh Gradam THESEUS don Sár-Thaighde ar an Lánpháirtiú Eorpach 2012 ar an Ollamh Brigid Laffan. Toghadh an tOllamh Emeritus Anne Buttimer ina Leas-Uachtarán ar Academia Europaea. Bhain an tOllamh Dympna Devine, an tOllamh Maria Baghramian agus an Dr Áine Kelly dámhachtainí Scoláireachtaí Éireannacha Fulbright.

### Tá Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD comhdhéanta de dheich scoil:

**Príomhoide an Choláiste:** An tOllamh Brian Nolan
**Stiúrthóir Scoil na gCéimithe:** An Dr Conor Galvin
**Leas-Phríomhoide Teagaisc agus Foghlama:** An Dr Barbara Dooley
**Leas-Phríomhoide Taighde agus Nuálaíochta:** An tOllamh Alun Jones
**Leas-Phríomhoide Idirnáisiúnaithe:** An Dr Jos Elkink

**Scoil an Léinn Shóisialaigh Fheidhmeannaigh**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Bryan Fanning

**Scoil na hEacnamaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Paul Devereux

**Scoil an Oideachais UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Ciaran Sugrue

**Scoil na Tíreolaíochta, na Pleanála agus Polasaí Comhshaoil UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Zorica Nedovic-Budic

**Scoil an Léinn Eolais agus na Leabharlannaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An Dr Lee Komito

**Scoil na Fealsúnachta**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Maria Baghramian

**Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh David Farrell

**Scoil na Síceolaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Alan Carr

**Scoil na Córa Sóisialta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Kathleen Lynch

**Scoil na Socheolaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Sinisa Malesevic

**Déan na nDán**
An Dr Joe Brady

**Déan na hEolaíochta Sóisialta**
An tOllamh Suzanne Quinn

**Amhail Meán Fómhair 2012*

1



2



3



4



1. Sa ghrianghraf leis an Ollamh MIT Noam Chomsky (sa lár) bhí comhaltaí de Scoil na Fealsúnachta UCD (clé go deas): An Dr Jim O'Shea, an tOllamh Dermot Moran, an tOllamh Maria Baghramian (Ceann na Scoile), agus an Dr Mahon O'Brien

2. Bronnadh Bonn Ór Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA) sna Daonnachtaí 2012 ar an Ollamh Dermot Moran, Scoil na Fealsúnachta UCD, mar aitheantas ar an méid as cuimse a rinne sé sa réimse. Sa ghrianghraf (clé go deas) ag searmanas na ngradam: an tOllamh Eugene Kennedy, Rúnaí don Eolaíocht, RIA; Coimisinéir AE do Thaighde, Nuáil agus Eolaíocht, Máire Geoghegan–Quinn; an tOllamh Luke O'Neill, Scoil na Bithcheimice agus na hImdhíoneolaíochta TCD; an tOllamh Dermot Moran; an tOllamh Luke Drury, Uachtarán, RIA; agus an tOllamh Colm Lennon, Rúnaí Daonnachtaí, RIA

3. Bronnadh an gradam THESEUS don Sár-Thaighde ar an Lánpháirtiú Eorpach 2012 ar an Ollamh Brigid Laffan (ar chlé), ag Catherine Day, Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh

4. Sa ghrianghraf (clé go deas) ag searmanas na nGradam Fulbright do scoláirí UCD i gCaisleán Bhaile Átha Cliath: An Dr Dympna Devine, Scoil Oideachais UCD; Neave O'Clery; Ciarán Ó Braonáin; an tOllamh Maria Baghramian, Ceann Scoil na Fealsúnachta UCD; An Dr Philip Larkin; an tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh, Déan na Scoile Gnó, UCD; Colleen Dube, Stiúrthóir Feidhmeannach, Coimisiún Fulbright; Garret Sweeny; Kieran McCarthy; An Dr Sandra Scanlon; An Dr Ronan Sugrue; agus an Dr Áine Kelly, Scoil na Fealsúnachta UCD

5. Tionóladh an 5ú Comhdháil den Chomhlachas Scoileanna Pleanála Eorpacha (AESOP) agus North American Association of Collegiate Schools of Planning (ACSP) ag UCD, 15-19 Iúil 2013. Sa ghrianghraf (clé go deas) ag an oscailt: An tOllamh Brian Nolan, Príomhoide Choláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD; an tOllamh Thomas Elmqvist, Stockholm Resilience Centre; an tAire Tithíochta agus Pleanála, Jan O'Sullivan TD; an tOllamh Zorica Nedovic-Budic, Ceann Scoil na Tíreolaíochta, na Pleanála agus an Pholasaí Comhshaoil UCD; agus Uachtarán UCD, an Dr Hugh Brady

6. Tionóladh comhdháil de Thaighde Idirnáisiúnta ar Íomháú agus Breathnóireacht (RIO) i UCD i mBealtaine. Sa ghrianghraf (clé go deas): An tOllamh Craig Hall (Western University, Ceanada) agus Comheagraí, an tOllamh Aidan Moran, Scoil na Síceolaíochta UCD

5



6



# Coláiste na hEolaíochta UCD

www.ucd.ie/science

## Plean straitéiseach

Clúdaíonn Coláiste na hEolaíochta UCD raon disciplíní atá ríthábhachtach don oideachas, don nuálaíocht agus don taighde i bpríomhréimsí mar an Domhan, Fuinnimh agus Comhshaol; Sláinte; Eolas agus Cumarsáid; agus Agraibhia. Ar dhisciplíní Eolaíochta UCD a léirítear trí sheacht Scoil, áirítear eolaíochtaí bitheolaíocha, ceimiceacha, geolaíocha, matamaiticiúla, fisiciúla agus ríomhaire, mar aon le hairgeadas, eolaíocht achtúireach, meitéareolaíocht agus eolaíochtaí bithchógaisíochta.

San oideachas, coinníonn an Coláiste air ag cur cláir ardchaighdeáin ar fáil, rogha á thairiscint do mhic léinn náisiúnta agus idirnáisiúnta, eolas ábhartha agus eispéireas tairbheach mac léinn. Maidir le taighde agus nuálaíocht, tá Coláiste na hEolaíochta UCD tiomanta do thacú lena foirne agus speictream iomlán an fhiosrúcháin eolaíochta á iniúchadh acu, ón imscrúdú luath go feidhmiú iartheachtach. Toisc go n-éilíonn ceisteanna móra freagraí i gcónaí a bhaineann leas as iliomad scileanna, tacaíonn an Coláiste go mór le hinstitiúidí agus ionaid a cheadaíonn don lucht acadúil comhoibriú le comhghleacaithe thar foirne disciplíne.

## Forbairtí go dtí seo

Chuaigh céim a dó de Lárionad Uí Bhriain don Eolaíocht UCD ar aghaidh go tapa i rith na bliana. Tá sé ceaptha oscailt i bhfómhar 2013, agus léiríonn an ailtireacht sárscéimhe fealsúnacht an chomhair agus na nuálaíochta a thacaíonn le fís an tionscadail seo.

D'fheidhmigh clár BSc an Choláiste go láidir arís i mbliana, agus ardú i gcónaí ar chéad roghanna agus ar phointí CAO. Fuair clár MSc nua cúig bliana sa Mhatamaitic, Eolaíocht agus Oideachas, a forbraíodh i gcomhar le Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD (Scoil an Oideachais UCD) glacadh maith agus faomhadh ón gComhairle Mhúinteoireachta, comhlacht reachtúil ábhartha na hÉireann. Gheofar cead isteach sa chlár seo, i Meán Fómhair 2013, tríd an ghnáthiontráil BSc na hEolaíochta. Méadóidh sé seo roghanna mac léinn ó 22 go 26 rogha.

I bhfearann na gcéimithe léirigh líon na mac léinn taighde tionchar na ndeiseanna maoinithe taighde laghdaithe i gcónaí. Ach mhéadaigh cohórt na máistreachtaí múinte, áfach, de bheagnach 14%, bliain ar bhliain. Forbraíodh roinnt clár nua MSc múinte, a chuir leis an bpunann atá ann cheana. Chlúdaigh siad seo Eolaíochtaí Bitheolaíochta agus Comhshaoil, Biteicneolaíocht, Ceimic, Eolaíocht Chognaíoch, Eolaíocht Ríomhaireachta, Eolaíochtaí Geolaíochta, Eolaíochtaí Matamaiticiúla, Meitéareolaíocht, Staitisticí, Fisic agus Eolaíocht Ionsamhlúcháin.

I rith 2012/13, cuireadh iarrachtaí móra isteach i bhforbairt raon cúrsaí le freastal ar spriocghrúpa nua: foghlaimeoirí ar líne. Cláróidh Coláiste na hEolaíochta UCD an cohórt nua seo ó Mheán Fómhair 2013, á chomhlánú ag láithreán gréasáin tiomnaithe agus feachtas sna meáin.

Le dhá bhliain anuas tá an Coláiste tar éis leas a bhaint as cur chuige comhordaithe coláiste-bhunaithe le bheith rannpháirteach leis an bpobal idirnáisiúnta. I gcomhcheangal le UCD Idirnáisiúnta, thug acadóirí an Choláiste cuairt ar roinnt tíortha, lena n-áirítear SAM, an India agus an Bhrasaíl, agus bhuail le mic léinn ionchasacha, le gníomhairí, agus le hionadaithe ollscoile agus rialtais. De thoradh air seo, bhí suim mhéadaithe ó mhic léinn idirnáisiúnta ionchasacha, caidrimh níos doimhne le hollscoileanna comhpháirtithe agus forbairt tairiscintí nua a bhí dírithe ar fho-chéimithe Meiriceánacha.

Fuair acadóirí roinnt deontas ardphróifíle agus ardluacha a threisigh taighde sna réimsí seo: 'Sonraí Móra' (lena n-áirítear an infheistíocht Stáit aonair is mó i dtaighde don ionad nua INSIGHT); taighde i ngnéithe éagsúla den nádúr beo; agus taighde sa domhan agus sa chomhshaol. Maoiníodh formhór na dtionscadal seo trí fhoinsí náisiúnta (Fondúireacht Eolaíochta na hÉireann) nó idirnáisiúnta (An tAontas Eorpach).

I gcúrsaí nuálaíochta agus tráchtálaithe is sampla é Wattics (mac-chuideachta ríomhaireachta Eolaíochta agus Faisnéisíochta) den chaoi ar iompaigh taighde ina fheidhm. Chuaigh Wattics san iomaíocht go rathúil le haghaidh maoinithe ó InterTrade Ireland Seedcorn agus ainmníodh í mar an Chuideachta Is Fearr ag Teacht Chun Cinn i gcraobhchomórtas Bhaile Átha Cliath 2012 den chomórtas gnó uile-oileáin InterTradeIrelandSeedcorn.

### Tá Coláiste na hEolaíochta UCD comhdhéanta de seacht scoil:

**Príomhoide an Choláiste/Déan:** An tOllamh Joe Carthy
**Stiúrthóir Scoil na gCéimithe:** An Dr Mary Kelly-Quinn
**Leas-Phríomhoide Teagaisc agus Foghlama:** An Dr Kathy O'Boyle
**Leas-Phríomhoide Taighde agus Nuálaíochta:** An Dr Cormac Murphy
**Déan Comhlach na hEolaíochta:** An tOllamh Peter Duffy
**Déan Comhlach don Léann Idirnáisiúnta:** An tOllamh Jeremy Simpson
**Déan Comhlach don Léann Idirnáisiúnta (Meiriceá Thuaidh):** An Dr Tadhg Ó Cróinín
**Déan Comhlach do Rannpháirtíocht Níos Leithne:** An Dr Francesca Paradisi

**Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD**
*Ceann Scoile*
An Dr Thomas Gallagher

**Scoil na Ceimice agus na Ceimbhitheolaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Patrick Guiry

**Scoil na nEolaíochtaí Geolaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Stephen Daly

**Scoil na Fisice UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Pádraig Dunne

**Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bhithleighis UCD**
*Ceann Scoile*
An Dr Gethin McBean

**Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An tUasal John Dunnion

**Scoil na nEolaíochtaí Matamaitice UCD**
*Ceann Scoile*
An Dr Patrick Murphy

**Amhail Meán Fómhair 2012*










1. An tOllamh Jeremy Simpson (ar chlé), Déan Comhlach Eolaíochta UCD don Staidéar Idirnáisiúnta, ag labhairt le Suneet Singh Kochar, Ceann Oideachais Fateh, ceann de na príomhghníomhaireachtaí earcaíochtaí mac léinn san India d'Eolaíocht UCD, ag fáiltiú i nDeilí Nua

2. Grianghraf d'Ionad Eolaíochta O'Brien UCD sular osclaíodh agus sular ainmníodh go hoifigiúil é i nDeireadh Fómhair 2013

3. Sa ghrianghraf (clé go deas) ag fógairt ionad taighde ailse chíche uile-Éireann nua, arna mhaoiniú ag Cumann Ailse na hÉireann: An tOllamh John Fitzpatrick, Ceann Taighde, Cumann Ailse na hÉireann; Sharon Burrell, marthanóir ailse cíche; agus an tOllamh William Gallagher, Stiúrthóir Ionad Taighde Ailse Comhoibritheach BREAST-PREDICT de chuid Chumann Ailse na hÉireann

4. D'oscail Tionscadal AE Eolaíochta UCD a dhoras chuig an domhan mór. I Samhradh 2013, bhí an tionscadal OXYEVOL (arna mhaoiniú ag an AE), agus faoi stiúir an Ollamh Jenny McElwain, ina óstach ar chlár taithí taighde do mhúinteoirí. Thug sé deis do bheirt mhúinteoirí (bunscoile nó iarbhunscoile) ceithre seachtaine a chaitheamh le grúpa taighde Pailé-Bheitheolaíochta agus Pailé-Éiceolaíochta Plandaí UCD, le súil agus borradh a chur faoin eolaíocht i seomraí ranga na hÉireann

5. Ceapadh an matamaiticeoir a bhfuil cáil dhomhanda air, an tOllamh Cédric Villani, ina Ollamh ar Cuairt i Scoil na nEolaíochtaí Matamaitice UCD in 2013. Bronnadh Bonn Fields 2010 ar Cédric Villani, an duais do matamaiticeoirí is ionann agus Duais Nobel

6. Chabhraigh Eolaíocht UCD le tíortha san Afraic cur lena saineolas comhshaoil i rith 2013. D'oibrigh an Dr Mary Kelly-Quinn, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD, le mic léinn taighde (atá le feiceáil anseo ar thuras chuig aibhneacha ó thuaidh de Addis Ababa) in Institiúid na hAetóipe d'Acmhainní Uisce, Ollscoil Addis Ababa, mar chuid de chlár a sheachaid sí sa samhradh 2013 chun cabhrú leis an tír seo san Afraic saineolas a fhorbairt


7. Is éard is Splanc Gáma-Gha Domhanda (TGF) ann splanc gearr solais ardfhuinnimh a tharlaíonn go mistéireach os cionn stoirmeacha toirní. Tá foireann eolaithe idirnáisiúnta, an Dr Sheila McBreen, an Dr Suzanne Foley, David Tierney, Gerard Fitzpatrick agus David Byrne, ó Scoil Fisice UCD ina measc, i mbun staidéir gníomhaigh ar na feiniméin sin, ag úsáid an Monatóir Rois Ghháma-Ghathach (GBM) ar bord teileascóp Spáis Gáma-Ghathach Fermi NASA. (Creidiúint: Ionad Eitilte Spáis Goddard NASA/J. Dwyer, Institiúid Teicneolaíochta Florida)









# Struchtúr Eagraíochtúil Na hOllscoile

www.ucd.ie/president/umt

## An tÚdarás Rialaithe

## An Chomhairle Acadúil

## An Fhoireann Ardbhainistíochta

An tUachtarán

Cláraitheoir/ Leas-Uachtarán

Sparánaí

Feidhmeannas Ardbhainistíochta

### Coláistí Acadúla

- Coláiste na Talmhaíochta, na hEolaíochta Bia agus an Leighis Tréidliachta UCD
- Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD
- Coláiste Gnó agus Dlí UCD
- Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD
- Coláiste na nEolaíochtaí Sláinte UCD
- Coláiste Eolaíochtaí Daonna UCD
- Coláiste na hEolaíochta UCD

### Aonaid Riaracháin agus Tacaíochta

- Foirgnimh agus Seirbhísí
- Oifig an Sparánaí (Airgeadas)
- Caidrimh Ollscoile
- Forbairt agus Caidreamh Alumni
- Acmhainní Daonna
- Seirbhísí TF
- An Chlárlann
- Seirbhísí do Mhic Léinn
- An Leabharlann
- Taighde UCD
- Nova UCD

### Mórinstitiúidí Taighde

- Saotharlann UCD do Chórais Chasta agus Oiriúnaitheacha (CASL)
- Institiúid Mhic Con Mí an Taighde Bhithmhóilínigh agus Bhithleighis, UCD
- Institiúid Domhaneolaíochta UCD
- Institiúid Bia agus Sláinte UCD
- Institiúid Geary UCD
- Institiúid Daonnachtaí na hÉireann UCD

### Boird Cláir Acadúla

**Fochéime**

- Agraibhia, Cothú agus Eolaíochtaí Comhshaoil
- Ailtireacht agus Ailtireachta Tírdhreachaithe
- Ealaíona
- Gnó
- Innealtóireacht
- Dlí
- Leigheas agus Eolaíochtaí Sláinte
- Altranas agus Cnáimhseachas
- Eolaíocht
- Eolaíocht Shóisialta
- Leigheas Tréidliachta

**Iarchéime**

- Ealaíona agus Léann Ceilteach
- Gnó
- Innealtóireacht, Matamaitic agus Eolaíochtaí Fisiciúla
- Eolaíochtaí Daonna
- Dlí
- Eolaíochtaí Beatha

*Amhail Meán Fómhair 2012



2

# OIDEACHAS

I réimsí an teagaisc agus na foghlama, leanann misean UCD ag díriú ar sheachadadh oideachas den scoth. Tá sé seo á bhaint amach trí chaighdeáin teagaisc feabhsaithe, struchtúir churaclaim nuálaíocha, sármhaitheas i dteagasc agus i gceannaireacht oideachais, agus soláthar forbairtí teicneolaíochta forásacha. Ar na réimsí ina ndearnadh dul chun cinn suntasach áirítear: tionscnaimh chun rannpháirtíocht luath agus buan mac léinn a chothú; measúnú múnlaitheach agus suimitheach ar eispéireas mac léinn; agus rannpháirtíocht chun gnéithe a aithint a bhféadfaí feabhas a chur orthu laistigh agus lasmuigh den seomra ranga.

# CLÁR


| | |
|---|---|
| Próifíl Mac Léinn | **22** |
| Rannpháirtíocht Luath agus Bhuan Mac Léinn a Chothú | **22** |
| Cláir agus Disciplíní Acadúla a Láidriú agus a Fheabhsú | **24** |
| Cruthaitheacht, Nuálaíocht, Fiontraíocht agus Saoránacht Ghníomhach a Spreagadh | **24** |
| Oideachas Iarchéime a Fhás agus a Fhorbairt | **24** |
| Eispéireas na Mac Léinn a Chur ar Bhonn Idirnáisiúnta | **25** |
| Rannpháirtíocht a Leathnú agus Tacú le Foghlaim ar Feadh an tSaoil | **25** |
| Teagasc, Nuálaíocht san Fhoghlaim agus Forbairt Acadúil | **26** |
| Cáilíocht | **26** |

## Próifíl na Mac Léinn

In ainneoin cúinsí eacnamaíochta seachtracha a bhí deacair, tháinig méadú 2.4% ar dhaonra mac léinn iomlán UCD sa tréimhse. Baineadh méaduithe amach i bpríomhchohóirt straitéiseacha daonra mac léinn lena n-áirítear mic léinn iarchéime (beagnach 4%) agus mic léinn idirnáisiúnta (méadú 9.3%). Féach Tábla 1.

Choinnigh UCD a háit mar ollscoil chéad rogha in Éirinn, agus ardú beagnach 10% ag teacht ar chéad roghanna CAO. D'fhág sé seo gur chuir 8,509 mac léinn (méadú de bheagnach 2%) UCD mar a gcéad rogha ollscoile agus spreag iontráil i gcoitinne don Eolaíocht agus don Innealtóireacht breis agus 1,000 iarratas chéad rogha.

**Tábla 1: Próifíl na mac léinn 2012/2013**

| | 2012/2013 | | | 2012/2013 | | | % Idirnáisiúnta | Iomlán bronnta 2011/2012 | Mic léinn iomlán de réir leibhéil: athrú % ó 2010/11 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Lán-aimseartha | Páirt-aimseartha | IOMLÁN | Éirean-nach | Neamh-Éireannach | IOMLÁN | | | |
| **Céim Onóracha** | 15,198 | 226 | 15,424 | 13,604 | 1,820 | 15,424 | 11.8% | 3,369 | 2.3% |
| **Teastas/Dioplóma** | 162 | 778 | 940 | 883 | 57 | 940 | 6.1% | 644 | -12.6% |
| **Ócáideach** | 665 | 21 | 686 | 20 | 666 | 686 | 97.1% | - | -2.0% |
| **Malartú** | 995 | 5 | 1,000 | 63 | 937 | 1,000 | 93.7% | - | 12.9% |
| **Iomlán na bhFochéimithe** | **17,020** | **1,030** | **18,050** | **14,570** | **3,480** | **18,050** | **19.3%** | **4,013** | **1.8%** |
| **Dochtúireacht** | 1,437 | 205 | 1,642 | 971 | 671 | 1,642 | 40.9% | 332 | -6.3% |
| **Taighde Máistreachta** | 169 | 43 | 212 | 168 | 44 | 212 | 20.8% | 55 | -0.9% |
| **Máistreacht Mhúinte** | 2,362 | 1,265 | 3,627 | 2,493 | 1,134 | 3,627 | 31.3% | 2,433 | 7.1% |
| **Teastas/Dioplóma** | 660 | 1,119 | 1,779 | 1,545 | 234 | 1,779 | 13.2% | 1,201 | 9.7% |
| **Forbairt Ghairmiúil Leantach** | - | 223 | 223 | 193 | 30 | 223 | 13.5% | - | -1.3% |
| **Iomlán na gCéimithe** | **4,628** | **2,855** | **7,483** | **5,370** | **2,113** | **7,483** | **28.2%** | **4,021** | **3.9%** |
| **Iomlán UCD** | **21,648** | **3,885** | **25,533** | **19,940** | **5,593** | **25,533** | **21.9%** | **8,034** | **2.4%** |

## Rannpháirtíocht Luath agus Bhuan Mac Léinn a Chothú

D'fhan an fócas do 2012/13 ar rannpháirtíocht luath agus bhuan mac léinn a bhaint amach, agus béim ar leith ar an gcéad bhliain de shaolré mac léinn. Lean an tAthdhearadh ar an Tionscnamh Measúnaithe, leis an aidhm foghlaim mac léinn a fheabhsú trí mheasúnú éifeachtúil agus éifeachtach. D'fhág an tionscnamh seo laghdú ar an ualach oibre don fhoireann agus do mhic léinn, agus athrú dá réir ar an bhfócas ar mheasúnú d'fhoghlaim mac léinn a chuireann béim ar chuspóir gníomhaíochtaí measúnaithe agus tábhacht aiseolais thráthúil do mhic léinn. Ceadaíonn sé seo dóibh monatóireacht a dhéanamh ar a ndul chun cinn foghlama féin.

Ghlac 1,492 mac léinn Ealaíne céad bliana Bunchúrsa do na hEalaíona, a ndearnadh píolótú air i 2011/12, rud a thug deis dóibh na scileanna agus na hacmhainní a aithint agus a fhorbairt chun a rathúlacht ag an ollscoil a uasmhéadú.

Thug an Dr Suzanne Guerin, Comhalta i dTeagasc agus i bhForbairt Acadúil, córas ceardlainne in-ranga, taighde-bhunaithe inoiriúnaithe, isteach do mhodúil Síceolaíochta.

Mhol an Mheitheal Oibre Tacaíochta Mac Léinn go mbunófaí samhail tacaíochta mac léinn níos lánpháirtithe chun comhairle thréadach agus acadúil agus tacaíocht a sheachadadh do mhic léinn. Fágfaidh an lánpháirtiú seo comhoibriú réidh a shíneann thar shaoráidí acadúla agus tacaíochta mac léinn agus pearsanra.

### *Acadamh Ad Astra* UCD

Tá UCD tiomanta do mhic léinn a bhfuil tallann as an ngnách acu a chumasú chun a lán-acmhainneacht a bhaint amach. Trí bhallraíocht in *Acadamh Ad Astra* UCD, faigheann mic léinn meantóireacht agus comhairle a cheadaíonn dóibh sármhaitheas a bhaint amach go hacadúil, i spórt nó i dtaibhiú. I Meán Fómhair 2012, ceadaíodh 86 scoláire isteach san Acadamh: 50 den lucht Acadúil, 25 Lúthchleasaí den Scoth agus 10 ó na Taibh-Ealaíona. Tá sé dhá bhliain ar bun anois agus tá 150 scoláire ina mbaill den Acadamh.


1


2


3


4



5


6


7

1. Cohórt 2012/13 de Scoláirí *Ad Astra* UCD leis an Uasal Tony Carey, Stiúrthóir na dTaibh-Ealaíon, an tOllamh Colin Boreham, Stiúrthóir na Lúthchleasaithe den Scoth, an tOllamh Mark Rogers, Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán, agus an tOllamh Liam Kennedy, Stiúrthóir Scoláirí Acadúla

2. Sa ghrianghraf (clé go deas) leis an Ollamh Mark Rogers, Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán UCD (and dara duine ó dheas), bhí buaiteoirí gradam Ambasadóirí is Mic Léinn 2012/13: Matthew Deery, MSc i Litríocht Mheiriceá; Sally Hayden, BCL; agus Anton Katayev, BSc san Innealtóireacht. Tá fáilte curtha ag Ambasadóirí is Mic Léinn UCD roimh thart ar 40,000 cuairteoir ar champas Belfield ó bunaíodh an scéim in 2006

3. Uachtarán UCD, an Dr Hugh Brady a bhronn Gradaim Teagaisc an Uachtaráin ar (clé go deas) an Ollamh Andy Prothero, Scoil Ghnó UCD, agus ar an Dr Naomi McAreavey, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD

4. Scoláirí Acadúla *Ad Astra* UCD, Louise O'Leary, Leigheas Tréidliachta, agus Cormac Ó Meadhra, Innealtóireacht, a bhí rannpháirteach i Searmanas na nGradam *Ad Astra*, Halla Uí Raghallaigh

5. Lucht na seastán agus mic léinn ag Aonach Gairmeacha san Eolaíocht, san Innealtóireacht agus sa Teicneolaíocht 2012, arna eagrú ag Ionad Forbartha Gairme UCD

6. Thug Leabharlann UCD faoi raon tionscadal athchóirithe le déanaí chun spásanna ardchaighdeán a chur ar fáil d'úsáideoirí a fhreastalaíonn ar nósanna faisnéise agus foghlama na n-úsáideoirí atá ag athrú. Spás foghlama sóisialta ar ardchaighdeán is ea an Mol Leabharlainne UCD inar féidir le mic léinn foghlaim idirghníomhú lena chéile i dtimpeallacht neamhfhoirmiúil, solúbtha

7. Pat Felle, Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD (sa lár), ag aonach earcaíochta in Kuala Lumpur, an Mhalaeisia, i Nollaig 2012, leis an Aire Oiliúna & Scileanna ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, Ciaran Cannon TD, agus an Ambasadóir Declan Kelly

## Cláir agus Disciplíní Acadúla a Láidriú agus a Fheabhsú

Mar fhreagra ar fhorbairtí nua in oideachas ollscoile, leanann cleachtais UCD orthu ag athrú chun cláir agus disciplíní a fheabhsú. Ceadaíonn sonraí ar líne, lena n-áirítear aiseolas mac léinn agus bearta rannpháirtíochta do UCD na caighdeáin cáilíochtaí is airde teagaisc agus foghlama a chinntiú.

Ghlac gach Scoil i UCD páirt i ndara babhta bliantúil d'feabhsaithe modúil. Ceadaíonn an próiseas iomlánaíoch seo do Scoileanna féinmheasúnú fianaise-bhunaithe a reáchtáil chun a chinntiú go mbíonn siad ábhartha i gcónaí do riachtanais foghlama mac léinn, agus go gcuireann siad dúshlán iomchuí ar fáil do mhic léinn. Is é UCD an chéad ollscoil Éireannach chun aiseolas mac léinn caighdeánaithe ar líne a thabhairt isteach do gach modúl.

Rinne na Comhaltaí i bhForbairt Acadúil agus Teagaisc taighde domhain sna cúinsí a chuir le rogha measúnuithe ag an bhfoireann agus ag mic léinn i modúil na céad bliana. Bhí feachtas feasachta ann dá éis le athionadú tuairiscithe measúnaithe a spreagadh le peirspictíocht níos dírithe ar fhoghlaim mac léinn a bhaint amach do 2013/14.

Faomhadh 107 clár nua i rith na bliana acadúla agus rinneadh athruithe ar 48 cinn eile (féach Tábla 2). Forbraíodh cláir chomhoibríocha i gcomhar le hinstitiúidí ardoideachais eile, in Éirinn agus thar lear, iad ag cuidiú le comhordú a fheabhsú in earnáil tríú leibhéal na hÉireann agus le mic léinn UCD a idirnáisiúnú. Tá UCD bainteach anois le breis agus 70 socrú comhoibríoch thar gach ceann dá seacht gcomhcholáiste.

Tugadh athbhreithnithe tréimhsiúla ar na Rialacháin Acadúla chun críche. Dá thoradh seo faomhadh leasuithe chun eispéireas oideachais mac léinn a fheabhsú, caighdeáin acadúla a ardú agus trédhearcacht níos fearr a chur ar fáil do mhic léinn agus don fhoireann. Cuireann na rialacháin nua tábhacht torthaí foghlama san áireamh. Foirmíodh agus faomhadh prótacal nua ar úsáid teidil dámhachtainí i mBealtaine 2013. Déanfaidh sé seo nádúr na ndámhachtainí a shoiléiriú agus spreagfaidh staidéar agus taighde idirdhisciplíneach.

**Tábla 2: Faomhadh agus athruithe cláir nua ag leibhéal Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ)**

| Leibhéal NFQ | 7 | 8 | 9 | 10 | Neamh NFQ | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Faomhadh** | 4 | 13 | 87 | 1 | 2 | 107 |
| **Athruithe** | - | 10 | 37 | - | 1 | 48 |

## Cruthaitheacht, Nuálaíocht, Fiontraíocht agus Saoránacht Ghníomhach a Spreagadh

Leanann UCD ag neartú a acmhainneachta nuálaíochta, taighde agus teagaisc agus é d'aidhm aige cohórt níos leithne céimithe nuálaíocha a chur ar fáil. Rud eile, fágann seasamh acadúil mart-hanach UCD gur áit tharraingteach earcaíochta í d'fhostóirí.

Choinnigh Ionad Forbartha Gairme UCD air ag forbairt scile-anna agus féinmhuinín mac léinn. I rith 2012/13, chuir an tIonad raon seimineár, ceardlanna agus imeachtaí ar fáil. D'fhorbair sé malartú feabhsaithe mac léinn/fostóirí trí rannpháirtíocht fhairs-ing fostóra. D'éascaigh an tIonad cuairteanna ó fhostóirí mar Microsoft, Google, JP Morgan, Boston Consulting Group, Herbert Smith Freehills, agus Clyde and Co.

Chuir UCD tús le tionscadal foghlama cumaisc the áit a ndearnadh naoi modúl Ollscoile a athdhearadh chun múinteoi-reacht aghaidh ar aghaidh agus ar líne a nascadh. Cheadaigh an tionscadal do thart ar 1,200 mac léinn taithí a fháil ar chuid den dul chun cinn is cothrom le dáta i dteicneolaíochtaí digiteacha oideachais.

## Oideachas Iarchéime a Fhás agus a Fhorbairt

Trí chuir chuige idirdhisciplíneacha feabhsaithe, leanann UCD air ag fás agus ag forbairt an oideachais iarchéime. Cuirfear tús le breis agus 60 clár múinte iarchéime nua i Meán Fómhair 2013. Rinneadh leasuithe ar 37 eile. B'ionann mic léinn iarchéime agus 29.3% den daonra mac léinn agus méadú 7.5% ar líon na n-iarchéimithe múinte ar an mbliain roimhe (féach Tábla 3). Lean líon na mac léinn iarchéime orthu ag méadú agus is ionann anois iad agus 28.2% de mhic léinn iarchéime.

Faoi thionscnamh Straitéise Earcaíochta Iarchéime UCD, bhunaigh Léann Iarchéime UCD Grúpa Forbartha Clár Múinte, a bhfuil d'aidhm aige tacú le ceannairí acadúla i ndeiseanna atá ann cheana a uasmhéadú agus in aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sa phunann múinte iarchéime. Trí athbhreithniú ar chláir atá ann cheana i réimsí áirithe, tá an t-ionchas fáis á imscrúdú trí anailís chumais, roinnt modúil, scrogaill, samhlacha nuálaíocha, foghlaim sholúbtha agus luach breise lánpháirtithe punainne. Breithníonn an straitéis freisin bealaí inar féidir punann múinte iarchéime a chur i láthair do mhargaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

D'óstáil UCD an 4ú Comhdháil Taighde Iarchéime de chuid Universitas 21 ar an téama *Fuinneamh: Córais, Beartas agus Réitigh*. Bhí caoga cúig mac léinn agus acadóir rannpháirteach ann, ionadaíocht á dhéanamh acu ar 18 U21 ollscoil. Bháin beirt mhac léinn iarchéime Innealtóireachta UCD na léirithe béil ab fhearr sna téamaí Córais agus Réitigh.

Cuireadh le hoideachas iarchéime trí thabhairt isteach polasaithe agus rialacháin nuashonraithe do dhul chun cinn clár dochtúireachta agus do phróiseáil agus scrúdú tráchtas i gcláir thaighde iarchéime.

**Tábla 3: Líon na mac léinn iarchéime**

| Sprioc an Phlean Straitéisigh: 33% | 2009/10 | 2010/11 | 2011/12 | 2012/13 |
|---|---|---|---|---|
| Iarchéimí Múinte | 4,792 | 5,051 | 5,235 | 5,629 |
| Iarchéimí Taighde | 2,103 | 1,956 | 1,966 | 1,854 |
| **Iomlán UCD** | **24,225** | **24,625** | **24,933** | **25,533** |
| % Iarchéime | 28.5% | 28.5% | 28.9% | 29.3% |

## An tEispéireas Mac Léinn a Idirnáisiúnú

Tháinig méadú de 12% ar an bpobal mac léinn idirnáisiúnta go breis agus 5,400, (féach Tábla 4) agus rollaithe méadaithe ó Chuáit, ón tSile, ón Tuirc agus ó Vítneam. Mhéadaigh mic léinn múinte iarchéime neamh-AE de 27.7%.

In 2012/13, thug malartuithe idirnáisiúnta léargas domhanda d'eispéireas mac léinn UCD i gcónaí, le 170 mac léinn rannpháirteach i malartuithe neamh-Eorpacha agus 369 rannpháirteach i malartuithe Erasmus. Cuireadh ollscoileanna breise ón mBreatain Mhór, ón Tuirc, ó SAM agus ón mBrasaíl ar liosta láithreacha malartaithe UCD. Anuas air sin ghlac 125 mac léinn páirt i dtionscadail Saorálaithe UCD Thar Lear i sé thír.

Lean rathúlacht UCD i maoiniú a mhealladh tríd an scéim Erasmus Mundus in 2013, tráth ar bronnadh €14.04 milliún. Chuir sé seo ar chumas 650 sreabhadh soghluaiseachta mac léinn agus foirne thar an Eoraip, an India, Iosrael, Meiriceá Laidneach agus an Afraic Theas.

Cuireadh tuilleadh le próifíl domhanda UCD trí seo a leanas:

- Tháinig UCD chun bheith ina Chomhpháirtí Ollscoile Oifigiúil don 24ú Comhdháil Bhliantúil de Chomhlachas na hEorpa um Oideachais Idirnáisiúnta – an ceann is mó dá sórt san Eoraip.
- D'óstáil UCD an chéad Chomhdháil Oideachais Thar Lear lasmuigh de na Stáit Aontaithe ar fhreastail breis agus 400 gairmí ardoideachais idirnáisiúnta uirthi.
- Uachtarán Hugh Brady UCD tofa mar Chathaoirleach ar Universitas 21 (2012/2013). D'óstáil UCD trí chomhdháil U21 i rith na tréimhse seo, lena n-áirítear an Chomhdháil Bhliantúil Taighde Iarchéime U21.
- Toghadh an tOllamh Mary E Daly ina Cathaoirleach ar an Ionad Ollscoile Eorpach in Ollscoil Peking i mBealtaine 2013 ar feadh dhá bhliana.

Rinne Institiúid Confucius d'Éirinn ceithre bliana a chomóradh i Meán Fómhair 2012. Bronnadh a tríú duais mar Institiúid Confucius na Bliana ag searmanas i mBeijing. D'óstáil an Institiúid, in éineacht leis an Institiúid Éireannach do Léann na Síne, an tríú Comhdháil Bhliantúil den Chumann Eacnamaíochta Síneach (an Eoraip) agus an 22ú Comhdháil Bhliantúil CEA (RA).

**Tábla 4: Mic léinn idirnáisiúnta**

| **Sprioc an Phlean Straitéisigh: 25%** | **'09/10** | **'10/11** | **'11/12** | **'12/13** |
|---|---|---|---|---|
| Mic léinn Idirnáisiúnta | 4,645 | 4,693 | 5,116 | 5,593 |
| Náisiúntacht Neamh-AE | 2,569 | 2,635 | 2,936 | 3,290 |
| **Iomlán UCD** | **24,225** | **24,625** | **24,933** | **25,533** |
| % Idirnáisiúnta | 19.2% | 19.1% | 20.5% | 21.9% |
| **Sprioc an Phlean Straitéisigh: 15%** | | | | |
| Mic Léinn Idirnáisiúnta a Íocann Táille | 2,205 | 2,361 | 2,626 | 2,908 |
| **Iomlán UCD** | **24,225** | **24,625** | **24,933** | **25,533** |
| % Náisiúntacht Neamh-AE | 10.6% | 10.7% | 11.8% | 12.9% |

## Rannpháirtíocht a Leathnú agus Tacú le Foghlaim ar Feadh an tSaoil

Lean UCD ag díriú ar rochtain ar an Ollscoil a leathnú amach agus ar rannpháirtíocht grúpaí tearc-ionadaíocha a leathnú. D'ullmhaigh an Coiste Rannpháirtíochta Leathnaithe an tuarascáil *Bacainní Institiúideacha ar Lán-Rannpháirtíocht san Oideachas*. Mar chuid de *Domhain á Nochtadh: Straitéis rochtana agus foghlama ar feadh an tsaoil UCD*, reáchtáladh iniúchadh inrochtana i 10 bhfoirgneamh de chuid UCD; fágfaidh na feabhsúcháin a moladh go mbeidh UCD ag dul i dtreo lán-inrochtana ar an gcampas. Bronnadh an gradam Rogha Poiblí agus Dearadh Uilíoch RIAI ar Ionad Mac Léinn UCD a osclaíodh le gairid agus moladh é faoi shaoráidí fóillíochta agus spóirt inrochtana a chur ar fáil do mhic léinn uile agus d'fhoireann uile UCD.

Chuir an Ollscoil tús le tionscnamh Foghlama Solúbtha agus chuir dhá mhodúl Seandálaíochta ar fáil don phobal go ginearálta. Is cuid de chur chuige nua é seo chun rochtain a chur ar fáil don phobal níos leithne ar an eolas agus ar an scoláireacht laistigh de UCD.

D'éirigh le UCD arís maoiniú HEA Springboard a fháil, agus rollú i dtrí chúrsa i mbliana.

De thoradh tionscnamh agus tacaíochtaí, d'ardaigh an leibhéal rannpháirtíochta ag cohóirt spriocdhírithe, tearc-ionadaithe ó 11.8% go 13% (féach Tábla 5).

| Tábla 5: céim fochéime tearc-ionadaithe: iontrálaithe nua | '09/10 | '10/11 | '11/12 | '12/13 |
|---|---|---|---|---|
| Mic Léinn Scéime HEAR | 104 | 127 | 169 | 193 |
| Mic Léinn faoi Mhíchumas (lena n-áirítear DARE) | 152 | 145 | 176 | 212 |
| Mic Léinn Lánfhásta | 192 | 188 | 172 | 184 |
| Mic Léinn céime fochéime páirtaimseartha | 55 | 63 | 12 | 6 |
| FETAC | 35 | 49 | 44 | 51 |
| **Iomlán Céimithe Tearc-ionadaithe, Iontrálaithe Nua** | **538** | **572** | **573** | **646** |
| Iomlán Tearc-ionadaithe mar % de gach Iontrálaí Nua Fochéime | 10.3% | 11.3% | 11.8% | 13.0% |
| **Páirtaimseartha: Iontrálaithe Nua** | | | | |
| Mic Léinn Teastais & Dioplóma Páirtaimseartha | 368 | 435 | 372 | 350 |
| Mic Léinn Oideachais Aosaigh | 389 | 348 | 173 | 156 |
| **Iomlán Páirtaimseartha** | **757** | **783** | **545** | **506** |
| Iomlán Páirtaimseartha mar % de gach Iontrálaí Nua Fochéime | 14.5% | 15.5% | 11.2% | 10.2%% |
| Iomlán Tearc-ionadaithe agus Páirtaimseartha mar % de gach Iontrálaí Nua Fochéime | 24.8% | 26.8% | 23.1% | 23.1% |

## Teagasc, Nuálaíocht san Fhoghlaim agus Forbairt Acadúil

Bronnadh Dámhachtainí Teagaisc an Uachtaráin 2012-14, ar an Dr Naomi McAreavey, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD, agus ar an Ollamh Andy Prothero, Scoil Ghnó UCD. Bronnadh sparánacht ar an mbeirt fhaighteoir le tionscadal teagaisc agus foghlama a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ailínithe le Straitéis Oideachais UCD. I Meán Fómhair 2012, rollaigh 31 ball foirne acadúil sa Teastas/Dioplóma Gairmiúil i dTeagasc agus Foghlaim Ollscoile.

Aithnítear foireann UCD i gcónaí i gcomórtais náisiúnta agus idirnáisiúnta as sármhaitheas i dteagasc agus sa bhfoghlaim. In 2012/13, d'ainmnigh an HEA agus an tAire Oideachais agus Scileanna an tOllamh Bairbre Redmond, Déan Staidéar Fochéimithe agus Leas-Chláraitheoir Teagaisc agus Foghlama, mar Leas-Chathaoirleach ar an bhFóram Náisiúnta d'Fheabhsúchán Teagaisc agus Foghlama ag an Tríú Leibhéal. Ba í an tOllamh Redmond an t-aon acadóir Éireannach ar tugadh cuireadh di aitheasc a thabhairt don ghrúpa ardleibhéal AE ar Nuachóiriú Ardoideachais, áit ar labhair sí ar chur chuige uile-ollscoile rathúil UCD i leith teagaisc agus foghlama ardcháilíochta.

Bronnadh Gradaim Teagaisc Choláiste UCD ar an Dr Eamonn Delahunt agus an Dr Brona Fullen, Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus Eolaíocht an Daonra UCD mar aitheantas ar a sármhaitheas sa teagasc, i Samhain 2012.

## Cáilíocht

Choinnigh Oifig Cháilíochta UCD uirthi ag cinntiú go bhfuil UCD ag teacht lena oibleagáidí reachtúla agus go bhfuil sé ailínithe leis na *Caighdeáin agus na Treoirlínte do Dhearbhú Cáilíochta i Réimse Ardoideachais na hEorpa*.

Lean an Oifig Taighde agus an Leabharlann le forbairt sraith tuarascálacha staitistice caighdeánaithe maidir le sonraí feidhmíochta taighde (i gcomhar le hOifig Cháilíochta UCD), chun cuidiú le haonaid agus iad ag ullmhú d'athbhreithniú cáilíochta. Ullmhófar sraith chomhthreomhar sonraí ag leibhéal Institiúide chun cuidiú le Grúpaí Athbhreithnithe. Áirítear maoiniú taighde, tionchar taighde agus méadrachtaí taighde ar na sraitheanna sonraí.

In 2012/13, d'fhaomhaigh an Coiste Comhairle Acadúil ar Cháilíocht tabhairt isteach próiseas tuairiscithe bliantúil foirmiúil do sholáthar oideachais trasnáisiúnta agus comhoibríoch múinte. Tá na chéad tuarascálacha le cur faoi bhráid Oifig Cháilíochta UCD faoi dheireadh Deireadh Fómhair 2013.

Rinneadh athbhreithniú dearbhú cáilithe ar na haonaid agus ar na cláir seo a leanas ag Grúpaí Athbhreithnithe seachtracha: Comh-Athbhreithniú Clár UCD/Ollscoil Uladh; Scoil an Cheoil UCD; Scoil na Tíreolaíochta, na Pleanála agus Polasaí Comhshaoil UCD; An Clárlann UCD; Scoil na Socheolaíochta UCD; Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus Eolaíocht an Daonra UCD; Teagasc agus Foghlaim UCD; Ollscoil Fudan, Shanghai, An tSín (BSc Ríomheolaíocht); Teagasc (Dioplóma Gairmiúil i mBainistiú Feirme Déiríochta agus Céim 3 den BAgSc Gnó Déiríochta).



3

# TAIGHDE

Tá sé mar uaillmhian i gcroílár straitéise taighde UCD aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a mhúnlóidh todhchaí na hÉireann agus ról na hOllscoile ar fud an domhain. Tá UCD tar éis na cúig réimse tosaíochta seo a leanas a fhorbairt mar mhórthéamaí taighde idirdhisciplíne atá ag teacht le riachtanais na hÉireann agus na dúshláin dhomhanda reatha.

- Fuinneamh agus Comhshaol
- Cultúr, Eacnamaíocht, Sochaí
- Sláinte
- Eolas, Ríomh, Cumarsáid
- Agraibhia

Rangaithe sa chéad 1% d'Institiúidí Ardoideachais ar fud an domhain, is ceannaire náisiúnta é UCD, a mheallann infheistíocht ar ardchaighdeán a chuidigh lena cháil mar ollscoil cheannródaíoch taighde.

# CLÁR


| | |
|---|---|
| Maoiniú Taighde | **28** |
| Príomh-Mhéadrachtaí Taighde agus Táscairí Feidhmíochta | **30** |
| Forbairt Infreastruchtúir | **30** |
| Tosaíocht Straitéiseach: Fuinneamh agus Comhshaol | **31** |
| Tosaíocht Straitéiseach: Cultúr, Eacnamaíocht agus Sochaí | **32** |
| Tosaíocht Straitéiseach: Sláinte | **34** |
| Tosaíocht Straitéiseach: Eolas, Ríomh agus Cumarsáid | **37** |
| Tosaíocht Straitéiseach: Agraibhia | **39** |
| Cláir, Lárionaid agus Institiúidí Mór-Thaighde UCD | **40** |


***Foilseacháin Taighde:***

***Tá mionsonraí na bhfoilseachán taighde uile do thréimhse na Tuarascála ar fáil ar líne ag: www.ucd.ie/research/publications***

# Maoiniú Taighde

B'fhiú €113.1 milliún conarthaí taighde a maoiníodh go seachtrach a cláraíodh i rith na bliana (féach Tábla 1). Is méadú de €38 milliún (50%) é seo i luach na ndámhachtainí i gcomparáid leo siúd a baineadh amach in 2011/12. Áirítear maoiniú €15.4 milliún ón AE i bhfigiúr an mhaoinithe iomláin. B'ionann agus €17.4 milliún luach an rannchuidithe maidir le forchostais.

**Tábla 1: Dámhachtainí Taighde**

**Taighde**

| Bliain | Luach iomlán na gconarthaí a síníodh, ranníocaíochta d'fhorchostais san áireamh (€ milliún) | Iomlán na ranníocaíochtaí d'fhorchostais (€ milliún) | Iomlán na gconarthaí a bronnadh | Líon na dtograí a cuireadh isteach |
|---|---|---|---|---|
| 2005/2006 | 83.10 | 11.80 | 558 | 1,245 |
| 2006/2007 | 95.40 | 14.80 | 452 | 1,234 |
| 2007/2008 | 115.90 | 17.30 | 445 | 1,090 |
| 2008/2009 | 116.80 | 21.03 | 537 | 1,150 |
| 2009/2010 | 45.60 | 6.70 | 444 | 970 |
| 2010/2011 | 103.30 | 17.00 | 520 | 1,120 |
| 2011/2012 | 75.10 | 9.50 | 525 | 1,257 |
| 2012/2013 | 113.10 | 17.40 | 655 | 1,168 |

**Foinsí Maoinithe**

| Foinse Maoinithe | Líon na gConarthaí | Luach (€ milliún) |
|---|---|---|
| Fondúireacht Eolaíochta na hÉireann (SFI) | 74 | 38.0 |
| An Coimisiún Eorpach (CE) | 42 | 15.4 |
| An Chomhairle um Thaighde in Éirinn | 107 | 6.2 |
| Fiontraíocht Éireann (EI) | 128 | 14.3 |
| Eile | 304 | 39.2 |
| **Iomlán** | **655** | **113.1** |

## Scéimeanna Inmheánacha chun Tacú le Taighde

**Scéim Síolmhaoinithe UCD**

Scaipeadh beagán faoi bhun €0.5 milliún tríd an scéim síolmhaoinithe, a chlúdaigh 25% de luach na n-iarratas a fuarthas. Deonaíodh céad seachtó is a haon dámhachtain aonair thar cheithre scéim: Scaipeadh agus Aschuir; Pobal Acadúil Beoga a Fhorbairt; Forbairt Ghairme; agus Dámhachtainí Aschuir Taighde. Léirítear mionsonraí faoi luach agus líon na n-iarratas agus na ndámhachtainí a bhronn an Coláiste i dTábla 2.

**Tábla 2: Síolmhaoiniú**

| Coláiste | Líon na n-iarratas | Luach na n-iarratas | Líon na ndámh. | Luach na ndámhachtainí |
|---|---|---|---|---|
| Coláiste na Talmhaíochta, na hEolaíochta Bia agus an Leighis Tréidliachta UCD | 53 | €227,729 | 24 | €62,366 |
| Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD | 67 | €272,136 | 26 | €74,778 |
| Coláiste Gnó agus Dlí UCD | 28 | €81,147 | 14 | €13,200 |
| Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD | 47 | €172,891 | 15 | €40,746 |
| Coláiste na nEolaíochtaí Sláinte UCD | 49 | €368,436 | 15 | €82,693 |
| Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD | 68 | €319,265 | 28 | €91,679 |
| Coláiste na hEolaíochta UCD | 124 | €509,240 | 45 | €108,473 |
| Cláraitheoir | 1 | €2,070 | | - |
| Institiúidí Taighde agus Eintitis Eile | 7 | €68,658 | 4 | €29,628 |
| Leas-Uachtarán – do Chaidreamh Ollscoile | 1 | €15,000 | | - |
| **Iomlán** | **445** | **2,036,570** | **171** | **503,563** |

**Scéim Mhórthionscnaimh agus Straitéiseach UCD**

Soláthraíonn an scéim mhórthionscnaimh agus straitéiseach tacaíocht d'fhorbairt mhórchlár idirdhisciplíne a chuireann an straitéis do thaighde i UCD chun cinn. Bronnadh 14 dámhachtain mórthionscnaimh agus straitéiseacha i rith na bliana. Féach Tábla 3.

**Tábla 3: Dámhachtainí Mórthionscnaimh agus Straitéiseacha**

| Úinéir an Tionscadail | Teideal an Tionscadail | Luach na Dámhachtana € |
|---|---|---|
| An tOllamh Barry Smyth | Ciste Forbartha Straitéiseach d'Ionad INSIGHT d'Anailísíocht Sonraí | €210,000 |
| An Dr Aoibheann Gibbons | Tionscadal Tuairiscithe Taighde | €181,435 |
| An tOllamh Desmond Fitzgerald | Straitéis Sláinte do UCD | €150,000 |
| An tOllamh Desmond Fitzgerald | Dámhachtain do Chomhoibriú Straitéiseach Idirnáisiúnta | €120,000 |
| An Dr Patricia Maguire | An Córas Micrishreabhánaic Fluxion Bioflux | €62,630 |
| An Dr Nicolae Buchete | Dámhachtain Iardhochtúireachta HFSP CDL 2013 - tacaíocht do chostais fostóirí | €44,000 |
| An tOllamh Lizbeth Goodman | Líonraí sóisialta SMART-Lab do thionscadal píolótach ar oideachas sláinte & folláine othar - Leabhar Sláinte | €34,500 |
| An tOllamh Robert Gerwarth | Maoiniú Idirlinne - Lárionad UCD don Léann Cogaíochta | €33,575 |
| An tOllamh John O'Doherty | Samhlacha Ainmhithe Móra Chun Staidéar a Dhéanamh ar Otracht agus ar Shláinte Dhíleáite | €30,000 |
| An Dr Diane Payne | Na Meáin Shóisialta & Líonraí i nGrúpaí Othar | €30,000 |
| An Dr Aoibheann Gibbons | Saotharlann Cultúir | €25,000 |
| An Dr Angela Feechan | NO (ocsaíd nítreach) paitiginí planda; nimhneacht paitigine barr a rialú le ocsaíd nítreach | €20,000 |
| An tOllamh Hans-Benjamin Braun | An fhisic taobh thiar de theicneolaíocht stórais maighnéadaigh an chéad ghlúin eile | €4,000 |
| An tOllamh Anthony Roche | Drámaíocht na hÉireann, The Guthrie and American Theatre | €1,500 |

## Príomh-Mhéadrachtaí Taighde agus Táscairí Feidhmíochta

### Foilseacháin Phiarmheasúnaithe

B'ionann agus 2,015 líon na bhfoilseachán piaramheasúnaithe ó UCD i Web of Science, le linn 2012, nó meán de 2 foilseachán in aghaidh an duine den fhoireann acadúil. Chuir UCD an méid is mó d'fhoilseacháin acadúla sa tír ar fáil ar bhonn seasta ó 2008 (féach Tábla 4).

### Líon na bhFoilseachán sna hIonaid Díola Ardchéimiúla

Mhéadaigh líon foilseachán UCD in irisí piaramheasúnaithe ardchéimiúla faoi thrí idir 2003 agus 2012. Tagraíonn 'Ardchéimiúil', mar a shainmhíníonn Thomson Reuters InCites, d'irisí a bhfuil fachtóir tionchair acu os cionn 10, sa chás go bhfuil tionchar i gcoibhneas leis an gcuid eile den domhan don tréimhse 2008-2012 san áireamh. In 2012/13 bhí tionchar foilseachán UCD 46% anois os cionn an mheáin dhomhanda.

### Céatadán den Fhoireann atá Gníomhach i mBun Taighde

In 2012, bhí 64% d'fhoireann acadúil UCD gníomhach i mbun taighde. Sainmhínítear foireann atá gníomhach i mbun taighde mar Ollúna, Ollúna Comhalacha, Léachtóirí Sinsearacha agus Léachtóirí a chomhlíonann dhá cheann de na critéir seo a leanas: deontas gníomhach; maoirseacht á déanamh ar mhac léinn PHD nó Máistreachta Taighde sa bhliain acadúil reatha; agus ar foilsíodh obair leo le dhá go trí bliana anuas (spleách ar dhisciplín).

**Tábla 4: Líon na bhFoilseachán**

| Blianta Foilseacháin | Líon na bhFoilseachán | Líon na Leabhar |
|---|---|---|
| 2008 | 1,617 | 66 |
| 2009 | 1,782 | 73 |
| 2010 | 1,993 | 81 |
| 2011 | 2,054 | 62 |
| 2012 | 2,015 | 63 |

## Forbairt Infreastruchtúir

### Ionad Eolaíochta O'Brien UCD

Is foirgneamh 67,000m$^2$ é Ionad Eolaíochta nua O'Brien UCD atá á fhorbairt i dtrí chéim ar leith, a a chuimsíonn foirgneamh nua uaillmhianach agus athchóiriú ar bhloic Eolaíochta UCD a bhí ann ag an tús. Nuair a bheidh na trí chéim tugtha chun críche freastalóidh Ionad Eolaíochta O'Brien UCD ar an bpobal eolaíochta is mó in Éirinn agus léireoidh sé an infheistíocht chaipitil is mó san eolaíocht i stair Stát na hÉireann. Tá maoiniú don tionscadal, €300 milliún measta, á chur ar fáil ag an Rialtas agus cistí comhfhreagracha ón Ollscoil agus ó thabhartais dhaonchairdiúla.

Tógadh céim a haon le cistí ón gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI), agus ó airgid Ollscoile agus osclaíodh é i Meán Fómhair 2011. Cuireann an tsaoráid 6,300m$^2$ de spás do thaighde eolaíoch ar fáil do 300 taighdeoir atá ag obair in eolaíochtaí cógaisíochta, i mbia agus sláinte agus i nanaimhíochaine.

Áirítear sa chéad chéim eile, atá le tabhairt chun críche i bhfómhair 2013, forbairt saoráidí múinteoireachta, acadaimh nuálaíochta, for-rochtana agus rannpháirtíocht an phobail, mar aon le saoráidí do na Domhaneolaíochtaí, Saotharlann Córas Oiriúnaitheach agus Casta (CASL), agus Ionad INSIGHT Centre (a chuimsíonn CLIQUE, CLARITY agus TRIL).

# Tosaíocht Straitéiseach: Fuinneamh agus Comhshaol

Tá UCD ag obair le teacht ar réitigh ar dhúshláin fuinnimh agus comhshaoil an 21ú haois. Ó thaobh fuinnimh tá an fócas ar réimsí ina bhfuil buntáiste iomaíoch ag Éirinn, go háirithe Eangaí Cliste, Cathracha Cliste, agus an comhéadan idir fuinneamh agus na hearnálacha ICT agus agraibhia. Tá sé d'aidhm ag Institiúid Domhaneolaíochta UCD réitigh a chur ar fáil ar chuid de na fadhbanna is práinní atá ag Éirinn i réimsí maireachtála inbhuanaithe, acmhainní nádúrtha, athrú aeráide, guaiseacha nádúrtha, an timpeallacht thógtha agus caomhnú an nádúir.

## Institiúid Domhaneolaíochta UCD

**www.ucd.ie/earth**

Is ionad nuálaíoch, taighde agus oideachas ildisciplíneach í Institiúid Domhaneolaíochta UCD faoi stiúir an Ollaimh Chris Bean. Tugann sé taighdeoirí le chéile atá ag iarraidh eolas nua sna hEolaíochtaí Comhshaoil agus sa Domhaneolaíocht a roinnt, freastal ar ghlúin níos óige agus oideachas a chur orthu, dul i bpáirt le tionscal le réitigh a fháil ar fhíordhúshláin domhanda agus le dul i bhfeidhm ar bheartas.

- Tá 81 Príomh-Imscrúdaitheoir ag an Institiúid thar 18 Scoil, a thugann aghaidh ar cheisteanna taighde i dtéamaí leathana Uisce, Aeráid, Teicneolaíochtaí Glasa, Fuinneamh agus Acmhainní, Cathracha agus Réigiúin Inbhuanaithe, Éiceolaíocht agus Éabhlóid, agus Guaiseacha agus Rioscaí Nádúrtha.
- Bronnadh méid iomlán de €11.2 milliún ar a baill agus b'údair iad ar 248 foilseachán, lena n-áirítear 22 leabhar agus caibidil i leabhair agus 101 páipéar piarmheasúnaithe. Bronnadh deontas ardghradaim ón gComhairle Eorpach um Thaighde ar bhall amháin den Institiúid.
- D'óstáil an Institiúid an Sárthaispeántas Fiontair agus Tionscail, a mheall breis agus 150 rannpháirtí. Rinne sí urraíocht ar raon imeachtaí, lena n-áirítear ENVIRON-2013, Comhchomhdháil AESOP/ACSP 2013, Pleanáil do Chathracha agus do Réigiúin Athléimneacha, agus Mórchruinniú Bliantúil Ghrúpa Taighde Dríodareolaíoch na Breataine.

## Institiúid Fuinnimh UCD

**www.ucd.ie/energy**

Bunaíodh an Institiúid Fuinnimh i mBealtaine 2013, le hionchar straitéiseach David O'Reilly (iarcheann Chevron). Tá sé ceaptha: mais chriticiúil taighdeoirí den scoth dírithe ar roinnt bheag de théamaí atá tábhachtach go straitéiseach a óstáil; naisc láidre a bheith aige le haonáin taighde in Éirinn agus go hidirnáisiúnta; agus oibriú i gcomhar le tionscal agus leis an bpobal beartais fuinnimh.

Is é an príomh-mhisean ná forbairt líonraí Leictreachais Chliste, ag tógáil ar láidreacht lárnach na hInstitiúide i dtaighde eangach agus i bpríomhinniúlachtaí ICT a neadú i mbarrfheabhsú, i rialú agus i bhfaisnéis chun chur chuige lánchórais a thairgeadh ó fhoinsí go lóid.

## An Lárionad Taighde Leictreachais (ERC)

**www.erc.ucd.ie**

Is comhoibriú uathúil an Lárionad Taighde Leictreachais, idir an saol acadúil agus mórghníomhaithe i dtionscal an leictreachais. Tugann an ERC faoi na ceisteanna taighde feidhmeacha agus bunúsacha atá mar bhonn taca le forbairt córas fuinnimh leictrigh inbhuanaithe. Bhunaigh an tOllamh Mark O'Malley, Ollamh le hInnealtóireacht Leictreach in UCD an Lárionad i 1991, agus is é an Stiúrthóir Eolaíochta anois é. Tá an caidreamh an-dlúth idir taighdeoirí agus tionscal lárnach i rathúlacht an ERC.

- Tá an Bhraisle Chóras Fuinnimh Leictrigh Inbhuanaithe (SEES) ar cheann de na tionscnaimh mhórthionscadail á dtreorú ag ERC. Tugann sé eangach leictreachais na hÉireann, príomh-chomhpháirtithe tionsclaíocha agus comhoibreoirí in UCD, TCD, ESRI, UL agus NUI Maigh Nuad, le chéile, le tacaíocht airgeadais ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.
- Cuimsíonn foireann ERC breis agus 60 duine, lena n-áirítear acadóirí, taighdeoirí iardhochtúireachta agus taighdeoirí a bhfuil taithí tionscail acu, mic léinn PhD agus foireann bhainistíochta.

## Tiontú Grianfhuinnimh UCD (SEC)

**www.seccluster.ie**

Déanann Braisle Thaighde Straitéiseach Thiontú Grianfhuinnimh UCD, faoi stiúrthóireacht an Ollaimh Don MacElroy, forbairt ar ábhair agus ar ghairis chun leas a bhaint as grianfhuinneamh do chumhacht agus do bhreoslaí atá dírithe ón ngrian, atá bunaithe ar phrionsabail a dhéanann aithris ar na céimeanna i bhfótaisintéis nádúrtha.

- Ghiaráil an Bhraisle maoiniú sa bhreis ar €3.8 milliún in 2012/13 ó fhoinsí Státchiste agus neamh-Státchiste, lena n-áirítear cláir ó AE COST, SFI, Fiontraíocht Éireann agus tionscadail maoinithe ag an tionscal.
- In 2012/2013, áiríodh ar aschuir na Braisle ceithre chomhadú paitinne, trí nochtadh aireagáin agus 39 foilseachán ardchaighdeáin i bpríomhirisí lena n-áirítear *Journal of the American Chemical Society (JACS), Nano Research* agus *Chemistry of Materials.*
- Ghlac baill na Braisle páirt i 42 comhdháil náisiúnta agus idirnáisiúnta – agus bhain an cur i láthair béil ab fhearr (OMTAT Comhdháil 2013) agus an léiriú póstaeir ab fhearr (UCD/IOP) – agus d'óstáil ceardlann ag EuroNanoForum 2013.

# Tosaíochtaí Straitéiseacha: Cultúr, Eacnamaíocht agus Sochaí

Tá cáil ar UCD dá scoláireacht sna hEalaíona, sna Daonnachtaí agus sna hEolaíochtaí Sóisialta. Is iomaí duine de scoláirí ceannródaíocha UCD a mhúnlaigh Éire nua-aoiseach agus ár seasamh sa domhan.

Baineann an tosaíocht taighde straitéiseach idirdhisciplíneach Cultúr, Eacnamaíocht agus Sochaí, leas as saineolas teoiriciúil, coincheapúil agus modheolaíoch in áiteanna, spásanna, pobail, rialachas, gnólachtaí agus nuálaíocht, agus tá mar sprioc aici mórchláir thaighde a thógáil thar raon leathan fiosrúcháin.

In 2012/13, ar na réimsí taighde a bhí le forbairt faoin téama seo bhí: Cultúr an Athraithe; Gnó agus Freagracht; agus Sochaí agus an Eacnamaíocht.

Cuireann siad seo raon láidreachtaí taighde UCD in iúl do phobal níos leithne agus cuidíonn siad chun UCD a chur i riocht tuilleadh maoinithe taighde Eorpaigh a fháil. Bronnadh €7.5 milliún i maoiniú taighde iomaíoch do thaighde na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta, lena n-áirítear €2.1 milliún i maoiniú Eorpach (ocht ndámhachtain) agus €2.2 milliún de mhaoiní ón gComhairle um Thaighde in Éirinn. Cuireann na dámhachtainí seo ar chumas scoláirí UCD cur le tógáil bonn inbhuanaithe do thaighde agus d'ardoideachas sna hEalaíona, sna Daonnachtaí agus sna hEolaíochtaí Sóisialta. Áiríodh ar an maoiniú Eorpach dámhachtain ardghradaim ón gComhairle Eorpach um Thaighde (ERC), a óstáladh i Scoil na Seandálaíochta UCD, arbh é an dara dámhachtain ERC i gColáiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh. Tá foilsitheoireacht i réimsí na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta ag dul i dtreise i gcónaí agus 48 leabhar agus 194 caibidil i leabhair foilsithe in 2012/13. D'fhág sé seo ciontairbhe de 68% do líon iomlán leabhar UCD a foilsíodh idir 2008 agus 2012.

## Institiúid Geary UCD
**www.ucd.ie/geary**

Is ionad sármhaitheasa Institiúid Geary UCD do thaighde beartas-ábhartha, teoiric-eolasach, bunaithe go himpireach. Áirítear ar phríomhdhisciplíní Institiúid Geary, treoraithe ag an Stiúrthóir an Dr Philip O'Connell, déimeagrafaíocht, eacnamaíocht, oideachas, dlí, eolaíocht pholaitiúil, síceolaíocht agus socheolaíocht.

- Seoladh sraith *Geary Policy Peer Review* mar thionscnamh nua. Baineann sé leas as an bpobal saineolais laistigh de bhallraíocht Geary chun athbhreithnithe neamhchlaonta a reáchtáil ar dhoiciméid bheartais phoiblí shuntasacha.
- Choinnigh an tsraith Máistir-ranga uirthi ag soláthar oiliúna dea-chleachtais i dtaighde beartais agus measúnaithe don tSeirbhís Phoiblí.
- Forbraíodh roinnt tionscadal taighde i gcomhar le comhlachtaí príobháideacha agus poiblí, i measúnú clár idirghabhála bochtaineachta agus sláinte go príomha.

## Institiúid Daonnachtaí UCD (HI)
**www.ucd.ie/humanities**

Is ardán eiseamláireach dinimiciúil do thaighde sna daonnachtaí í Institiúid Daonnachtaí UCD, faoi stiúrthóireacht an Ollaimh Gerardine Meaney. Is é a fócas straitéiseach reatha láidreachtaí traidisiúnta na ndaonnachtaí a nascadh le forbairt tionscadail agus scileanna taighde idirdhisciplíne, comhoibríocha faoin téama uileghabhálach de Chultúr, Sochaí agus Athrú.

- Bhí an Institiúid ina hóstach do rannpháirtithe Eorpacha agus Ceanadacha ag scoil shamhraidh ESF mhaoinitihe idirnáisiúnta *RECODE Dúshlán Éagsúlachta Casta: Peirspictíochtaí Impireacha agus Teoiriciúla*.
- Bhí an Institiúid ina hóstach do na Comhaltaí ar Cuairt, an tOllamh Cara Delay (Stair, Coláiste Charleston), an tOllamh Guoqi Xu (Stair, Hong Kong), agus an tOllamh Gregory Castle (Béarla, Stát Arizona).
- D'fhoilsigh UCD Press, comhchuid d'Institiúid na nDaonnachtaí, 10 dteideal, lena n-áirítear *Encyclopaedia of Music in Ireland* (EMIR) leis an Ollamh Harry White, Scoil Ceoil UCD agus Barra Boydell, ITBÁC. Agus ábhar ann ó 240 duine agus thart ar 2,000 iontráil, is ionann EMIR agus an tionscadal taighde aonair is mó go dtí seo ar an gceol in Éirinn.
- D'fhoilsigh UCD Press freisin roinnt monagraf staire agus aistí cnuasaithe, lena n-áirítear: *The Irish Lord Lieutenancy c.1541-1922*, á chur in eagar ag Peter Gray agus Olwen Purdue; agus *Parnell Reconsidered*, á chur in eagar ag Pauric Travers agus Donal McCartney. Cuireadh *Queen of the Heart*, eagar agus réamhrá ó Philip O'Leary, leis an tsraith Classics of Irish History, agus cuireadh beathaisnéis ar *Terence O'Neill* leis an Life and Times New Series.

## Institiúid John Hume don Léann Domhanda Éireannach UCD
**www.ucd.ie/johnhume**

Is clár téamach é Institiúid John Hume UCD don Léann Domhanda Éireannach, faoi stiúrthóireacht an Ollaimh Gerardine Meaney, a bunaíodh faoi PRTLI4. Tá d'aidhm aige léann na hÉireann agus a diaspóra a athrú trí chlár taighde idirdhisciplíne, for-rochtain pobail agus comhar idirnáisiúnta.

- Rinne Institiúid John Hume don Léann Domhanda Éireannach UCD urraíocht ar *Digital Humanities Exploratorium: Pathways to Interdisciplinarity, Creative Praxis* and *Digital Humanities Research*. Rinne an imeacht seo conair idirdhisciplíneacha idir úsáidí acadúla, sóisialta agus cruthaíochta na meán digiteacha a iniúchadh.
- Tionóladh an tríú comhdháil bhliantúil ar *Beckett and the State of Ireland* i Lúnasa 2013.



1


2


3



4


5



6


7

1. Ainmníodh an Dr Emmeline Hill, príomh-eolaí sa ghéanómaíocht i Scoil na Talmhaíochta & Eolaíocht an Chothaithe UCD, agus comhbhunaitheoir na mac-chuideachta UCD, Equinome, ina Fiontraí Mná na Bliana 2012 ag Irish Tatler, ag searmanas gradam a tionóladh i mBaile Átha Cliath

2. Chruthaigh an t-ealaíontóir grafach, James Earley, scéal físe a shín os cionn 130 troigh ar an gclársconsa timpeall an fhoirgnimh a bhí á thógáil, don tionscadal *Journey of Discovery* de chuid Ionad Eolaíochta O'Brien UCD

3. Chas Coimisinéir AE na hÉireann, Máire Geoghegan-Quinn, le triúr a fuair gradam ó Chomhairle Taighde na hEorpa (ERC) UCD, ina measc (clé go deas): an tOllamh Eoin Casey, Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí & Bithphróisis UCD; an tOllamh Frédéric Dias, Scoil na nEolaíochtaí Matamaitice UCD; agus an tOllamh Robert Gerwarth, Scoil na Staire agus na gCartlann, UCD agus Stiúrthóir, Lárionad UCD don Léann Cogaíochta

4. Cheiliúir Institiúid Mhic Con Mí UCD 10 mbliana de thaighde den scoth. Sa ghrianghraf (clé go deas): Des Fitzgerald, Leas-Uachtarán Taighde agus Walter Kolch, Stiúrthóir Institiúid Mhic Con Mí um Thaighde agus Oiliúint Bithphróiseála UCD. Foilsíodh *Igniting Discovery* mar chuid d'Fhéile Taighde agus Nuálaíochta Institiúid Mhic Con Mí UCD 2013, chun an comóradh 10 mbliana a cheiliúradh

5. An grianghraf a bhuaigh an comórtas *Images of Research* 2013, *The Mice Beat Me To It*, arna ghlacadh ag an Dr Niamh Howlin, Scoil Dlí UCD

6. Is éard atá sa tionscadal *UCD Faces of Research* ná 14 phróifíl gearr ar thaighdeoirí UCD i bhfoirm físeáin. Tá an tionscadal leagtha amach chun cur le spéis agus tuiscint an phobail ar an taighde. Léiríonn sé na taighdeoirí ceannródaíocha i UCD ag cur a gcuid taighde in iúl do lucht féachana neamhacadúil, fad a léiríonn siad an tairbhe iarbhír a bhaineann leis an taighde. Tá *UCD Faces of Research* ar fáil ar YouTube agus ar láithreán gréasáin taighde na hOllscoile

7. Bhuaigh an tOllamh Barry Smyth as UCD an Gradam Gnóthachtáil Acadúil Suntasach na Bliana 2012 arna bhronnadh ag Cumann Bogearraí na hÉireann. Sa ghrianghraf (clé go deas) ag searmanas na ngradam: Karl Flannery, Cathaoirleach ISA agus CEO, Storm Technology; an tOllamh Barry Smyth, An Scoil Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD; agus Philip Sharpe, Cathaoirleach, Irish Software Innovation Network

# Tosaíocht Straitéiseach: Sláinte

Tá Cúram Sláinte ag athrú go tapa, á thiomáint ag athruithe ar dhéimeagrafaicí daonra, ag fionnachtana i dtaighde bithleighis agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn. Tá taighde cúram sláinte i Sláinte Nasctha, diagnóisic, forbairt drugaí agus feistí liachta lárnach d'iomaíochas tionscail eolaíocht bheatha na hÉireann.

Tá athshamhlú á dhéanamh ag UCD ar thodhchaí cúraim sláinte, ina n-éiríonn teiripí nua, teicneolaíochtaí gréasán-chumasaithe agus feistí a úsáidtear sa bhaile, as siombóis teicneolaíochta agus bitheolaíochta. Bíonn bitheolaíocht córais, forbairt drugaí, míochaine aistritheach agus sláine daonra san áireamh i dtaighde sláinte i UCD.

## Institiúid Mhic Con Mí um Thaighde Bhithleighis agus Bhithmhóilínigh UCD

**www.ucd.ie/conway**

In 2013, rinne Institiúid Mhic Con Mí UCD, á threorú ag an Ollamh Walter Kolch, deich mbliana a hoscailte a cheiliúradh ar champas Belfield. Is ionad taighde idirdhisciplíneach é a iniúchann meicníochtaí bunúsacha aicídí ainsealacha agus a dhéanann na torthaí a aistriú ina bhfeidhmeanna tráchtála, tionsclaíocha agus cliniciúla chun leasa na sochaí.

- I mBealtaine 2013, sháraigh an tOllamh Des Higgins, Ollamh le bithfhaisnéisíocht i Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD, agus Institiúid Mhic Con Mí UCD 100,000 lua in iomlán dá chuid oibre ar chomparáidí seichimh DNA.
- In 2012/2013:
  - B'ionann maoiniú neamh-státchiste agus thart ar 50% de luach iomlán taighde mhaoinithe. San áireamh anseo bhí dámhachtainí faoi EU FP7 (*FP7 Smaointí; ERC Deontas Taighdeora Neamhspleáigh Tosaigh, FP7 Comhoibriú – Bia, Talmhaíocht agus Iascaigh*, agus *Biteicneolaíocht, FP7 Daoine – Líonra Oiliúna Tosaigh Marie Curie)* ag fondúireachtaí carthanachta Éireannacha agus gnó Éireannach agus iasachta.
  - Bhí 420 foilseachán piarmheasúnaithe in irisí lena n-áirítear *Nature Genetics, Cell Host & Microbe, Nature Structural & Molecular Biology, Nature Immunology*, agus *Nature Communications*.
  - Rinne Comhaltaí Mhic Con Mí 11 nochtadh aireagáin agus 20 iarratas paitinne. Deonaíodh dhá phaitinn agus ceithre chonradh ceadúnais.

## Bitheolaíocht Córas Éireann (SBI)

**www.ucd.ie/sbi**

Déanann Bitheolaíocht Chóras Éireann, faoi stiúrthóireacht an Ollaimh Walter Kolch, cuir chuige teiripeacha nua a dhearadh i leith ailse, agus galar athlastacha agus meathlúcháin bunaithe ar thuiscint mheicníoch, ar leibhéal córas, ar líonraí trasduchtaithe comharthaí ceallacha.

- IN 2012/13 d'óstáil SBI *International Conference on Systems Medicine – SYSMED 2012*, ar éirigh go rímhaith léi agus a mheall 182 rannpháirtí agus 29 cainteoir, ceannairí ina réimsí féin gach duine acu.
- Tugadh cuireadh do SBI bheith rannpháirteach i dtograí náisiúnta agus idirnáisiúnta rathúla mar chlár BREAST PREDICT de chuid Cumann Ailse na hÉireann (c. €7.5 milliún), an clár EU FP7-KBBE SynSignal (c. €7.2 milliún) agus an clár EU-FP7 IAPP SysMel (€1.8 milliún).
- Ceapadh an tOllamh Günther Eissner (ó Lárionad Leighis Ollscoil Munchen roimhe seo) ina Chathaoirleach ar Bhitheolaíocht Córas Aistritheach in Aibreán 2013. Déanfaidh an ceapachán straitéiseach seo, á mhaoiniú ag an gcuideachta cógaisíochta Fhrancach Servier, acmhainneachtaí taighde aistritheacha SBI a threisiú agus a fheabhsú.

## Braisle Líonra Seachadta Drugaí Éireann (IDDN)

**www.ucd.ie/iddn**

Thug Líonra Seachadta Drugaí Éireann, maoinithe ag SFI, faoi stiúrthóireacht an Ollaimh David Brayden, a thimthriall maoinithe cúig bliana chun críche. Thug IDDN na trí scoil chógaisíochta in Éirinn le chéile, mar aon le UCD, Genzyme Ireland, Sigmoid Pharma, Arch Therapeutics agus Aerogen PLC le lárionad sármhaitheasa do thaighde i seachadadh drugaí a chur ar fáil.

- Tá ceithre cinn déag de PhDanna agus seacht dtréimhse thaighde iardhochtúireachta tugtha chun críche go dtí seo, agus a bhformhór anois agus poist R&D acadúla no tionsclaíocha acu.
- Foilsíodh tríocha mórpháipéar idirdhisciplíneacha tras-institiúide, comhúdair chomhpháirtithe tionscail ag cuid acu, in irisí ardtionchair lena n-áirítear *Journal of Controlled Release, PLOS ONE, Biomacromolecules agus European Journal of Pharmaceutical Sciences*.
- Bunaíodh an comhpháirtí tionscail Arch Therapeutics go poiblí sna Stáit Aontaithe, agus thug comhpháirtí eile, Sigmoid Pharma, trialacha cliniciúla luathchéime de pheiptíd bhéil do ghalar putóige athlastaí, chun críche. Chuir IDDN sonraí meicníocha tacaíochta ar fáil don dá theicneolaíocht.

Leanfaidh an IDDN mar líonra chun iarratais ar AE Horizon 2020 a chumasú, chun cur le feidhmiú Ionad nua SFI i bhFeistí Leighis, agus chun nasc acadúil- tionscail a choinneáil i bpríomhréimse tosaíochta náisiúnta.

## Lárionad d'Idirghníomhú BithNainea (CBNI)
**www.ucd.ie/cbni**

Is ionad ildisciplíneach é an Lárionad d'Idirghníomhú BithNainea do Nanaimhíochaine agus Nanashábháilteacht. Is é an tOllamh Kenneth Dawson an Príomh-Imscrúdaitheoir.

- Is comhpháirtí í CBNI i roinnt deontas nua a bhronn an Coimisiún Eorpach, lena n-áirítear NanoSOLUTION, NanoMILE agus Graphene Future Emerging Technology Flagship. Chomh maith leis bronnadh deontas PI SFI ar an Ollamh Kenneth in Aibreán 2013.
- Obair a rinneadh le gairid i CBNI ar dhíriú ar nanaimhíochaine ba chúis le foilseachán i *Nature Nanotechnology*. Tarraingíodh aird ar an bpáipéar in ailt i *Nature Nanotechnology* agus *Nature Reviews Drug Discovery*.
- D'fhoilsigh CBNI athbhreithniú i *Nature Nanotechnology*, a thug achoimre ar eolas reatha ar an gcoróin nanacháithnín bithmhóilíne agus ar a himpleachtaí d'idirghníomhaíochtaí nanacháithnín i gcealla. Bhí dúshláin a bheidh ann amach anseo san áireamh ann a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu sa réimse seo. Rinne CBNI ceannródaíocht ar na coincheapa seo agus aithnítear go forleathan anois iad agus déanann an pobal imscrúdú orthu.

## Lárionad Nanaimhíochaine UCD (NMC)
**www.ucd.ie/nanomedicine**

Comhcheanglaíonn Lárionad Nanaimhíochaine UCD saineolas taighde i gceimic fhomhóilíneach, nanaiteicneolaíocht, bitheolaíocht agus ardsamhlú chun: teicnící diagnóisithe nua a fhorbairt; nanashábháilteacht agus rioscaí agus cúrsaí rialála agus eitice nanacháithníní agus nana-ábhair a thuiscint; agus modhanna agus éifeachtúlacht seachadta drugaí a fheabhsú. Forbraíonn an NMC, á threorú ag an Stiúrthóir Eolaíoch an tOllamh Gil Lee, saoráidí uathúla UCD i dteicneolaíochtaí nanascála lena n-áirítear ionsamhlú agus samhaltú, íomháú *in vitro* agus *in vivo*, agus bithbhrath.

- In 2012, d'óstáil an NMC clár rannpháirtíochta tionscail agus ardú tráchtálaithe, a d'fhág go ndearna taighdeoirí ceannródaíochta ó UCD cur i láthair ar eagar topaicí lena n-áirítear seachadadh druga, scríneáil ardábhair, nanacháithníní agus bitheolaíocht chóras.
- Tá ballraíocht UCD san Ardán Teicneolaíochta Eorpach i Nanaimíochaine (ETPN) ag NMC.

## Ionad TRIL
**www.trilcentre.org**

Is comhoibriú acadúil tionscail é TRIL idir UCD, TCD agus ilpháirtithe tionscail lena n-áirítear Intel agus GE-Healthcare. Déanann TRIL, á threorú ag an Stiúrthóir Acadúil an Dr Brian Caulfield, imscrúdú ar iarmhairtí cognaíocha, sóisialta agus fisiciúla aosaithe agus forbraíonn teicneolaíochtaí chun aghaidh a thabhairt orthu. Tairgeann TRIL saineolas fearann acadúil agus cliniciúil i measúnuithe teicneolaíochta cúram sláinte sa phobal.

- In 2012 tugadh clár measúnaithe cliniciúil TRIL chun críche. Bhí measúnuithe bith-shíceashóisialta cuimsitheacha 1,335 duine scothaosta ina gcónaí i bpobal i gceist ann.
- Mar cheann de chomhpháirtithe acadúla TRIL, bronnadh an chéad chéim taighde den Ionad Teicneolaíochta do Shláinte Nasctha, maoinithe ag Fiontar Ireland agus IDA Ireland, ar UCD.
- Tá mac-chuideachta an champais Teicneolaíochtaí Sláinte Kinesis, bunaithe ar theicneolaíochtaí Measúnaithe Riosca Titime a forbraíodh ag TREL.

## Lárionad Taighde Cliniciúil UCD (CRC)
**www.ucd.ie/crc**

Cuireann taighde cliniciúil ag Lárionad Taighde Cliniciúil UCD, á threorú ag an Stiúrthóir an Dr Peter Doran, le fionnachtain nuálaíochtaí agus feabhsúcháin nua i gcúram míochaine. Déanann sé iarracht cóireálacha nua a bhunú a fheabhsóidh, ar a seal, cáilíocht na beatha dóibh siúd a bhfuil galair ainsealacha acu.

- Bronnadh dámhachtainí Eolaí Cliniciúil HRB ar thriúr imscrúdaitheoir CRC: an tOllamh Peter Kelly, an tOllamh Michael Hutchinson agus an tOllamh Kenneth MacDonald.
- Tá CRC tar éis comhpháirtíocht nua a bhunú le ICON plc, an eagraíocht taighde cliniciúil ceannródaíoch, dírithe ar oiliúint foirne taighde chliniciúil.
- Chumasaigh an CRC 11 triail chliniciúil imscrúdaitheoir-tionscanta, agus is é an ceannaire náisiúnta sa spás seo.

## Leigheas Móilíneach Éireann (MMI)
**www.molecularmedicineireland.ie**

In 2012, rinne Leigheas Móilíneach Éireann comóradh 10 mbliana a cheiliúradh mar chomhpháirtíocht taighde bithmhíochaine a foirmíodh idir UCD, NUIG, RCSI, TCD agus UCC. Is é a mhisean córas náisiúnta inbhuanaithe a bhunú le taighde aistritheach agus cliniciúil a chur chun cinn agus a chomhordú, agus tacú leis.

- Ceapadh an Dr Graham Love ina Phríomhfheidhmeannach. Ceapadh an tOllamh Pat Murray, Déan an Leighis UCD, ina Stiúrthóir ar Ionad Bhaile Átha Cliath do Líonra Taighde Cliniciúil agus freisin mar Stiúrthóir Cliniciúil ar Líonra Infreastruchtúr Taighde Cliniciúil Éireann (ICRIN).
- Bronnadh Bonn MMI ar Scoláire Taighde Aistritheach agus Cliniciúil MMI Trudy McGarry, bunaithe i UCD, as a chur i láthair béil *Beta1 Integrin is a Critical Mediator of TLR2 Induced Cell Migration and Invasion in RA*.
- Ar rannpháirtíocht tionscail áiríodh socrúcháin PhD mar aon le meantóireacht scileanna inaistrithe a thairg breis agus 20 cuideachta.
- Reáchtáil MMI a chéad chúrsa Bithbhaincéireachta in Ionad Taighde Cliniciúil UCD. Reáchtáladh é i gcomhar le Teastas Iarchéime i dTaighde Aistritheach agus Cliniciúil UCD.

## Institiúid Náisiúnta um Thaighde agus Oiliúint Bhithphróiseála (NIBRT)
**www.nibrt.ie**

Cuireann an Institiúid Náisiúnta um Thaighde agus Oiliúint Bhithphróiseála réitigh thaighde agus oiliúna ar fáil don tionscal bithphróiseála i saoráidí ardchaighdeáin i bPáirc Nuálaíochta Belfield. In Eanáir 2013, ceapadh an Dr Reg Shaw mar CEO.

- I nDeireadh Fómhair 2012, bhain NIBRT Dámhachtain Idirnáisiúnta Bithphróisis: Manufacturing Collaboration of the Decade.
- D'fhreastail breis agus 1,100 mac léinn ó thionscal agus ón saol acadúil ar chúrsa oiliúna de chuid NIBRT.
- I Meitheamh 2013, d'fhógair NIBRT, i gcomhar lena chomhpháirtithe oideachais, go gcuirfeadh sé cláir oiliúna creidiúnaithe pháirtaimseartha ar fáil saor in aisce do dhaoine dífhostaithe, faoin dtionscnamh Springboard dóibh sín atá dífhostaithe faoi láthair. Is í an aidhm cuidiú le daoine fostaíocht a fháil sa tionscal cógaisíochta.

## Ionad Teicneolaíochta Food for Health Ireland
**www.fhi.ie**

Is ionad nuálaíochta €22 milliún, Food for Health Ireland (FHI), treoraithe ag an tionscal. Tá tacaíocht aige ó Fhiontraíocht Éireann agus ó chuideachtai bia Éireannacha. Is é misean FHI cumais eolaíocha a chomhpháirtithe acadúla Éireannacha (UCD, UCC, UL, Teagasc Moorepark) a chomhcheangal le saineolas margaidh a chomhpháirtithe tionscail (Grúpa Carbery, Comhábhair Bia Dairygold, Glanbia plc, Kerry Group) chun píblíne de chomhábhair agus táirgí nuálaíocha, cothaitheacha, feidhmiúla a ghiniúint don tionscal bia domhanda, agus sláinte, folláine agus cáilíocht na beatha a fheabhsú.

- Tá FHI tar éis 75 comhábhar bithfheidhmiúil a fhorbairt ar a n-áirítear bainistiú gliúchóis fola, imdhíonacht fheabhsaithe agus comhábhair chun bainne foirmle do naíonáin a fheabhsú.
- D'fhoilsigh FHI breis agus 150 foilseachán piarmheasúnaithe go dtí seo.
- Díríonn an dara céim de mhaoiniú EI/tionscail (€19.2 milliún) ar fhorbairt sárchumais eolaíocha FHI agus ar thráchtálú na n-aschur ón gcéad agus ón dara céim. Beidh UCD ar an bpríomhinstitiúid sa dara céim de FHI.

## Lárionad Taighde Feidhmigh (ARC) UCD·RTI
**www.ucd.ie/arc**

Is Lárionad Sármhaitheasa é Lárionad Taighde Feidhmigh UCD·RTI a d'eascair as comhiarrachtaí UCD agus Research Triangle Institute bunaithe sna Stáit Aontaithe. Nascann ARC taithí taighde feidhmeach RTI le saineolas acadúil agus taighde UCD, a chuireann an comhchumas seo i bhfeidhm ar thionscnaimh thaighde iompraíocha agus sóisialta feidhmeacha in Éirinn, san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe.

- Tá ARC tar éis líonra taighde idirnáisiúnta a bhunú trí chomhoibriú le tionscal in Éirinn.
- Chuir ARC 16 togra isteach agus bhunaigh clár taighde gníomhach de seacht dtionscadal.
- Rinne ARC urraíocht ar phainéal plé agus Total Survey Error mar ábhar díospóireachta ag comhdháil Chumann Taighde Suirbhé na hEorpa i sa tSlóivéin, Iúil, 2013.

## Taighde Feidhmeach do Shláinte Nasctha (ARCH)
**www.arch.ie**

Is tionscnamh taighde é Taighde Feidhmeach do Shláinte Nasctha a bunaíodh i Márta 2013. Déanann sé taighde chun tacú le dáileadh, glacadh agus aisíocaíocht réitigh Sláinte Nasctha (CH). Tá ARCH maoinithe ag Fiontraíocht Éireann agus an IDA faoin gClár Ionad Teicneolaíochta. Déanann grúpa comhpháirtithe tionscail an tionscnamh taighde a stiúradh, atá bainteach go gníomhach leis an earnáil Sláinte Nasctha. Tá ARCH á threorú ag UCD agus é bunaithe ag NexusUCD, Ionad Comhpháirtíochta Tionscail UCD.

- Tá creat teicneolaíochta do Shláinte Nasctha á fhorbairt ag ARCH, a gcuirfear i bhfeidhm ar dtús ar néaltrú agus leathnófar amach ansin é chun riochtaí cliniciúla breise a ionchorprú.
- Tá samhlú ioncaim, gnó agus eacnamaíocht chúram sláinte déanta ag ARCH, agus taighde fionnachtana cliniciúil agus caighdeán cúraim do Shláinte Nasctha i réimse an néaltraithe.
- Tá athbhreithniú ar an dara céim bainte amach ag gníomh panEorpach COST ar Shláinte Nasctha, á threorú ag ARCH agus UCD.

* *Féach freisin Institiúid Bia agus Sláinte UCD faoin tosaíocht straitéiseach Agraibhia ar leathanach 39*

# Tosaíocht Straitéiseach: Faisnéis, Ríomhaireacht agus Cumarsáid

Aithnítear mórthábhacht straitéiseach réimse na Faisnéise, na Ríomhaireachta agus na Cumarsáide d'uaillmhian na hÉireann geilleagar faisnéise a chruthú. I gcás láidreachtaí UCD i réimsí taighde leathana mar na heolaíochtaí beatha, an eacnamaíocht, na heolaíochtaí sóisialta, aeráid agus múnlú timpeallachta, tá gá le hanailís ar thacair shonraí ar mhórscála, tuiscint dhomhain ar chórais agus ar ionsamhlú trí shamhaltú casta. Laistigh de UCD, tógann an mórthéama taighde seo ar na cláir chomhoibríocha uathúla seo a leanas:

## INSIGHT

**www.insight-centre.org**

In 2012/13, bronnadh an dámhachtain taighde náisiúnta aonair is mó ar UCD do INSIGHT. Tháinig breis agus €40 milliún ó SFI agus €30 milliún ón tionscal. Is cuid de Chlár Lárionad Taighde SFI é INSIGHT. Is lárionad náisiúnta in anailísíocht sonraí a bheidh in INSIGHT a dhíreoidh ar dtús ar dhá réimse feidhmíochta: Sláinte Nasctha agus an Geilleagar Fionnachtana. Is é an tOllamh Barry Smyth CEO INSIGHT.

## CLARITY - Ionad do Theicneolaíochtaí Braiteora Gréasáin

**www.clarity-centre.org**

Is comhpháirtíocht í CLARITY, faoi stiúrthóireacht an Ollaimh Barry Smyth, idir UCD, DCU agus Institiúid Náisiúnta Tyndall, Corcaigh. Díríonn an tIonad ar an idirnasc idir braiteacht oiriúnaitheach agus fionnachtain faisnéise chun teicneolaíochtaí nua nuálaíocha a fhorbairt agus cur le feabhas ar cháilíocht na beatha i réimsí mar shláinte phearsanta, na meáin dhigiteacha agus bainistiú na timpeallachta.

- Is ionann bunmhaoiniú CLARITY agus €37.3 milliún. Sa bhreis ar an €12 milliún ó SFI, tá breis agus €15 milliún faighte ó fhoinsí AE agus tionscail.
- Sháraigh aschur eolaíocht CLARITY 220 páipéar irise agus 550 páipéar comhdhála. Bhain taighdeoirí CLARITY roinnt dámhachtainí taighde idirnáisiúnta dá gcur i láthair ag siompóisiamaí agus dá bhfiontar gnó.
- Go dtí seo, bhain taighde CLARITY, le tacaíocht Fiontraíocht Éireann, 18 dámhachtain paitinne, 14 comhaontú ceadúnais agus ceithre mhac-chuideachta.

In Iúil 2013, tar éis comhiarratas rathúil ar Chlár Ionad Taighde SFI, bhunaigh CLARITY Ionad nua €70 milliún ar a tugadh INSIGHT.

## Saotharlann UCD do Chórais Chasta agus Oiriúnaitheacha (CASL)

**www.ucd.ie/casl**

Is gorlann Saotharlann UCD do Chórais Chasta agus Oiriúnaitheacha, faoi stiúrthóireacht an Dr Michael O'Neill, do thaighde idirdhisciplíneach, le tacaíocht ó ríomhaireacht, matamaitic agus innealtóireacht.

- Chuaigh Infheistíochtaí i bpáirt le Clár Cleamhnaithe Tionscail CASL, taobh le ICON, AOL agus Accenture.
- Bhain an tOllamh Frederic Dias Ard-Deontas ERC agus bronnadh an gradam Chevalier de l'Ordre des Palmes Académiques air.
- Threoraigh an tOllamh Pádraig Cunningham roinnt taighdeoirí CASL leis an Ollamh Barry Smyth agus an Dr Brian Caulfield chun €70 milliún a ghnóthú d'INSIGHT. Fuair baill CASL maoiniú freisin trí SFI, Deontas faoin gClár Comhpháirtíochta R&D US.
- Sháraigh an tOllamh Gary McGuire agus a fhoireann curiarracht domhanda cripteagrafach trí chód a úsáidtear i dtionscal na slándála a scaoileadh.
- Bhain scannán gearr de chuid CASL agus IADT Dhún Laoghaire *Breaking Ground* Gradam an Royal Television Society.

## Clique – An Bhraisle Anailísithe Graif agus Líonra

**www.cliquecluster.org**

Tugann braisle taighde Clique, faoi stiúrthóireacht an Ollaimh Pádraig Cunningham, aghaidh ar fhorbairt teicnící ríomhaireachtúla d'anailís agus do léirshamhlú sonraí líonra.

- Cuireadh taighde Clique lena chomhpháirtí tionscail Storyful ar an ngearrliosta do Ghradaim Ghnóthachtálacha Acadúla Suntasacha na Bliana de chuid Cumann Bogearraí na hÉireann (ISA) 2012.
- Tháinig mac-chuideachta Clique, EgoNav Analytics, sa dara áit i gcomórtas Chlár Forbartha Cuideachta Campais (CCDP) NovaUCD.
- Chosain roinnt iomaitheoirí PhD Clique a dtráchtais go rathúil. Chuaigh beirt de na taighdeoirí ar aghaidh agus Synference, gnólacht nuathionscanta a dhíríonn ar an gcéad ghlúin eile de bhogearra anailísíochta réamh-mheasta a fhorbairt.
- In Iúil 2013, chumaisc Clique, in éineacht le CLARITY agus TRIL, lárionad nua ar chostas €70m dar teideal INSIGHT.

## FMC² - An Bhraisle Mhatamaitice agus Ríomhaireachta

**www.fmc-cluster.org**

Is comhoibriú é FMC², faoi stiúrthóireacht an Ollaimh John Cotter, idir UCD, DCU, NUI Maigh Nuad agus comhpháirtithe tionscail. Tugann sé saineolas comhlántach sa mhatamaitice airgeadais, in eacnamaíocht airgeadais agus i ríomheolaíocht le chéile chun clár taighde iomlánaíoch i mbainistiú sócmhainne agus riosca a chruthú. Faigheann sé maoiniú ó fhoinsí lena n-áirítear SFI, ERC agus a chomhpháirtithe tionscail.

- Chuir baill na braisle 21 foilseachán piarmheasúnaithe ar fáil agus 53 léiriú comhdhála/seimineáir.
- Reáchtáil FMC² roinnt imeachtaí rathúla for-rochtana, lena n-áirítear Comhdháil *Frontiers in Financial Mathematics*, le Lárionad Edgeworth, agus Comhdháil ar *Bank Resolution Mechanisms*.
- Chuaigh baill nua sa Bhord Comhairleach Eolaíoch FMC², lena n-áirítear an tOllamh Douglas Breeden (Duke), an tOllamh Michael Brennan (UCLA), an tOllamh Maureen O'Hara (Cornell), an tOllamh John McConnell (Purdue), an tOllamh Matthew Spiegel (Yale) agus an tOllamh Rene Stulz (Ohio State), iad go léir bainteach le himeachtaí ardphróifíle na Braisle.

## An Lárionad Náisiúnta don Taighde Digiteach (NDRC)

**www.ndrc.ie**

Cuidíonn an Lárionad Náisiúnta don Taighde Digiteach le taighdeoirí, nuálaithe, fiontraithe agus infheisteoirí gnólachtaí níos fearr a thógáil. Mar infheisteoir luathchéime agus tógálaí cuideachta is é misean an Lárionaid caipiteal margaidh a chruthú trí fhiontair dhigiteacha ardtionchair a thógáil as deiseanna sa bhonn taighde. Bunaithe go deireanach in 2006 ag cuibhreannas a chuimsíonn UCD, DCU, IADT Dhún Laoghaire, NCAD agus TCD, oibríonn an Lárionad le taighdeoirí, teicneolaithe agus fiontraithe le smaointe sármhaithe a iompú ina bhfiontair rathúla.

- Tá an luasaire VentureLab NDRC, a seoladh le gairid, tiomanta do dhul chun cinn nua eolaíochta, teicneolaíochta agus innealtóireachta a thráchtálú chun fiontair speisialtachta a chruthú.
- D'éirigh le fiontair NDRC infheistíocht thráchtála a bhaint amach arbh ionann é agus thart ar €16 milliún in iomlán. D'éirigh le fiontar de chuid NDRC, LogEntries, a tionscnaíodh i UCD, babhta maoinithe Sraith A ilmhilliún euro a bhaint amach.
- Tháinig breis agus 100 gnólacht nua chun cinn trí phunann NDRC a raibh breis agus 300 post nua de thoradh orthu. Fuair NDRC socrú maoinithe ilbhliantúil eile leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

## Lárionad do Thaighde Anailísíochta Sonraí Feidhmeach (CeADAR)

**www.ucd.ie/ceadar**

Is tionscnamh lárionad teicneolaíochta treoraithe ag tionscal é an Lárionad do Thaighde Anailísíochta Sonraí Feidhmeach don nuáil agus do thaighde feidhmeach. Cuireann sé luas faoi fhorbairt, leithdháileadh agus glacadh teicneolaíochta Anailísíochta Sonraí agus nuálaíochtaí ábhartha. Bhunaigh Fiontraíocht Ireland agus IDA Ireland CeADAR i Samhain 2012, chun taighde i réimse Anailísíochtaí Sonraí Feidhmeacha a chumasú. Sheol an tAire Richard Bruton TD, an tAire Post, Fiontair agus Nuálaíochta é i Márta 2013. Is é UCD an institiúid ceannais leis na comhpháirtithe UCC agus DIT.

- Treoraíonn Padraig Cunningham (UCD), Barry O'Sullivan (UCC) agus Brian Mac Namee (DIT) téamaí tionscadail CeADAR.
- D'oibrigh CeADAR le 13 comhpháirtithe tionscail le 25 táirge insoláthartha a chruthú. Áiríodh orthu seo taispeántóirí cruthú coincheaptha in ocht réimse tosaíochta taighde, mar a shainmhínigh an tionscal, agus cruthú agus scaipeadh naoi dtuairisc agus trí fhísthéip ar anailísíocht sonraí urscothach.
- Chruthaigh CeADAR 10 bpost lánaimseartha in Éirinn in anailísíocht sonraí, agus chuir tús le himeacht teacht le chéile Anailísíochta Sonraí.
- D'óstáil an Lárionad Imeacht For-Rochtana Tionscail i Lúnasa 2013, ag NexusUCD, chun cur síos gearr a thabhairt ar théamaí tosaíochta taighde CeADAR, sainmhínithe ag tionscal, chun teicneolaíochtaí tosaigh CeADAR atá ar fáil do cheadúnas a léiriú, agus chun comhoibritheoirí ionchasacha a chur ar an eola faoi cén chaoi le bheith páirteach le CeADAR.

# Tosaíocht Straitéiseach: Agraibhia

Is é an tionscal dúchasach is mó in Éirinn é earnáil an agraibhia agus an ghnó talmhaíochta. Fostaítear níos mó ná 150,000 duine san earnáil agus is gné chriticiúil de gheilleagar na hÉireann í agus is bunús ár gcultúir agus ár sochaí í.

Tá UCD ag obair leis an earnáil trí chomhpháirtíocht tionscail chun inbhuanaitheacht agus iomaíochas domhanda a chinntiú. Cruthóidh an caidreamh seo bianna núíosacha a chuireann an tsláinte daonna chun cinn. Oibríonn an Ollscoil le gníomhaireachtaí Stáit freisin chun 'feirm an todhchaí' a shamhlú, ceann a chosnaíonn an comhshaol le linn dó táirgeadh bia a bharrfheabhsú. Tríd ár saineolas i míochaine tréidliachta tá UCD ag cuidiú leis an bpobal cur in aghaidh galair i mbeostoc agus leas ainmhithe a chur chun cinn. Áirítear ar na príomhréimsí taighde:

- Aiste Bia agus Cothú
- Bianna Feidhmiúla Sláintiúla
- Sláinte Ainmhithe
- Bitheolaíocht Atáirgeach
- Gnó Talmhaíochta
- Táirgeadh Inbhuanaithe
- Sláine an Bhiashlabhra (Sábháilteacht Bia, Rialachán Bia agus Inrianaitheacht)

Agus fócas ar réimsí feidhmithe lena n-áirítear: Cothú Oiriúnaithe; Aosú Sláintiúil; Bainistiú Carbóin; Téarnamh Fuinnimh/Carbóin; Rialachán agus Caighdeáin; Sláinte agus Torthúlacht Ainmhithe.

## Institiúid Bia agus Sláinte UCD

**www.ucd.ie/foodandhealth**

Tá Institiúid Bia agus Sláinte UCD faoi stiúrthóireacht an Ollaimh Mike Gibney. Is lárionad domhanda do thaighde bia agus sláinte é. Tugann sé foirne taighde agus acadúil le chéile ó UCD trí chéile, i ngnéithe bainteach le sláinte de thaighde bia, agus ailíníonn sé iarrachtaí taighde le chláir thaighde idirnáisiúnta, náisiúnta agus tionscal.

- In 2012/13 thuill an Institiúid €8.8 milliún i maoiniú taighde a bronnadh go hiomaíoch agus lean a rathúlacht sa chlár FP7.
- Tá an Institiúid rangaithe san 18 áit ar domhan ar líon na bhfoilseachán, sa 9ú ar thionchar domhanda (ag 1.65 tá sí go maith as cionn an mheáin dhomhanda de 1) sa réimse ábhair Eolaíocht agus Teicneolaíocht Bhia, bunaithe ar anailís ó Thomas Reuters InCites.
- In Eanáir 2013, i gcomhar le hUachtaránacht na hÉireann ar an gComhairle Eorpach, bhí an Institiúid ina hóstach ar an seimineár beartais is mó agus is rathúla a bhí aici go dtí seo. D'fhreastail breis agus 200 duine ar *Feeding the World in 2050*, agus thug an tUachtarán Michael D Higgins an t-aitheasc oscailte. Is é Simon Coveney TD, an tAire Talmhaíochta, Bia agus na Mara a thug an óráid dheiridh.

## Braisle Taighde ar Bhitheolaíocht Torthúlachta (RBRC)

**www.ucd.ie/reproduction**

Is comhpháirtíocht taighde Braisle Taighde ar Bhitheolaíocht Torthúlachta UCD, faoi stiúrthóireacht an Ollaimh Alexander Evans, idir UCD agus Teagasc, réitigh á n-imscrúdú ar fhadhbanna torthúlachta in eallaí. Tugann an Bhraisle eolaithe ildisciplíneacha, bithinnealtóirí agus comhpháirtithe tionscail le chéile.

- Toghadh an tOllamh Mark Crowe ina bhall d'Acadamh Ríoga na hÉireann i Meitheamh 2013. Déanfaidh sé comhordú ar thionscadal AE-FP7-KBBE-2013 'GplusE', ar fiú €9 milliún é (luach €1.5 milliún do UCD). Tá an tOllamh Pat Lonergan i mbun obair chomhpháirtithe faoi láthair ar thionscadal Comhordaithe AE-FP7-KBBE dar teideal FECUND (luach €485,000 do UCD). D'éirigh le taighdeoirí RBRC freisin maoiniú a fháil trí SFI TIDA, dámhachtainí Spreagaidh Taighde DAFM, tacaíocht Cás Féidearthachta Tráchtála EI, maoiniú gnímh COST, agus IRCSET (IRC anois) agus comhaltachtaí mac léinn Walsh.
- D'fhoilsigh an Bhraisle 27 foilseachán piarmheasúnaithe, athbhreithniú amháin agus 31 imeacht comhdhála in 2012/13, agus tá dhá nochtadh aireagáin curtha isteach.
- Bhí an RBRC ina óstach don *16th Conference of the European Society for Domestic Animal Reproduction* idirnáisiúnta agus do Chomhdháil AE AI-Vets ag UCD.

** Féach freisin an tIonad Teicneolaíochta Food for Health Ireland faoin tosaíocht straitéiseach Sláinte, leathanach 36.*

# Mór-Chláir, Mór-Ionaid agus Mór-Institiúidí UCD

## Institiúidí Taighde UCD

| | |
|---|---|
| Institiúid Mhic Con Mí UCD | www.ucd.ie/conway |
| Ionad um Shintéis agus Bitheolaíocht Cheimiceach | www.ucd.ie/cscb |
| Institiúid Geary UCD | www.ucd.ie/geary |
| Saotharlann UCD do Chórais Chasta agus Oiriúnaitheacha | www.ucd.ie/casl |
| Institiúid Bia agus Sláinte UCD | www.ucd.ie/foodandhealth |
| Institiúid Daonnachtaí UCD | www.ucd.ie/humanities |
| Institiúid Domhaneolaíochta UCD | www.ucd.ie/earth |
| Institiúid Fuinnimh UCD | www.ucd.ie/energy |

## Ionaid SFI

| | |
|---|---|
| INSIGHT– Lárionad Náisiúnta d'Anailísíochtaí Sonraí | www.insight-centre.org |

## Ionaid SFI don Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht (CSETs)

| | |
|---|---|
| Clarity – Lárionad na dTeicneolaíochtaí Braiteora Gréasáin | www.clarity-centre.org |
| Bitheolaíocht Chóras Éireann | www.ucd.ie/sbi |

## Braislí Taighde Straitéisigh SFI (faoi cheannas UCD)

| | |
|---|---|
| Líonra Seachadta Drugaí na hÉireann | www.ucd.ie/iddn |
| Braisle Thaighde Bitheolaíochta Atáirgthe | www.ucd.ie/reproduction |
| Braisle Tiontaithe Fuinnimh Gréine | www.seccluster.ie |
| Clique | www.cliquecluster.org |
| Braisle Ríomha Matamaitice Airgeadais (FMC²) | www.fmc-cluster.org |
| Córais Fuinnimh Leictrigh Inbhuanaithe | www.erc.ucd.ie/projects/sees-cluster |

### Ionaid Teicneolaíochta Fiontraíochta Éireann

| | |
|---|---|
| Sláinte Bia Éireann | www.fhi.ie |
| Ionad do Thaighde Anailísíochta Sonraí Feidhmeach (CeADAR) | www.ucd.ie/ceadar |
| Taighde Feidhmeach do Shláinte Nasctha (ARCH) | www.arch.ie |

### Mór-Chláir Chomhoibríocha Idir-Institiúide

| | |
|---|---|
| Míochaine Móilíneach Éireann | www.molecularmedicineireland.ie |
| Institiúid Náisiúnta um Thaighde agus Oiliúint Bhithphróiseála | www.nibrt.ie |
| Taighde Teicneolaíochta don Mhaireachtáil neamhspleách | www.trilcentre.org |
| Lárionad Taighde Digiteach Náisiúnta | www.ndrc.ie |

### Lárionaid Taighde UCD

| | |
|---|---|
| Lárionad Taighde Bithacmhainní UCD | www.ucd.ie/bioresources |
| Lárionad Taighde Leictreachais | www.ucd.ie/erc |
| Lárionad Nanaimhíochaine UCD | www.ucd.ie/nanomedicine |
| Lárionad Taighde Cliniciúil UCD | www.ucd.ie/crc |
| Ionad Míochaine Acadúil Bhaile Átha Cliath | www.ucd.ie/medicine/lifewithus/ourcampus/dublinacademicmedicalcentre |
| An tSaotharlann Náisiúnta Tarchurtha Víreas | nvrl.ucd.ie |
| Lárionad Idirghníomhaíochtaí Bith-Nana | www.ucd.ie/cbni |

### Institiúidí agus Cartlanna Téamacha UCD

| | |
|---|---|
| Institiúid Charles | www.ucd.ie/medicine/ourresearch/researchcentres/ucdcharlesinstituteofdermatology |
| Institiúid Claude Shannon | www.shannoninstitute.ie |
| Institiúid Spóirt agus Sláinte UCD | www.ucd.ie/instituteforsportandhealth |
| Institiúid John Hume don Léann Éireannach Domhanda UCD | www.ucd.ie/johnhume |
| Institiúid Mhichíl Uí Chléirigh UCD | www.ucd.ie/mocleirigh |
| Institiúid Clinton don Léann Meiriceánach UCD | www.ucdclinton.ie/index |
| Institiúid do Léann na hÉireann-na Breataine UCD | www.ucd.ie/ibis |
| Institiúid na hÉireann don Leánn Síneach | www.ucd.ie/china |
| Leabharlann Dhigiteach UCD | www.digital.ucd.ie |
| Cartlann Sonraí Eolaíochta Sóisialta na hÉireann | www.ucd.ie/issda |



4

# NUÁLAÍOCHT AGUS COMHPHÁIRTÍOCHT

Is é UCD Ollscoil dhomhanda na hÉireann. Is ábhar mórtais di, le ceart, gur Ollscoil diantaighde den scoth í, áit a gcomhcheanglaítear sármhaitheas san oideachas le tiomantas don taighde, don chruthaíocht agus don nuálaíocht. Mar a léirítear i bPlean Straitéiseach UCD go 2014 *Intinní Domhanda a Chruthú*, is í an nuálaíocht an tríú colún agus colún comhionann i gcroí-mhisean seirbhíse na hOllscoile d'Éirinn sa domhan níos leithne, lámh leis an oideachas agus le taighde.

## CLÁR


Uasmhéadú ar Thionchar Faisnéise agus Saineolais UCD **42**

Nuálaíocht agus Fiontraíocht a Chothú ag an Tríú agus ag an gCeathrú Leibhéal **46**

Nuálaíocht a Chothú i Measc Fhoireann UCD **46**

# Uasmhéadú ar Thionchar Faisnéise agus Saineolais UCD

Tá UCD tiomanta go hiomlán dá phríomhról in éiceachóras malartaithe eolais agus nuálaíochta na hÉireann, mar chumasóir fáis eacnamaíochta agus mar rannpháirtí d'fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta. Baintear é seo amach trí chéimithe fiontraíochta agus nuálaíochta, forbairt tionscail agus comhpháirtíochtaí Rialtais, tráchtálú aschur taighde, giniúint fiontar nua agus cruthú post.

De réir beartas Rialtais, mar a léirítear é sa *Straitéis um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht, Nuálaíocht Éireann agus an Plean Gnímh do Jabanna*, tacaíonn UCD le díorthú toradh eacnamaíochta agus sóisialta ó infheistíocht an Stáit i dteagasc agus i bhfoghlaim, taighde agus nuálaíocht.

Is é misean Oifig an Leas-Uachtaráin don Nuálaíocht luach agus cáilíocht ghníomhaíochtaí nuálaíochta UCD a fheabhsú. Bainfidh sé seo an tionchar is airde don Ollscoil agus dá comhpháirtithe amach, agus do shaol sóisialta agus eacnamaíochta in Éirinn agus sa domhan níos leithne. Leis an misean seo a chur chun cinn tacaíonn an Oifig le gníomhaíochtaí nuálaíochta ar fud an chórais ar fud na hOllscoile, lena n-áirítear nuálaíocht chultúrtha, shóisialta agus bheartais, trí cheithre phríomhthéama nuálaíochta:

### • Céimithe Cruthaitheacha a Spreagadh

Trí chláir oideachais UCD ag na leibhéil chéime agus fochéime, cothaíonn an Ollscoil saineolas disciplíneach ar smaointeoirí nuálaíocha iad freisin agus meas acu ar dhisciplíní eile.

### • An tEolas a Chur ag Obair

Trí obair a dhéanamh le tionscal, leis an Rialtas, leis an earnáil phoiblí agus le heagraíochtaí deonacha, déanann taighdeoirí UCD taighde tiomáinte ag fadhbanna chun réitigh ildisciplíneacha agus comhtháite a chur ar fáil do chuid mhór de na fadhbanna is mó ar domhan.

### • Comhpháirtíocht le Tionscal

Tá breis agus 350 comhpháirtíochtaí taighde ag UCD le tionscal faoi láthair. Sheol an Ollscoil NexusUCD le gairid le cur ar chumas cuideachtaí treoraithe ag an nuálaíocht ar mian leo comhoibriú ar ghníomhaíochtaí R&D le UCD, a gcuideachta nó a n-aonad cuideachta a lonnú gar do phobal taighde UCD den scoth.

### • Gnólachtaí a Fhás agus Tacú leo

Ag NovaUCD, an mol d'fhiontair nua agus d'fhiontraithe ag UCD, cuireann an Ollscoil saoráidí gorlanna den scoth ar fáil. Trí fhoireann aistrithe teicneolaíochta UCD ag NovaUCD, cuidítear le taighdeoirí Ollscoile le haithint agus le cosaint mhaoine intleachtúla (IP) ag éirí as cláir thaighde UCD. Tugtar cuidiú do thaighdeoirí freisin le tráchtálú IP trí cheadúnú do chuideachtaí agus trí bhunú mac-chuideachtaí UCD.

## Príomhfhorbairtí nuálaíochta i rith na bliana:

**Seoladh NexusUCD – An Lárionad Comhpháirtíochta Tionscail**

D'oscail an Taoiseach Enda Kenny TD, an Lárionad Comhpháirtíochta nua 5,250m$^2$ NexusUCD. Is cuid d'éabhlóid leanúnach éiceachórais nuálaíochta UCD é NexusUCD. Tairgeann an Lárionad spás oifige nua-aimseartha ardchaighdeáin do chuideachtaí seanbhunaithe treoraithe ag an nuálaíocht a chomhoibríonn le bonn taighde ardchaighdeáin UCD. Trí lonnú i NexusUCD, bainfidh cuideachtaí tairbhe as gaireacht dhlúth le cumas taighde UCD agus leis an daonra is mó de mhic léinn ardtallainne in Éirinn.

**TEDxUCD**

D'eagraigh agus d'óstáil Oifig an Leas-Uachtaráin don Nuálaíocht an chéad imeacht TEDxUCD riamh i Seomra FitzGerald, ag Ionad Mac Léinn nua UCD. Ba é Réamhfhéacaint téama foriomlán TEDxUCD, réamh-mheas á dhéanamh faoin méid a tharlóidh nó cad a theastóidh sa todhchaí. Áiríodh céimithe, taighdeoirí agus mic léinn UCD ar 12 cainteoir TEDxUCD.

**Grodchúrsa Tráchtálaithe Nua UCD**

Thug triocha is a seacht dtaighdeoir Grodchúrsa Tráchtálaithe UCD cúig seachtaine chun críche ag NovaUCD. Ba ionadaithe iad rannpháirtithe ar an nGrodchúrsa do 19 tionscadal tráchtála ionchasacha atá ag teacht chun cinn ó thaighde atá á dhéanamh ag UCD (32 rannpháirtí agus 16 tionscadal) agus ag an gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha (NCAD) (cúig rannpháirtí agus trí thionscadal) araon. Is coláiste aitheanta de chuid UCD é NCAD. Is í aidhm fhoriomlán an Ghrodchúrsa nua débhliantúil seo píblíne deiseanna tráchtála a neartú ag éirí as cláir thaighde UCD agus NCAD.

**Grodchúrsa Gnó Eolaí Óg BT**

Reáchtáladh Grodchúsa Gnó Eolaí Óg BT 2013 ag NovaUCD. Thug an campa scileanna agus nuálaíocht ceithre lá 30 scoláire dara leibhéal le chéile a léirigh an cumas a thuiscint conas agus cén fáth ar féidir smaoineamh simplí a fhorbairt ina fhiontar inmharthana ó thaobh na tráchtála de. Tá sé d'aidhm ag an gclár, a ceapadh agus a sheachadadh i gcomhpháirt le hOifig an Leas-Uachtaráin um Nuálaíocht, an bearna idir oideachas agus gnó a líonadh do mhic léinn a léiríonn bua fiontraíoch agus géire intinne gnó.

**Lárionad INSIGHT**

I rith na bliana d'fhógair an Rialtas mionsonraí den chlár infheistíochta taighde cómhaoinithe Stáit/tionscail is mó in Éirinn. Cur chuige comhoibríoch nua a bhí ann don taighde. Déanfar maoiniú €200 milliún a sheachadadh thar na chéad sé bliana eile, trí Chlár Ionad Taighde Fondúireacht Eolaíochta Éireann, maraon le breis agus €100 milliún agus ranníocaíochtaí comhchineáil ó bhreis agus 150 comhpháirtí tionscail. Tá an infheistíocht is mó le tabhairt do Lárionad INSIGHT, á threorú ag an Ollamh Barry Smyth, Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD. Forbróidh an Lárionad teicneolaíochtaí ceannródaíocha anailísíochta sonraí chun déileáil le líon, le héagsúlacht agus le luas dúshlán 'Sonraí Móra'.

**Lárionad um Thaighde Anailísíochta Sonraí Feidhmeach (CeADAR)**

D'fhógair Richard Bruton TD, an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta €1 milliún de mhaoiniú tosaigh i CeADAR, lárionad teicneolaíochta anailísíochta sonraí nua. Is tionscnamh de chuid Fiontraíocht Éireann agus IDA Ireland é seo. Tá sé d'aidhm ag an gcéim thaighde tosaigh Éire a dhéanamh ina ceannaire domhanda i réimse anailísíochta sonraí.

Á threorú ag UCD tríd an Ollamh Padraig Cunningham, Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta, úsáidfidh an cuibhreannas taighde an maoiniú tosaigh le hobair a dhéanamh le grúpa cuideachtaí chun bealaí a aimsiú le gnó agus brabús a ghiniúint as anailísíochtaí sonraí. Tá painéal tionscail láidir ag an lárionad atá tionscal-treoraithe, lonnaithe ag NexusUCD, lena n-áirítear Accenture, Adaptive Mobile, Climote, Cylon, Dell, eBay, Fidelity Investments, GBR, HP, MovingMedia, Nathean Technologies, Onwave, agus Qumas.

**Nuálaíocht agus na Daonnachtaí**

Tá nuálaíocht chomh tábhachtach céanna sna daonnachtaí agus san eolaíocht shóisialta agus ata sé sna heolaíochtaí agus san innealtóireacht. Déanann sé cion tairbhe tábhachtach d'fhorbairt eacnamaíochta agus shóisialta na hÉireann. Tionóladh comhdháil lae chun iniúchadh a dhéanamh ar ról na nuálaíochta agus na daonnachtaí ag NovaUCD. Rinne Fondúireacht Mhichíl Uí Chléirigh ar Staidéar ar Stair na hÉireann agus ar Shibhialtacht UCD, Scoil na Staire agus na Cartlannaíochta UCD, agus Oifig an Leas-Uachtaráin don Nuálaíocht an chomhdháil a reáchtáil. Bhí an Coimisinéir Eorpach, Máire Geoghegan-Quinn, a bhfuil freagracht aici as Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht, ina haoichainteoir ag comhdháil a scrúdaigh ról, cion tairbhe agus suntas an taighde sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí sóisialta in Éirinn agus san Aontas Eorpach. Eagraíodh *Nuálaíocht, Athmhachnamh agus Cuimsiú: Ról na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta*, agus an tOllamh Margaret Kelleher, Scoile an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD ina comhchathaoirleach air, mar chuid d'Uachtaránacht na hÉireann ar an AE ag UCD, NUI Maigh Nuad, agus Lárionad Woodrow Wilson Centre.

Thug an chomhdháil acadóirí, lucht déanta beartais, oifigigh rialtais agus Eorpacha chun measúnú agus breithniú a dhéanamh ar bhealaí ina bhfuil an taighde seo ag cuidiú le próiseas an téarnaimh eacnamaíochta agus na forbartha inbhuanaithe ar fud na hEorpa.

**Áirítear ar bhuaicphointí eile:**

- I rith na bliana cheap Rialtas na hÉireann baill nua ar an gComhairle Iomaíochais Náisiúnta. Áiríodh orthu seo an tOllamh Peter Clinch, Leas-Uachtarán UCD don Nuálaíocht, mar aon le Liam Casey, PCH; John Herlihy, Google; Sean O'Driscoll, Glen Dimplex; Louise Phelan, PayPal; Heather Reynolds, Eishtec; agus Dave Shanahan, AbbVie. Tá athchumrú déanta ar an gComhairle le cuidiú forbairt agus feidhmiú Phlean Gnímh an Rialtais do Jabanna a thiomáint.

- Choinnigh an tOllamh Peter Clinch, Leas-Uachtarán UCD don Nuálaíocht, air ag fónamh mar Chomhalta de Bhord Comhairleach Chiste Nuálaíochta Éireann don Taoiseach.

- D'fhógair UCD agus ICON plc, soláthraí domhanda seirbhísí forbartha seachfhoinsithe do na tionscail chógaisíochta, bhiteicneolaíochta agus feistí leighis, go raibh siad tar éis dul isteach i gcomhpháirtíocht straitéiseach. Tacaíonn an chomhpháirtíocht le fís roinnte chun taighde, teagasc, oiliúint agus nuálaíocht sna heolaíochtaí in Éirinn a athrú ó bhonn, agus cuireann sí roimhe na naisc idir taighde acadúil agus tionscal a láidriú. Mar chuid den chomhpháirtíocht, tá ICON tar éis Comhaltacht Newman ICON i nGéanómaíocht a bhunú, comhaltacht dhá bhliana iardhochtúireachta chéimiúil bunaithe ag UCD.

  D'fhógair UCD agus ICON freisin seoladh Acadamh Gnó ICON, a thairgfidh roinnt clár Ollscoil-chreidiúnaithe saincheaptha d'fhoireann ICON. Díreoidh siad seo ar réimsí a bhfuil tábhacht mhéadaitheach leo do chuideachtaí a fheidhmíonn i margaí domhanda, mar bhainistiú agus spreagadh foirne thar theorainneacha idirnáisiúnta agus cultúr nuálaíochta á chur chun cinn.

  D'fhógair UCD agus ICON chomh maith seoladh Teastas Iarchéime i dTaighde Cliniciúil a chuirfidh le cáilíocht oiliúna iarchéime i dtaighde cliniciúil agus a mhéadóidh an linn tallainne atá ar fáil do ICON chun tacú le cláir fhorbartha drugaí a gcliant.

- Cheap UCD an tOllamh Jan Rosier mar Ollamh Élan na Biteicneolaíochta Gnó, agus leis sin bunaíodh an chéad Ollúnacht idirdhisciplíne i 'nGnó na Biteicneolaíochta'. Is cuid de thionscnamh idir Élan agus UCD an ceapachán seo, maoinithe trí dhearlaic ag Élan, atá ceaptha post ceannaireachta sa tionscal biteicneolaíochta domhanda a chruthú. Fágfaidh an chomhcheapachán seo idir Coláiste na hEolaíochta UCD agus Scoil Ghnó UCD go dtreoróidh an tOllamh Rosier teagasc agus taighde ag an gcomhéadan idir gnó agus biteicneolaíocht.

- Cheap UCD an tOllamh Peter Haughton mar Ollamh Tullow Oil le Geolaíochtaí Peitriliam. Tógfaidh an ceapachán, atá maoinithe ag déarlaic de chuid Tullow Oil, ar naisc taighde dlútha atá ann cheana idir Tullow Oil agus Scoil na nEolaíochtaí Geolaíochta UCD. Is éard is aidhm leis taighde agus oideachas a fhás agus a chothabháil thar raon leathan disciplíní eolaíocha bainteach le peitriliam.

- Shínigh UCD agus IADT Dhún Laoghaire Meabhrán Tuisceana chun comhoibriú cruthaitheach agus oideachais substainteach nua a fhorbairt agus a fheidhmiú idir an dá institiúid.

- Reáchtáil Institiúid Domhaneolaíochta UCD a sárthaispeántas fiontair agus tionscail tionscnaimh i Halla Uí Raghallaigh UCD. Ba í aidhm an tsárthaispeántais aird a tharraingt ar scóip agus ar mhéid an taighde a bhí ar siúl laistigh den Institiúid, a bhfuil

deiseanna á n-aithint agus á láidriú aici do chomhoibriú agus do rannpháirtíocht le tionscal agus fiontar.

- Bhain UCD ocht ndámhachtain iarchéime fostaíocht-bhunaithe i dtionscnamh nua, á mbainistiú ag Comhairle na Taighde in Éirinn. Tairgeann sé seo deis do thaighdeoirí céim Máistreachta nó PhD a thabhairt chun críche le linn dóibh a bheith fostaithe le cuideachta phríobháideach nó eagraíocht phoiblí. Is iad seo a leanas comhpháirtithe fostóirí UCD, Glanbia, Doherty Geosolutions, Bioplastech, Iascaigh Intíre, Compass Informatics, agus Renetech.

- Ainmníodh an Dr Edmond Harty, Stiúrthóir Teicniúil ag Dairymaster, agus céimí de chuid Scoil na hInnealtóireachta Bithchóras UCD, mar Fhiontraí na Bliana 2012 Ernst & Young.

- Ainmníodh Caroline Casey, CEO agus bunaitheoir Kanchi, eagraíocht mhíchumais neamhbhrabúis, agus Alan Ennis, Uachtarán agus CEO, Revlon Inc, cuideachta táirge cúram scéimhe domhanda ceannródaíoch, mar Alumni Gnó na Bliana 2013 UCD. Aithníonn na Dámhachtainí alumni a léirigh scileanna ceannaireachta cruthaithe, gnóthachtáil thábhachtach i ngnó agus cion tairbhe suntasach don phobal, in Éirinn nó thar lear.

- Ainmníodh an Dr Emmeline Hill, Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Chothaithe UCD, agus comhbhunaitheoir na mac-chuideachta UCD Equinome, mar Fhiontraí Mná na Bliana *Irish Tatler* 2012.

- Bhain an tOllamh Barry Smyth, Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD, Gnóthachtáil Acadúil Shuntasach na Bliana 2012 de chuid Chumann Bogearraí na hÉireann.

- Roghnaíodh ceathrar mac léinn UCD le bheith páirteach i gClár Éire Washington 2013. Roghnaíodh na mic léinn, nach bhfuil ach 30 acu i gceist, as 525 iarratas.

- Ghlac ocht gcuideachta a bhfuil tacaíocht NovaUCD acu páirt i Sárthaispeántas Rang 2012 de Ghnólachtaí Nuathionscanta Ardionchais Fiontraíochta Éireann.

- D'éirigh le Enbio, mac-chuideachta teicneolaíochta dromchla UCD, conradh €500,000 a fháil le Gníomhaireacht Spáis na hEorpa. Cuirfidh an conradh ar chumas Enbio cóireáil dromchla dhílsithe a bharrfheabhsú le húsáid mar 'sciath ghréine' chun cosaint saitilíte a fheabhsú agus iad ag taistil i spás. Cuirfidh an conradh ar chumas Enbio freisin a chéad saoráid déantúsaíochta a bhunú ag NovaUCD.

- Shínigh Equinome, mac-chuideacha géanómaíochta eachaí UCD, comhaontú chun ceadúnas a thabhairt do Thriail Géine Luais Equinome do Shaotharlann Cheimice Rásaíochta na Seapáine (LRC) amháin. Ceadóidh an comhaontú seo don LRC a bheith ina sholáthraí aonair de Thriail Ghéine Luais Equinome do thionscadal rásaíochta capall agus folaíochta na Seapáine.

- Thug Logentries, mac-chuideachta UCD a sholáthraíonn réiteach bainistithe comhaid loga anailíse agus cuardaigh fíor-ama, néalbhunaithe, d'fhiontair de gach uile cineál, babhta €815,000 chun críche ó Chomhpháirtithe Fiontair Polaris, Fiontair RRE, Fiontair Frontline, agus Fiontraíocht Éireann.

- D'éirigh le Openet, ceannaire domhanda i mbainistiú idirbhirt fíor-ama bogearra agus seirbhís, Forkstream a fháil, mac-chuideachta le UCD.

- Bhain Tethras, príomhsheirbhís domhanda aistrithe agus comhchruinnithe do aipeanna soghluaiste a bhfuil a cheannáras ag NovaUCD, Dámhachtain 2013 Red Herring Top 100 Europe. Aithníonn an gradam ardchéimiúil seo an 100 fiontar teicneolaíochta is mó gealladh ar fud na hEorpa.

## NovaUCD de réir uimhreacha

- Tuairiscíodh daichead is a cúig nochtadh aireagáin.
- Comhdaíodh tríocha is a dó iarratas paitinne thar réimsí uile na n-eolaíochtaí beatha, na hinnealtóireachta agus teicneolaíochta cumarsáide an eolais, mar a leanas: 15 iarratas tosaíochta paitinne; 11 iarratas PCT (Conradh Comhoibrithe Paitinne); agus sé iarratas paitinne réigiúnda/náisiúnta.
- Tugadh ceithre chonradh ceadúnais déag chun críche le cuideachtaí dúchasacha agus idirnáisiúnta.
- Ionchorpraíodh dhá mhac-chuideachta nua UCD.
- Thug naoi bhfiontar nua Clár Forbartha Cuideachta Champais NovaUCD 2012 chun críche.
- Ag deireadh na bliana, bhí 35 fiontar dlútheolais áitithe i 78% den spás cothaithe, lonnaithe ag NovaUCD.




1



2



3




4




5




6



7

1. Sa ghrianghraf (clé go deas) ag oscailt oifigiúil NexusUCD, An Lárionad do Chomhpháirtíochtaí Tionscail: An Dr Conor Hanley, Leas-Uachtarán Sinsearach, ResMed Ventures and Initiatives; An Taoiseach Enda Kenny TD; agus an tOllamh Peter Clinch, Leas-Uachtarán Nuálaíochta UCD

2. Sa ghrianghraf (clé go deas) ina saoráid déantúsaíochta ag NovaUCD: Nigel Cobbe, Leas-Uachtarán, Forbairt Ghnó, Enbio; John O'Donoghue, CEO, Enbio; agus an Dr James Carton, Bainisteoir Clár Dromchlaí Tionsclaíocha, Enbio. Tá an mhac-chuideachta teicneolaíochta dromchla seo de chuid UCD i mbun oibre le barrfheabhas a chur ar chóireáil dromchla dílsithe ar féidir a úsáid mar 'ghriansciath' chun cur le cosaint satailíte

3. Bronnadh Gradam Nuálaíochta NOVA UCD 2012 ar an Dr Denis Dowling, Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí & Bithphróisis UCD, agus Scoil na nInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar UCD. Bronnadh an gradam mar aitheantas ar chomh maith is atá ag éirí leis le fada i dtráchtálú na maoine intleachtúla a eascraíonn as cláir taighde UCD agus i mbunú naisc chomhoibrithe agus straitéise leis an tionscal náisiúnta agus idirnáisiúnta

4. Bhuaigh Wattics, mac-chuideachta bainistithe fuinnimh UCD, an gradam don Chuideachta Is Fearr ag Teacht Chun Cinn ag Comórtas Gnó Seedcorn Uile-Oileáin InterTradeIreland 2012. Tá réiteach bogearraí nuálach ceaptha ag Wattics, a nascann le méadair chliste atá le ceannach sna siopaí agus a dhéanann patrúin fuinnimh lód leictreach aonair go discréideach, ag léiriú coigiltis fuinnimh do ghnólachtaí. Baill foirne Wattics (clé go deas): Seamus Porter, Anthony Schoofs, Romain Vigo Benia, an Dr Antonio Ruzzelli, agus Alex Sintoni

5. Bronnadh an Gradam Tráchtálú Lifescience Fiontraíocht Éireann 2012 ar an Ollamh Dolores O'Riordan, Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia UCD, ag an Aire Taighde agus Nuálaíochta, Seán Sherlock TD, le linn Big Ideas Showcase Fiontraíocht Éireann 2012. Bronnadh an gradam mar aitheantas ar an méid ollmhór a chuir sí le nuálaíocht san earnáil bia trí chomhoibriú leis an tionscal

6. Ba é PurOrigin, fiontar nua a dhíríonn ar fhearais tí nua atá tíosach ar fhuinneamh, a dhearadh agus a fhorbairt, buaiteoir foriomlán Chlár Forbartha Cuideachta Campais NovaUCD 2012. Rinne tionscnóirí PurOrigin (clé go deas), Finbarr Maguire agus David Ronan, céimeanna Máistreacht san Innealtóireacht i gCórais Fuinnimh i Scoil na nInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar UCD

7. Sa ghrianghraf (clé go deas) tá baill foirne an tionscadail I.C.E. *Scan Me* ag NovaUCD: Émer Hickey, Coláiste Pobail Chionn tSáile, Co. Chorcaí; Anna Fitzpatrick, Scoil Chonglais, Co. Chill Mhantáin; Sean Reilly, Coláiste na Coiribe, Co. na Gaillimhe; Aaron Hoffmann, Coláiste Pobail Bhaile Lotrail Co. Bhaile Átha Cliath; agus Sean Murphy, Coláiste Davitt, Co. Mhaigh Eo. Bronnadh buaiteoir foriomlán ar an bhfoireann ag Grodchúrsa Gnó Eolaí Óg BT 2013, as an smaoineamh de bhunachar sonraí leighis a fhorbairt ar féidir rochtain a fháil air i gcás éigeandála, via cód QR pearsantaithe

## Nuálaíocht agus Fiontraíocht a Chothú ag an Tríú agus ag an gCeathrú Leibhéal

Ba é John Thackara, saineolaí ceannródaíocht as an mBreatain i ndearadh agus údarás domhanda ar nuálaíocht agus ar inbhuanaitheacht, a thug an seimineár *Thriving in a No Growth Economy*, ag UCD, mar chuid de Nuálaíocht Bhaile Átha Cliath 2012, le tacaíocht ó Thionscadal Nuálaíochta Osailte Interreg 4B.

D'eagraigh Oifig an Leas-Uachtaráin do Nuálaíocht an seimineár, i gcomhar le hInstitiúid Dearthóirí in Éirinn. Ba chuid de ghníomhaíochtaí Líonra Deartha Cruthaitheach Bhaile Átha Cliath é, a bhunaigh grúpa ildisciplíneach ó Scoileanna Innealtóireachta, Ailtireachta, Gnó, NCAD agus Oifig an Leas-Uachtaráin do Nuálaíocht.

Shroich an chéad bhaisc de 15 mac léinn PhD UCD agus TCD ceannchúrsa le Teastais i Nuálaíocht agus i bhFiontraíocht ón *Acadamh Nuálaíochta*. Mar chuid dá gcláir PhD, múintear modúil d'iarratasóirí in ábhair bainteach le nuálaíocht agus iad fós ag obair i dtreo a PhDanna aonair. Is í aidhm an Acadaimh, a bhfuil 240 mac léinn aige faoi láthair, oideachas a chur ar mhic léinn PhD le go n-aithneoidh siad nuálaíocht ionchasach a gcuid taighde agus go mbainfidh siad feidhm as a gcuid smaointe i ndomhan iomaíoch. I rith na bliana chuaigh Ollscoil na Ríona, Béal Feirste i bpáirt leis an *Acadamh Nuálaíochta* mar chomhpháirtí comhoibríoch.

## Nuálaíocht a Chothú i measc Fhoireann UCD

Mar chuid den sprioc chun cultúr nuálaíochta agus fiontraíochta a chruthú, bhí Oifig an Leas-Uachtaráin um Nuálaíocht rannpháirteach i roinnt clár agus tionscnamh ar fud na hOllscoile. Áiríodh orthu seo seachadadh cainteanna gearra agus seimineáir ar ábhair mar 'Forléargas ar an bPróiseas Tráchtálaithe' agus 'Réamheolas ar Mhaoin Intleachtúil'.

Lean foireann UCD orthu ag tráchtálú a dtaighde go rathúil. Mar shampla bronnadh Dámhachtain Tráchtálaithe Eolaíocht na Beatha Fiontraíochta Éireann 2012 ar an Ollamh Dolores O'Riordan, Scoil na Talmhaíochta agus an Chothaithe UCD i rith Mórthaispeántas Smaointí Fiontraíochta Éireann 2012. Bronnadh an gradam ar an Ollamh O'Riordan mar aitheantas ar a cion tairbhe eiseamláireach do nuálaíocht in earnáil an bhia trí chomhoibriú le tionscal.




5

# EISPÉIREAS MAC LÉINN UCD

Cuireann UCD roinnt seirbhísí agus tacaíochtaí ar fáil chun a chinntiú go dtagann mic léinn chun a bheith ina ndaoine aonair ildánacha le linn a dtréimhse ag an Ollscoil. Is cuid riachtanach dá n-oideachas é seo agus ceann a sheasfaidh dóibh i bhfad tar éis dóibh céim a bhaint amach. Tá UCD tiomanta timpeallacht a chruthú áit a mbainfidh mic léinn leas agus taitneamh as eispéireas iomlánaíoch atá chomh dúshlánach, chomh sásúil agus chomh spreagúil agus is féidir.

## CLÁR

Seirbhísí Tacaíochta agus Riaracháin do Mhic Léinn **48**
Spóirt, Cumainn agus Gníomhaíochtaí Eile **50**

# Seirbhísí Tacaíochta agus Riaracháin do Mhic Léinn

Is é UCD an rogha ollscoil in Éirinn i gcónaí, agus 8,846 chéad roghanna CAO ann in 2012/13. D'ardaigh pointí CAO freisin do bheagnach dhá dtrian de chúrsaí UCD, an méadú is mó san earnáil. Bhí ról tábhachtach ag iarrachtaí Earcaíochta Mac Léinn UCD sa rathúlacht seo, mar ar léirigh an 10,000 cuairteoirí chuig Lá Oscailte UCD i Samhain 2012. Reáchtáladh an Lá Oscailt Fíorúil tionscnaimh bliantúil i Meitheamh 2013, tráth ar bhreathnaigh thart ar 3,000 cuairteoir ar an suíomh agus mheall an fóram Q&A beo 6,000 idirghníomhaíocht.

Lean nuálaíochtaí i dtacaíochtaí mac léinn ar aghaidh ag Deasc na Mac Léinn. Áiríodh orthu seo: an tsaoráid doiciméid ar líne a leathnú leis an Dioplóma Forlíontach feabhsaithe a chuimsiú; tras-scríbhinní féinfhoilsithe a leathnú siar go 2000; íocaíochtaí tríú páirtí ar líne a chumasú; an Nascóir rochtain sciobtha don Deasc Mac Léinn a fhorbairt; agus úsáid na meán sóisialta a leathnú.

Tairgeann an tsaoráid nua UView achoimre aon stad ar thaifead acadúil foriomlán mic léinn don fhoireann agus do mhic léinn. Cuidíonn sé seo le mic léinn a ndul chun cinn a rianú agus fágann sé go mbíonn sé níos éasca ag an bhfoireann tacú le mic léinn. Forbraíodh tuairisciú comhtháite nua freisin chun tacú leis an dtionscnamh nua seo ar líne de chuid UCD.

I rith 2012/13, rinne an t-aonad Measúnaithe suirbhé ar mhic léinn a rinne a scrúduithe deireadh seimeastair san Ionad Tacaíochta Míchumais agus Scrúdaithe Malartaigh, in Áras Newman. Léirigh na taighde go raibh mic léinn sásta ar an iomlán le hoiriúnacht Ionad Newman mar láthair scrúdaithe malartach. Bhí siad sásta freisin le leibhéal na tacaíochta a fuaireadar ón bhfoireann feitheoireachta.

D'fhaomhaigh an Ollscoil athruithe ar chúiteamh sa chóras grádaithe, a mbeidh feidhm leis ar bhonn céimnithe thar na chéad trí bliana eile, ag tosú sa bhliain acadúil 2013/14. Tá maoirseacht ar na hathruithe á déanamh ag grúpa feidhmithe, faoi chathaoirleacht an Chláraitheora. Déileálfaidh an grúpa le feidhmiú lóistíochúil an tionscadail agus moltaí faoi aon athruithe beartais nó reachtúla eile, mar aon le comhaontú a bhaint amach ar phlean cumarsáide don fhoireann agus do mhic léinn. I ndáiríre, faoi 2015/16, ní bheidh aon mhodúl atá á thairiscint ag UCD incháilithe do chúiteamh.

Rinneadh roinnt tionscadal beartais agus athbhreithnithe nó tá siad ar siúl, ag teacht le Plean Straitéiseach UCD go 2014 *Intinní Domhanda a Chruthú*. Leanann Coiste na Comhairle Acadúla ar Dhisciplín Mac Léinn lena chuid oibre ar bheartas agus ar phróiseas disciplíne mac léinn, agus tá dréachtChairt Mac Léinn forbartha aige a thugann imlíne ar mhianta agus ionchais UCD ó gach duine de phobal na hOllscoile. Tá comhairliúchán faoin dréacht ar siúl faoi láthair leis na príomhghrúpaí páirtithe leasmhara agus cuirfear os comhair na Comhairle Acadúla é lena fhaomhadh go luath in 2013/14.

Agus an deis á ghlacadh a thug síneadh téarmaí tagartha Oifig an Ombudsman d'ollscoileanna, bhunaigh UCD Tasc Fhórsa le hathbhreithniú a dhéanamh ar chur chuige na hOllscoile i leith gearán mac léinn. Cuideoidh sé seo chun gnéithe a bhféadfaí a fheabhsú nó cur leo, a aithint.

Tháinig méadú de 24% ar iarratais chug cláir mhúinte iarchéime UCD. Rinneadh feabhsúcháin mhóra ar an gcóras ar líne agus baineadh feabhais shuntasacha amach ar agaí slánúcháin maidir le cinntí ar iarratais a fuarthas.

Bhí móréileamh ar úsáid na meán sóisialta ag Clárlann UCD i gcónaí, go háirithe Twitter agus Facebook.

## Oifig an Leas-Uachtaráin do Mhic Léinn

I rith na bliana choinnigh Oifig an Leas-Uachtaráin do Mhic Léinn le tionscnaimh chun a chinntiú go leanann UCD air ag cur an infreastruchtúir ar fáil a chuireann ar chumas mac léinn a lánacmhainneacht a bhaint amach.

Is iad mic léinn UCD na saoránaigh a bheidh i gceannas ar Éirinn sa todhchaí. Tá sé tábhachtach mar sin go spreagann UCD saorálaíocht agus deiseanna rannpháirtíochta leis an bpobal, a cheadaíonn do mhic léinn feasacht ar a bpobal agus ar a bhfreagrachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a fhorbairt. Nil i UCDVO agus SVP UCD ach dhá cheann den iliomad samplaí de chumainn a raibh rath orthu ar an gcampas i rith 2012/13.

Agus daonra mac léinn mór agus éagsúil UCD á chur san áireamh, bíonn teagmháil ag roinnt mac léinn le deacrachtaí airgeadais, sláinte nó eile. Cuma cén chúis atá leis, cuireann comhairleoirí mac léinn UCD, seirbhísí comhairleoireachta, seirbhísí sláinte agus séiplínigh raon leathan de sheirbhísí tacaíochta ríthábhachtacha ar fáil do mhic léinn.

Rinne Oifig an Leas-Uachtaráin do Mhic Léinn maoirsiú ar Sheisiún Tionscnaimh 2012, sraith imeachtaí ar feadh seachtaine a chinntíonn go gcuirtear fáilte chuí go UCD roimh gach mac léinn nua agus go bhfaigheann siad tacaíocht ar a n-aistriú go tríú leibhéal. Ba é buaicphointe na seachtaine ná an tsraith Fáilte an Uachtaráin, a thugann an deis d'Uachtarán UCD fáilte a chur go foirmiúil roimh gach mac léinn nua.

## Comhairleoirí Mac Léinn

Lean Comhairleoirí Mac Léinn lena mbainistíocht agus seachadadh gníomhaíochtaí Piarmheantóireachta agus Ionduchtaithe áitiúil. Tá Piarmheantóireacht neadaithe anois go hiomlán i UCD, agus aithnítear í mar phríomhacmhainn nuair is cuidiú do mhic léinn nua chun socrú isteach atá i gceist. Trí chuidiú leis na mic léinn seo an t-aistriú go dtí tríú leibhéal a dhéanamh, tugann an clár Piarmheantóireachta deis do mhic léinn shinsearacha obair dheonach a dhéanamh, a dtaithí ar shaol an mhic léinn a roinnt agus a scileanna ceannaireachta a fhorbairt. Comhlánaíodh an clár seo leis an gclár Foghlaim le Cúnamh Piara agus leis an tionscnamh LinkedUp BA.

Bíonn Comhairleoirí Mac Léinn bainteach go gníomhach le bainistiú agus le feidhmiú na scéimeanna tacaíochta airgeadais mac léann éagsúla, saincheist a bhí níos ábhartha ná riamh le blianta beaga anuas. Agus na dúshláin eacnamaíochta agus pearsanta méadaithe atá roimh mhic léinn á gcur san áireamh, leanann na Comhairleoirí Mac Léinn orthu ag cur tacaíochta cuimsithí agus comhtháite, duine ar dhuine, (pearsanta, sóisialta agus praiticiúil) ar fáil do mhic léinn UCD.


1


2


3


4



5


6


7


8

1. Fuair UCD an ceann is fearr ar UCC 1-0, i mBaile Shiúrdáin, chun Corn Collingwood, an duais is mó i bpeil na nOllscoileanna, a choimeád

2. Scoláire Spóirt UCD agus imreoir iománaíochta do Chill Chainnigh, Walter Walsh, ag bualadh leis an Taoiseach Enda Kenny TD ag oscailt oifigiúil Ionad Mac Léinn UCD. Sa ghrianghraf freisin tá (ar chlé), Brian Mullins, Stiúrthóir Spóirt UCD

3. Sa ghrianghraf tá Mary FitzGerald, iníon an iar-Thaoisigh Garret FitzGerald agus a gharinín, Sorcha, in aice dealbh cré-umha sainchoimisiúnaithe den Dr Garret FitzGerald, atá curtha ag an mbealach isteach chuig Seomra Díospóireachta FitzGerald, atá ainmnithe ina onóir in Ionad Mac Léinn UCD

4. Comhaltaí Fhoireann seoltóireachta UCD Team Ireland a bhuaigh Corn Domhanda Luamhaireachta na Mac Léinn sa Fhrainc: (ar cúl, ó chlé go deas): David FitzGerald, Ellen Cahill, Theo Murphy, Aidan McLaverty, Simon Doran, Cathal Leigh Doyle; agus (ina suí, ó chlé go deas) Alyson Rumball, Isabella Morehead, agus Barry McCartin

5. Sa ghrianghraf (clé go deas) ag fáiltiú chun mar aitheantas ar thacaíocht UCD don Tionól 2013, agus ar an méid a rinne foireann UCD chun ócáidí a eagrú, bhí an Dr Martin Butler, Leas-Uachtarán do Mhic Léinn agus agus Cathaoirleach, Coiste Stiúrtha Thionól UCD; Jim Miley, Stiúrthóir Tionsadail ag Tionól na hÉireann 2013; agus Uachtarán UCD, an Dr Hugh Brady

6. Sa ghrianghraf (clé go deas) ag oscailt Ionad Mac Léinn UCD leis an Taoiseach Enda Kenny TD: Daisy Onubogu, Reachtaire, an Cumann Litríochta agus Staire 2012/13; Sinead Rooney, Reachtaire, An Cumann Dlí 2012/13; agus David Ryan, Reachtaire, an Cumann Leighis 2012/13

7. Bronnadh Leas-Uachtaránacht ar Chumann Dlí UCD ar an mBreitheamh Judy Sheindlin in Aibreán 2013. Phléigh an breitheamh, a fheictear le mic léinn UCD sa ghrianghraf seo, an tionchar a bhíonn ag a clár teilifíse ar dhearcadh daoine agus ar an saol réadúil

8. Léirigh baill de Cheoldráma Pobail UCD *The Phantom of the Opera* i Halla Uí Raghallaigh i mí Feabhra 2013.

## Seirbhís Chomhairliúcháin agus Sláinte Mac Léinn UCD

I rith 2012/13, lean Seirbhís Chomhairliúcháin agus Sláinte Mac Léinn UCD ag tabhairt tacaíochta do mhic léinn uile UCD. Tá athrú ag teacht ar phróifíl mhac léinn UCD de thoradh líon níos mó mac léinn idirnáisiúnta agus Éireannacha neamhthraidisiúnta. Á chur seo san áireamh le laghdú ar mhaoiniú, cuireann sé seo éilimh bhreise ar an tSeirbhís. Ach trí thionscnaimh éagsúla, lena n-áirítear aithint tacaíochta comhairliúcháin lasmuigh, choinnigh Seirbhís Chomhairliúcháin agus Sláinte Mac Léinn UCD uirthi ag cur na tacaíochta a bhí riachtanach ar fail.

## Séiplínigh

Bhí for-rochtain speisialta do mhic léinn idirnáisiúnta agus bunú fóraim idirchreidmhigh i measc mac léinn, rud a tháinig le cur chuige na hollscoile maidir leis an idirnáisiúnú. Bhí na séiplínigh bainteach le léachtaí, siompóisiamaí agus cainteanna a thabhairt do mhic léinn i dtéarmaí smaoineamh Newman maidir le hoideachas liobrálach. Mar sheirbhís atá ar fáil do chách, bíonn na séiplínigh bainteach le reáchtáil Ciste Leasa Mac Léinn agus le cuidiú le mic léinn sna saincheisteanna acadúla, eacnamaíocha agus pearsanta a bhíonn rompu sa saol ollscoile. Cuireann na séiplínigh le cruthú na n-intinní agus na gcroíthe nua atá lárnach i gcoincheap ollscoile John Henry Newman.

# Spóirt, Cumainn agus Gníomhaíochtaí Eile

## Lárionad Mac Léinn UCD

I Samhain d'oscail an Taoiseach Enda Kenny T.D. Lárionad Mac Léinn nua UCD. Sa chéad 300 lá tugadh 204,390 cuairt uathúil ar na trí halla gleacaíochta. Ghlac beagnach 14,000 mac léinn – breis agus leath de mhic léinn uile UCD – páirt i measúnú giomnáisiam. Tá an tsaoráid nua seo, ar íoc na mic léinn as, tagtha chun a bheith ina phointe lárnach do mhic léinn chun caidreamh a bheith acu lena chéile, stíl mhaireachtála sláintiúil á chothú acu ag an am céanna. Cuirfear tuilleadh leis an líon a bhaineann úsáid as an Lárionad Mac Léinn le hoscailt Chlubtheach na Mac Léinn i bhfómhar 2013.

D'oscail Seomra Díospóireachta Garrett FitzGerald, lonnaithe sa Lárionad Mac Léinn, i 2012/13. Tá an tsaoráid iontach seo in úsáid ag cumainn díospóireachta cheannródaíochta na hOllscoile, lena n-áirítear an Literary and Historical Society, a bhfuil cáil dhomhanda air.

## Spóirt agus Cumainn UCD

Tá 56 club spóirt ardphróifíle agus 110 cumann mac léinn ag UCD. Cuidíonn ardleibhéil rannpháirtíochta agus gníomhaíochta na gclubanna seo chun mic léinn a mhealladh chuig an Ollscoil. Thug athlonnú Rugbaí Laighean go dtí campas UCD treisiú iontach do chlub rugbaí UCD. Agus déanann na céadta oibrí deonacha obair dheonach go discréideach taobh thiar de na clubanna agus de na cumainn seo. Mar shampla Cumann Naomh Uinseann de Pól a bhfuil 800 mac léinn ag obair go deonach leo agus ar cheann de ghníomhaíochtaí an Chumainn tá reáchtáil Chlub Óige Dhomhnach Broc. Tá an Seó Faisin, a eagraíonn mic léinn UCD gach dara bliain, tar éis suimeanna suntasacha airgid a bhailiú do chúiseanna maithe. Cinntíonn an 600 mac léinn sa Chumann Mac Léinn Idirnáisiúnta go gcuirtear *céad míle fáilte* roimh chohórt mac léinn UCD ón gcoigríoch atá at dul i méid.

### Gnóthachtálacha Spóirt

- Bhain haca na mban Sraith Laighean agus Corn na nOllscoileanna (Corn Sileach). Bhain an fhoireann Corn Dúshláin 1 Seaimpíní Haca Euro san Iodáil freisin.
- Bhain UCD an Corn Domhanda Luamhaireachta Mac Léinn i La Rochelle, sa bhFrainc.
- Bhain Rugbaí UCD ardú céime amach go dtí rannán IA de Shraith Chraobh na hÉireann (AIL). D'éirigh go maith leo freisin i gCorn Dudley, Corn Conroy agus Corn Sraithe JP Flanagan. Bhí imreoirí ón Ollscoil páirteach ag an leibhéal idirnáisiúnta sinsearach agus ag an leibhéal idirnáisiúnta club agus ag an gCorn Domhanda U21 Náisiúnta.
- D'éirigh le club snámha UCD, i mbliain a gcomóradh céad, i gcomórtas idir-ollscoile na bhfear agus na mban, bhíodar san iomaíocht i Grand Prix na Sualainne agus bhain iliomad teideal náisiúnta. Bhí baill san iomaíocht i gComórtas Oscailte Óige na Breataine agus Meiriceá agus i gCraobhchomórtais na hEorpa.
- Bhain Club Sacair UCD Corn Collingwood don dara bliain as a chéile agus beidh an chraobh á cosaint acu ag UCD in 2014.

## Cumainn

- Bhronn Literary and Historical Society UCD Gradam James Joyce ar an amhránaí mórbhuaiteoir gradaim, Emile Sandé.
- Thug an Cumann Dlí cuireadh do Judge Judy cáiliúil tionchar a clár teilifíse ar bhraistintí agus ar an réaltacht a phlé.
- D'fhág imeacht a reáchtáil an Cumann Dlí le Jenna Marbles, an blagálaí idirlín, go raibh mic léinn i scuaine ó go moch ar maidin le freastal air. Mheall a blog físe dá láithreacht i UCD breis agus aon mhilliún amas YouTube.
- Díoladh amach léiriú den *Phantom of the Opera* ó Cheolchumann Pobail UCD i Halla Uí Raghallaigh cúig oíche i ndiaidh a chéile. Léirigh an fhoireann leithead agus doimhneacht tallainne an phobail mac léinn agus bhain an léiriú an tríú áit i nDámhachtainí Chomhlachas Ceolchumann na hÉireann (AIMS).
- Bhain Cumann Damhsa UCD an Comórtas Damhsa Ollscoile Náisiúnta.



6

# FONDÚIREACHTAÍ CUMASÚCHÁIN

Teastaíonn córas tacaíochta láidir ó champas ollscoile faoi bhláth a dhéanfaidh straitéisí UCD a threisiú agus a chur chun cinn, a sholáthróidh mar sin saibhreas deiseanna do mhic léinn, don fhoireann agus don phobal níos leithne.

Faoi 'Fhondúireachtaí Cumasúcháin' tá rannchuidiú Cumarsáide, Forbartha agus Caidreamh Alumni rí-thábhachtach do sprioc UCD chun 'mol eolais' úrscothacha a chruthú don 21 haois. Cuireann siad an domhan ar an eolas faoin méid atá bainte amach ag UCD, agus spreagann siad alumni chun a bheith rannpháirteach i gcultúr daonchairdis a thacaíonn le spriocanna straitéiseacha UCD.

## CLÁR


| | |
|---|---|
| Airgeadas | 52 |
| Acmhainní Daonna | 53 |
| An Leabharlann, Bainistiú Faisnéise agus Eolais | 54 |
| Caidreamh Ollscoile | 55 |
| Forbairt agus Caidreamh Alumni | 56 |
| Forbairt Chaipitil | 58 |
| Dámhachtainí agus Gradaim | 59 |

# Airgeadas

## Airgeadas

Tá súil ag an Ollscoil barrachas €3.2m a ghiniúint don bhliain airgeadais dár críoch 30 Meán Fómhair 2013, ar a gníomhaíochtaí croímhaoinithe ón HEA. Cuirfidh an barrachas seo ar chumas na hOllscoile deireadh a chur lena heasnamh carntha ar fad, gnóthachtáil shuntasach ag cur an mheatha ar leibhéil mhaoinithe Stáit le blianta beaga anuas. Is é seo an cúigiú bliain as a chéile ar ghin an Ollscoil barrachas.

De bharr na timpeallachta eacnamaíochta deacra, áfach, tá mórdhúshlán airgeadais roimh an Ollscoil amach maidir le hinbhuanaitheacht a hoibríochtaí leantacha. Ó 2007/08, tá an Ollscoil tar éis maoiniú Stáit laghdaithe a fhulaingt i mblianta i ndiaidh a chéile. Lean na ciorruithe seo le linn don éileamh ar ardoideachas dul i méid.

Laghdaíodh croídheontas UCD de 43% idir 2008 agus 2012, agus laghdaigh an deontas in aghaidh an mhic léinn FTE de 61% sa tréimhse chéanna. Ní dhearna ioncam ó tháille athsholáthair ó mhic léinn fochéime, mar a d'ordaigh an tAire Oideachais (i.e. Ranníocaíocht an Mhic Léinn), ach ranníocaíocht bheag chun freastal ar an mbearna maoinithe atá ag dul i méid. Dá thoradh bhí sé riachtanach ioncam breise suntasach a ghiniúint ó fhoinsí eile.

## Dul Chun Cinn go dtí Seo

Mar fhreagra ar na laghduithe thuas luaite, bhog Oifig Airgeadais UCD go dtí samhail níos comhoibrithí, a chuireann pleananna airgeadais ar fáil do Choláistí agus do Scoileanna aonair, ag cur a láidreachtaí coibhneasta san áireamh agus na dúshláin ata rompu. Tá béim láidir ar ordaitheach acadúil laistigh den tsamhail seo, is é sin nár chóir tabhairt faoi aon chur chuige ar mhaithe leis an mbrabach airgeadais amháin. Tá sé thar a bheith tábhachtach d'argóint na hinbhuanaitheachta go dtugtar aitheantas iomlán do thosaíochtaí acadúla in aon phróiseas pleanála airgeadais.

Leanfaidh an comhoibriú dlúth leis an bpobal acadúil chun treo Scoileanna agus Coláistí sa todhchaí a fhorbairt ar bhonn inbhuanaithe.

Is dúshlán do UCD é an riachtanas straitéis agus bearta a chur i bhfeidhm, go háirithe tionscnaimh shábhála costais agus ghiniúna ioncaim barrachais, agus tá aghaidh á tabhairt air seo trí obair leanúnach Choiste Bainistithe Sócmhainní, Iuach saothair agus Airgeadais na hOllscoile. Leanann easpa eolais thráthúil maidir le maoiniú Stáit air, áfach, ag dul chun dochair chumas UCD a pleananna ilbhliantúla a ullmhú, rud a fhágann go mbíonn neamhchinnteacht dá bharr sa phróiseas buiséadach bliantúil.

Agus aghaidh á tabhairt ar na dúshláin a d'eascair as ciorruithe i maoiniú an Stáit agus na ceanglais an líon foirne a laghdú faoi Chreat Rialaithe Fostaíochta an Stáit (ECF), coinníonn Coiste Athbhreithnithe Buiséad na hOllscoile lena ról tábhachtach in athbhreithniú agus i monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil chaiteachais agus spriocanna airgeadais a leagan síos thar gach réimse den Ollscoil. Cinntíonn sé freisin go spreagtar tionscnaimh chun ioncam neamh-Státchiste a ghiniúint agus go dtugtar a luach dóibh.

Cuidíonn seirbhísí agus teicneolaíochtaí nua chun tuairisciú airgeadais agus réamhaisnéis buiséad a fheabhsú i gcónaí. Cuireadh go suntasach le feidhmeanna buiséadacha agus pleanála trí fhorbairt raon samhla, lena n-áirítear leasuithe ar an tSamhail Leithdháilte Acmhainne, chun a chinntiú go ndéantar acmhainní a leithdháileadh áit a bhfuil an gá is mó leo. Lean seirbhísí agus teicneolaíochtaí nua orthu ag cur feabhais ar thuairisciú airgeadais agus ar réamhthuar an bhuiséid. Tá na tuairiscí airgeadais go léir curtha ar shiúl go dtí an córas Infohub nua, a chuireann ar chumas úsáideoirí údaraithe tuairiscí airgeadais a rith iad féin.

Lean giniúint ioncaim thráchtála ar aghaidh ag cur go luachmhar le hairgeadas UCD. Chuir roinnt conarthaí nua maidir le soláthar seirbhísí lónadóireachta le maoiniú oibríochtaí na hOllscoile.

Lean ioncam ó ghníomhaíochtaí coimhdeacha eile ag dul i méid, agus in 2012/13 arís chonacthas ioncam suntasach á ghiniúint ar ghnó lóistín samhraidh, a bhí curtha amach ar cheadúnas chuig oibreoir neamhspleách roimhe seo.

D'infheistigh UCD in earcú mac léinn idirnáisiúnta agus bhunaigh comhpháirtíochtaí ar roinnt láithreacha sa tSín. Is foinse luachmhar maoinithe neamh-Státchiste an t-ioncaim seo i gcónaí.

Rinneadh coigilteas i gcaiteachas neamh-phárolla, i gcomhpháirtíocht le soláthraithe UCD, trí úsáid níos leithne tairisceana agus idirbheartaíochtaí praghais.

Tá aitheantas náisiúnta ar thábhacht dea-chleachtais soláthair ag dul i méid agus leanann Oifig Sholáthair UCD air ag obair le haonaid san Ollscoil. Chuaigh leibhéil níos mó comhlánaithe agus comhoibrithe le comhlachtaí earnála poiblí chun leasa UCD freisin.

Ag deireadh na bliana bhí an próiseas clárúcháin do shonraisc soláthraithe á uathoibriú ag an Oifig Airgeadais, bogearra atá comhtháite le príomhchóras airgeadais na hOllscoile in úsáid.

## Ag Breathnú Amach Romhainn

Mar fhreagra ar an laghdú réamhthuartha i leibhéil mhaoinithe Stáit, tá plean á chur le chéile ag UCD chun an bhearna mhaoinithe a líonadh trí chomhcheangal de ghiniúint ioncaim agus bearta cost-éifeachtúlachta. Aontaíodh dúshláin airgeadais ar leith do ghiniúint ioncaim agus do chost-éifeachtúlachtaí le Coiste Bainistithe Sócmhainní, Luach Saothair agus Airgeadais na hOllscoile. Bainfidh siad seo le foinsí neamh-Státchiste ioncaim i gColáistí, tuilleadh éifeachtúlachtaí agus coigilteas i mbonn costais ghinearálta na hOllscoile á lorg, agus earcú mac léinn idirnáisiúnta á fheabhsú.

## Acmhainní Daonna

Ba bhliain dhúshlánach í 2012/13 d'fhoireann UCD agus Comhaontú Cobhsaíochta na hEarnála Poiblí 2013-2016 (PSSA) á thabhairt isteach ar 1 Iúil 2013. Tá an Comhaontú casta mar gheall ar éagsúlachtaí i dtéarmaí agus i gcoinníollacha fostaíochta do chatagóirí difriúla foirne. Ba chroíchuspóir HR UCD é a chinntiú gur tugadh eolas lárnach don fhoireann a luaithe agus ab fhéidir agus go gcuirfí athruithe agus soiléirithe ón Údarás um Ard-Oideachas (HEA) agus ón Roinn Oideachais agus Scileanna in iúl go pras.

Tá an clár oibre a raibh cur síos gairid air i Straitéis Acmhainní Daonna (HR) na hOllscoile do 2012-2015 faoi lán seoil. Tá dul chun cinn ag dul ar aghaidh go leanúnach trí obair Ghrúpa HR Foirne Bainistíochta na hOllscoile (UMT) ar phríomhthosaíochtaí HR, go háirithe ar na téamaí seo:

- Aitheantas agus Spreagadh Foirne
- Forbairt Ghairme agus Phroifisiúnta

Reáchtáladh Grúpaí Fócais le cohóirt foirne éagsúla lena dtuairimí a fháil faoin gcaoi a bhféadfaí cur leis an aitheantas. Rinneadh athbhreithniú gearr le fáil amach cad iad na cleachtais aitheantais áitiúla a bhí á bhfeidhmiú i Scoileanna/Aonaid aonair a bhféadfaí a chur i bhfeidhm níos leithne. Déanfar moltaí a eascróidh ón bpróiseas seo a chur i láthair an UMT amach in 2013. Ag an leibhéal earnálach, bhí Uachtaráin Ollscoile, trí Chumas Ollscoileanna Éireann (IUA), gafa go mór le ceist ceannaireachta acadúla agus an chaoi ar féidir príomhcheannairí a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dóibh leis na rólanna rí-thábhachtacha seo a ghlacadh. Tá moladh á ullmhú ag an IUA don HEA ar an ábhar seo.

Lean raon tionscnamh Forbartha Gairme agus Proifisiúnta i rith na bliana. Chuaigh arduithe céime acadúla ar aghaidh, agus ardú céime go dtí leibhéal Léachtóra Sinsearaigh faighte ag 42 ball foirne. Rolladh tionscnamh píolótach amach, an Clár Forbartha agus So-ghluaiseachta Inmheánaí, chun deiseanna don fhoireann theicniúil, riaracháin agus phroifisiúnta in Eanáir 2013 a fheabhsú. Fógraítear gach post ó choibhéis ghrád SEA suas go grád AOIA/Oifigeach Teicniúil Sinsearach, go hinmheánach ar dtús. Cuirfear tuarascáil a dhéanann measúnú ar éifeachtacht an tionscnaimh i láthair an UMT faoi dheireadh 2013. Don fhoireann taighde lean an Creat Gairmí Taighde ag athrú chun freastal ar riachtanais Príomh-Imscrúdaitheoirí agus foirne iardhochtúireachta. Tá comhoibriú dlúth ar siúl i gcónaí idir príomhsholáthraithe seirbhíse, is iad sin Lárionad Forbartha Gairme UCD, Taighde UCD agus HR UCD.

Is príomhchuspóir agus cuspóir leanúnach d'fhoireann HR é, bealaí a aithint leis an tseirbhís agus na tacaíochtaí a chuirtear ar fáil do bhainisteoirí foirne agus don fhoireann a fheabhsú. In 2012/13, baineadh é seo amach trí seo a leanas:

- Tuairiscí bainistithe foirne a fheabhsú, iad ar fáil via Infohub.
- Clúdach Comhpháirtí HR a leathnú go dtí an Ollscoil iomlán den chéad uair, laistigh d'acmhainní atá ann cheana.
- 'Sraith Straitéise do Bhainistiú don Rathúlacht' (forbartha in-tí ag HR UCD) a sheachadadh, leidí praiticiúla, uirlisí agus naisc á soláthair chun cuidiú le bainisteoirí foirne UCD a bhfoirne a bhainistiú go dearfach agus chun tacú lena rathúlacht.
- Seachadadh córas taifeadta ar líne agus tuairiscí Infohub ar shaoire tinnis féindeimhnithe, ag cur ar chumas Scoileanna/Aonad an teorainn nua seacht lá in aghaidh 24 mí ar shaoire tinnis féindeimhnithe a chomhlíonadh.
- Láithreán gréasáin Foghlama agus Forbartha UVD a fhorbairt a chuimsíonn eolas ó naoi soláthraí oiliúna difriúla thar UCD, leis an sprioc coitianta tacú leis an bhfoireann ina gcuid gníomhaíochtaí ó la go lá.
- Córas Monatóireachta Éagsúlachta a thabhairt isteach in Eanáir 2013, chun cuidiú le cur i bhfeidhm agus le monatóireacht a dhéanamh ar an mbeartas seo, de réir an Achta um Chomhionannais Fostaíochta 1998–2008.
- Riaradh arduithe céime acadúla a fheabhsú.
- Scéim MeánPhinsin Gairme a thabhairt isteach.
- Seisiúin faisnéise a reáchtáil don fhoireann riaracháin sinsearach chun iad a thabhairt cothrom le dáta ar athruithe beartais le deireanaí a bhí ábhartha do Choláistí, do Scoileanna agus d'Aonaid.

| Ainm | Coláiste/Scoil UCD | Post |
|---|---|---|
| **An tOllamh Geraldine Butler** | Eolaíocht Bhithmhóilíní agus an Bhithleighis | Ollamh |
| **An tOllamh Brian Caulfield** | Sláinte Phoiblí, Fisiteiripe agus Eolaíocht Daonra | Ollamh le Fisiteiripe |
| **An tOllamh Guenther Eissner** | Bitheolaíocht Chóras Éireann | Ollamh le Bitheolaíocht Chóras Aistritheach |
| **An tOllamh David FitzPatrick** | Coláiste Idirnáisiúnta Beijing-Baile Átha Cliath (BDIC) | Propast |
| **An tOllamh Peter D W Haughton** | Eolaíochtaí Geolaíochta | Ollamh Tullow Oil le Geolaíocht Peitriliam |
| **An tOllamh Donncha Kavanagh** | Gnó | Ollamh le hEolas agus le hEagraíocht |
| **An tOllamh Margaret Kelleher** | Béarla, Drámaíocht agus Scannánaíocht | Ollamh le Litríocht agus Dráma Angla-Éireannach |
| **An tOllamh Sabine Koelle** | Leigheas agus Eolaíocht an Leighis | Ollamh le hAnatamaíocht agus Bitheolaíocht Forbraíochta |
| **An tOllamh Dolores O'Riordan** | Talmhaíocht agus Eolaíocht an Bhia | Stiúrthóir, Institiúid Bia agus Sláinte UCD |
| **An tOllamh Alan Renwick** | Talmhaíocht agus Eolaíocht an Bhia | Ollamh le Talmhaíocht agus Eacnamaíocht an Bhia |
| **An tOllamh Jan Rosier** | Eolaíocht Bhithmhóilíní agus Bhithleighis | Ollamh Elan le Gnó na Biteicneolaíochta |
| **An tOllamh Gerry Wilson** | Leigheas agus Eolaíocht an Leighis | Ollamh le Réamaiteolaíocht |
| **An tOllamh Kenneth Wolfe** | Leigheas agus Eolaíocht an Leighis | Ollamh le hÉabhlóid Ghéanómaíochta |

# An Leabharlann, Bainistiú Faisnéise agus Eolais

## Leabharlann UCD

Lean Leabharlann UCD ar aghaidh ag cur taighde agus nuálaíocht chun cinn agus í ag tacú le riachtanais fhoghlama, teagaisc agus taighde mac léinn UCD. Rinne an Leabharlann dul chun cinn substainteach ina cuspóirí sa Phlean Straitéiseach le feabhsúcháin i dtacaíochtaí don fhoghlaim agus do thaighde, agus trína ról mar choimeádaí oidhreacht chultúrtha na hÉireann.

Osclaíodh dhá thimpeallacht foghlama dinimiciúla nua sa Leabharlann: Is timpeallacht foghlama sóisialta ardcháilíochta í Mol na Leabharlainne a chuireann PCanna, spásanna oibre aonair agus suíocháin d'úsáideoirí ríomhairí glúine, mar aon le spásanna oibre grúpa agus comhoibríocha; agus cuireann Nasc nua na Leabharlainne spás foghlama solúbtha ar fáil d'úsáideoirí. D'óstáil Nasc Leabharlann an Lárionad Tacaíochta Mata, ó Mhárta 2013, a raibh de thoradh air gur méadaíodh líon na gcomhairliúchán faoi dhó.

Ar sheirbhísí nua eile dírithe ar úsáideoir áirítear an uathoibriú féinseirbhíse i ngach suíomh Leabharlainne d'idirbheartaíochtaí iasachtaí agus fineálacha, agus dáileadh clibeanna RFID chun uathoibriú a chumasú ag leabharlanna Leighis Tréidliachta UCD agus na Carraige Duibhe.

Rinneadh athchóiriú ar Bhailiúcháin Speisialta UCD in 2012. Fuarthas dhá bhailiúchán suntasacha le filí Éireannacha freisin. Bhronn Alumnus UCD, Joseph Hassett, Bailiúchán W.B. Yeats, a bhí ina chúis le mórthaispeántas d'ábhar Yeats, ag díriú ar 'bhéithe' inspioráideacha an fhile. Is éard atá i mBailiúchán Thomas Kinsella, leabharlann phríobháideach an údair dá chuid oibre féin.

Sheol Uachtarán UCD, an Dr. Hugh Brady, Leabharlann Dhigiteach UCD i nDeireadh Fómhair 2012. Is príomhchuid d'infreastruchtúr taighde Leabharlainne UCD an taisclann seo, dírithe ar an gcaomhnú, d'acmhainní oidhreachta cultúrtha digitithe agus sonraí eile. Thug tionscnamh sonraí nua tacaíocht freisin do ghníomhaíochtaí taighde, agus fócas tosaigh ar shonraí geospásúla agus cainníochtúla, agus tugadh tacaíocht leanúnach do Rochtain Oscailte ar fhoilseacháin taighde UCD agus tuilleadh forbartha ar sheirbhísí bibliméadrachta.

I rith an Earraigh, mar chuid dá Clár For-rochtana Pobail, d'óstáil an Leabharlann 485 dalta Ardteistiméireachta ón gceantar máguaird, láthair staidéir optamach á thabhairt dóibh agus réamheolas ar sheirbhísí Leabharlainne ag UCD.

Ba í an bhliain 2012/13 an chéad bhliain iomlán de struchtúr atheagraithe na Leabharlainne. Cé gur éascaigh an t-athstruchtúrú seo cuid mhaith de na gnóthachtálacha, ba bhliain idirlinne é: dá réir, thosaigh an t-athbhreithniú beartaithe ar an athstruchtúrú rathúil i samhradh 2013. Thug roinnt mhaith d'fhoireann na leabharlainne faoi ghníomhaíochtaí oiliúna bainteach leis na rólanna nua agus athraithe, agus rinne cuid mhaith cur i láthair ag comhdhálacha gairmiúla náisiúnta agus idirnáisiúnta.

## Seirbhísí TF UCD

I rith 2012/13, bhí ráta tapa dul chun cinn teicneolaíochta ar siúl i UCD i gcónaí, agus Seirbhísí TF ag treisiú lena dtiomantas do riachtanais TF phobal UCD a thuiscint agus freastal orthu. Ba phríomhfhócas forbairt seirbhísí soghluaiste agus néalríomhaireachta agus é d'aidhm acu tacú le rochtain solúbtha ar acmhainní, ábhar agus feidhmeanna TF.

Ba chlochmhíle shuntasach a bhí in aistriú breis agus 65 milliún de ríomhphost foirne go dtí Aipeanna Google do thimpeallacht Oideachais. Is é UCD an chéad Ollscoil Éireannach a d'aistrigh ríomhphost foirne go dtí seirbhís curtha ar fáil ag néal. Tairgeann an t-aistriú seirbhís níos fearr gan aon chostas breise ar an Ollscoil.

I Samhain 2012, sheol Seirbhísí IT CloudEdu, seirbhís néalríomhaireachta ceaptha tacú le foireann agus le taighdeoirí trí shraith néal-réiteach réidh le dul i mbun gnó a chur ar fáil dóibh. Mar aon le néal-freastalaithe, stóráil, óstáil agus rochtain ar an ngréasán, tairgeann sé comhairliúchán i ndearadh, dáileadh, bainistiú, úsáid agus tacaíocht.

Chuir Seirbhísí TF tús le Tionscadal Rannpháirtíochta Custaiméara in 2013. Ba í aidhm an tionscadail seo: tuiscint cén chaoi a bhaineann cohóirt éagsúla foirne leas as teicneolaíocht; cuidiú chun go mbeadh coinne le riachtanais athraitheacha TF na hOllscoile; a bheith rannpháirteach leis an bhfoireann; agus a aithint cén áit ar féidir dea-chleachtas a chur i bhfeidhm.

Sheol Seirbhísí TF comhéadan athdheartha Chóras Eolais Mac Léinn, SISWeb, chun seirbhísí mac léinn agus rannpháirtíocht le teachtaireachtaí lárnacha a fheabhsú.

Rinneadh roinnt feabhsúchán éifeachtúlachta ar uirlis tuairiscithe bainistíochta UCD, InfoHub, lena n-áirítear cruthú foirm iarratais mac léinn leasaithe. Ceadaíonn sé seo don fhoireann agus do mhic léinn rochtain a fháil ar mhionsonraí cuimsitheacha taifead mic léinn. Cuireadh achoimre ar ghníomhaíocht taighde ar fáil do Scoileanna UCD, a chomhcheanglaíonn sonraí ó chórais ghnó agus sonraí bibliméadrachta UCD chun eolas agus méadrachtaí ar mhaoiniú taighde, foirne agus foilseachán a chur ar fáil.

# Caidreamh Ollscoile

Déanann Caidreamh Ollscoile comhordú ar an straitéis chumarsáide lárnach don Ollscoil agus tá freagracht ar leith air as bainistiú branda agus margaíocht, agus as cumarsáid sheachtrach agus inmheánach, agus mór-imeachtaí chomh maith. Oibríonn Caidreamh Ollscoile ar fud na hOllscoile chun gníomhaíochtaí agus gnóthachtálacha na foirne agus na mac léinn a chur chun cinn le cáil na hOllscoile a fheabhsú tuilleadh agus le pobal a neartú.

## Margaíocht

Chuir feachtas margaíochta fochéime CAO 2013 ardán do ghníomhaíochtaí earcaithe mac léinn, trí theachtaireacht UCD a leagan amach agus trí leas a bhaint as branda UCD. D'fheidhmigh an feachtas thar chainéil meán nua agus traidisiúnta agus is tiománaí tionchair tábhachtach é do chéad roghanna CAO.

Rinneadh píosa substainteach taighde margaidh cáilíochtúil mar aon le hobair an Tascfhórsa Straitéise Earcaíochta Mac Léinn Iarchéime. Bhí an taighde seo mar bhonn eolais leis na teachtaireachtaí straitéiseacha i bhfeachtas margaíochta iarchéime na bliana agus chuidigh chun treochlár margaíochta a chur ar fáil do straitéis níos fadtéarmaí. Tacóidh sé seo le hobair leanúnach an tascfhórsa.

Cuireadh tacaíocht bainistíochta tionscadail agus margaíochta suntasaí ar fáil d'fhoireann an tionscadail agus sraith phíolótach cúrsaí nua ar líne á seoladh. Rachaidh siad seo beo i Meán Fómhair 2013.

Ón peirspictíocht idirnáisiúnta, úsáideadh feachtas ar líne agus preasa chun tógáil ar cháil UCD le príomhtheachtaireachtaí faoin Ollscoil a chur in iúl don phobal idirnáisiúnta.

## Imeachtaí

Threoraigh nó d'éascaigh Caidreamh Ollscoile cuid mhór imeachtaí ar fud na hOllscoile, lena n-áirítear oscailt oifigiúil Lárionad Mac Léinn UCD ag an Taoiseach Enda Kenny TD, agus Dinnéar Lá Bunaithe UCD, mar aon le Searmanas Bronnta Oinigh Bloomsday agus iliomad cuairteanna ó Airí agus ó Dhaoine Mór le Rá.

## Cumarsáid Inmheánach

Reáchtáladh raon gníomhaíochta chun cuidiú le pobal a threisiú agus tabhairt ar fhoireann agus ar mhic léinn dul i ngleic le cuspóirí na hOllscoile. Agus iad ag obair le comhghleacaithe acadúla, d'eagraigh Caidreamh Ollscoile sraith de Sheimineáir Am Lóin an Uachtaráin chun díospóireacht idirdhisciplíneach a chothú ar raon saincheisteanna tráthúla.

Dáileadh ríomh-iris mhíosúil tiomanta chun cumarsáid leis an bhfoireann a éascú. Tacaíodh leis trí raon cainéal lena n-áirítear scáileáin taispeána, cláir fógraí leictreonacha agus féilire imeachtaí lárnach. Thug Caidreamh Ollscoile tacaíocht freisin do cheannairí acadúla agus do bhainisteoirí aonaid le comhairle agus le hábhair chun cuidiú lena ngníomhaíochtaí cumarsáide agus fócas soiléir ar idirghníomhaíocht aghaidh ar aghaidh leis an bhfoireann a spreagadh.

## Caidreamh leis na Meáin

I rith 2012/13, d'oibrigh an tseirbhís chaidrimh leis na meáin leis an lucht acadúil chun clúdach náisiúnta agus idirnáisiúnta nach beag a ghiniúint d'aschur a gcuid taighde. Áirítear ar na samplaí: staidéar a léirigh tionchar oideachais mháithreacha ar fholláine leanaí; rathúlacht na cuideachta teicneolaíochta Enbio i gconradh tábhachtach le Gníomhaireacht Spáis na hEorpa a aimsiú; agus tuairisc ar thionchar aiste bia GI íseal ar mhná torracha. Áiríodh i gclúdach eile leathnú idirnáisiúnta UCD isteach sa tSín, agus dámhachtainí do chuairteoirí mór le rá, mar an Ollamh Noam Chomsky.

Cuireann caidreamh ollscoile seirbhís 24/7 ar fáil freisin, freagra á thabhairt ar iarratais ó iriseoirí agus tráchtairí saineolaíocha á gcur ar fáil do na meáin chraolta agus chlóite.

## Cumarsáidí Ar Líne

Réimse gníomhaíochta a bhfuil a thábhachtach ag méadú is ea an t-ábhar a chuireann Caidreamh Ollscoile ar fáil do leathanach baile UCD. Déanann sé gníomhaíocht na meán sóisialta a thiomáint freisin ar shuíomhanna oifigiúla Facebook, Twitter agus YouTube na hOllscoile. Tá obair shuntasach déanta chun tacú le gníomhaíocht na meán sóisialta ar fud na hOllscoile trí fhorbairt beartas agus treoirlínte.

## Foilseacháin

Cuireann Caidreamh Ollscoile *UCD Today* amach, iris oifigiúil na hOllscoile, mar aon le *Tuarascáil an Uachtaráin*, agus ionchur agus comhairle á gcur ar fáil i dtáirgeadh mór-fhoilseacháin mar *UCD Connections* (alumni), agus réamheolaire fochéime mar aon le foilseacháin agus tuarascálacha níos lú.

# Forbairt agus Caidreamh Alumni

I rith 2012/13, d'fhreagair alumni, cairde agus comhpháirtithe UCD go fial do phríomhthionscnaimh *Intinní Domhanda a Chothú*, Plean Straitéiseach na hOllscoile. Thacaigh tabhartais charthanachta d'Fhondúireacht UCD le tabhairt chun críche mór-fhorbairtí foirgníochta ar champas (Scoil Dlí Sutherland UCD agus Lárionad Eolaíochta Uí Bhriain) agus príomhthionscnaimh thaighde agus oideachais lena n-áirítear Comhaltachtaí agus Scoláireachtaí. Thug Alumni a gcuid ama freisin le fáiltiú roimh chéimithe UCD agus teagmháil a dhéanamh leo ina gcathracha féin agus d'óstáil fochéimithe UCD mar intéirnigh ina ngnólachtaí, mar aon le filleadh ar theacht le chéile ranga agus imeachtaí ar champas.

## Forbairt

In 2012/13, fuair Fondúireacht UCD €20 million i dtabhartais agus i ngealltanais ó chéimithe, ó chomhpháirtithe corparáideacha agus ó dhaonchairde eile. Osclóidh Scoil Dlí Sutherland UCD agus Lárionad Eolaíochta Uí Bhriain UCD i bhfómhar 2013.

Tar éis comhairliúcháin leathan le alumni, le cairde agus le comhpháirtithe corparáideacha in 2012, thug Scoil Ghnó UCD faoi fheachtas ilmhilliún euro trasfhoirmithe, a nochtfar idir 2013 agus 2018. Á threorú ag grúpa ceannairí deonacha, an Déan agus dámh sinsearach, cuirfidh an feachtas ar chumas na Scoile a fís nua a thabhairt i gcrích agus a bheith aitheanta mar scoil cheannródaíoch san Eoraip, ag baint barr feabhais amach i réimsí atá ábhartha go domhanda agus tábhachtach d'fhás agus do rathúnas na hÉireann – agus is é sin nuálaíocht i seirbhísí airgeadais (lena n-áirítear maoiniú eitlíochta), nuálaíocht i ngnó an bhia, agus gnó digiteach agus anailísíocht. Tá sé i gceist ag an Scoil freisin infheistíocht shuntasach a dhéanamh i dteicneolaíochtaí foghlama nua agus scoláireachtaí breise a chur ar fáil do mhic léinn. Beidh céimithe agus comhpháirtithe corparáideacha rí-thábhachtach chun an Scoil a chumasú lena plean uaillmhianach a chur i gcrích.

Is tabhartas suntasach ó alumnus a thug spreagadh chun tús a chur leis an bhfeachtas d'Institiúid Fuinnimh UCD. Bunaithe i gColáiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD, is acmhainn bhunathraithe a bheidh san Institiúid Fuinnimh nua do thaighde fuinnimh in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, agus treisíonn sé Fuinneamh ar cheann de na téarmaí taighde tosaíochta a luadh in *Intinní Domhanda a Chruthú*. Tabharfaidh daonchairdeas príobháideach an deis chun maoiniú tionscail agus Rialtais a ghiaráil don tionscnamh seo a mbeidh tionchar aige ar fud an domhain.

D'fheidhmigh tiomsú airgid do chláir Chomhaltachtaí agus Scoláireachtaí go láidir i gcónaí i rith na bliana. Spreagann Clár Comhaltachta Newman na scoláirí is fearr chun fanacht sa saol acadúil, ag tabhairt an saoirse dóibh coinneáil le réimse áirithe taighde. D'oibrigh fiche is a ceathair *Comhaltacht* iardhochtúireachta Newman i ndisciplíní ar fud na hOllscoile, á dtacú amháin ag flaithiúlacht na hearnála corparáidí agus daonchairdiúla. Lean tacaíocht charthanachta *d'Acadamh Ad Astra* UCD ag fás. Earcaíonn an tAcadamh na mic léinn is mó tallainne in Éirinn thar a thrí shnáith: Scoláirí Acadúla, na Taibhealaíona agus Lúthchleasaí Scothaicme. Thug idir ghnólachtaí agus daoine aonair príobháideacha go fial don Acadamh ina chéad dá bhliain. Ar deireadh, trí dheontais don Chiste Alumni, thacaigh céimithe le cláir scoláireachtaí a chuir tacaíocht airgeadais luachmhar ar fáil do raon mac léinn ó UCD trí chéile.

## Caidreamh Alumni

Ba thosaíocht don bhliain úsáid na meán sóisialta a mhéadú chun alumni a chur i dteagmháil le UCD. Dhírigh an obair ar Facebook, LinkedIn agus Twitter, agus bhí tionscnaimh rathúla ann thar na trí chainéal. Cuireadh e-feasacháin démhíosúla amach chuig breis agus 170,000 alumni agus dáileadh breis agus 140,000 cóip de *UCD Connections*, iris bhliantúil alumni, ar fud an domhain.

Bhí éilimh i gcónaí ar imeachtaí ar an gcampas agus lasmuigh de. Bhailigh alumni ar fud an domhain, ó Shingeapór go San Francisco, chun bualadh leis an Uachtarán, leis na déin agus le daoine den fhoireann. Thar n-ais ar an gcampas, bhain luchtanna éisteachta móra taitneamh as na himeachtaí bliantúla *Characters in Conversation*, ceann leis na alumnae an Dr Rhona Mahony agus Olivia O'Leary, agus an dara ceann leis an Ollamh Frank McGuinness, Sinéad Cusack agus Patrick Mason. Rinne baill de Rang 1962 a iubhaile órga a cheiliúradh, Rang 1973 a iubhaile rúibíneach, agus den chéad uair, d'óstaigh UCD iubhaile diamaint do chéimithe ranganna ó 1943 go 1953.



1



2



3



4

1. Foirgneamh Scoil Dlí Sutherland UCD á thógáil. Ar é a chríochnú i bhFómhair 2013, cruthóidh an foirgneamh spás nua-aimseartha agus nuálach chun scileanna dlí a fhoghlaim agus a chleachtadh ann, nach bhfuil leithéid ar marthain in Éirinn faoi láthair, agus bainfidh mic léinn, acadóirí agus lucht dlí gairmiúil leas as

2. Forbraíodh ríomh-Iris foirne UCD chun nuashonrú míosúil a thabhairt d'fhoireann UCD maidir le príomhcheisteanna ollscoile


3. I gcomhar leis an Leas-Uachtarán do Mhic Léinn, thacaigh Caidrimh Ollscoile le tionscnamh UCD mar chuid de Thionól na hÉireann 2013. Tionóladh os cionn 35 comhdháil, athaontú agus ócáid spóirt, agus táirgeadh Mapa agus Treoir UCD speisialta agus turais a bhain leo, chun cuairteoirí ó thar lear a mhealladh chuig campas UCD

4. Mar chuid den ghníomhaíocht margaíochta a rinne Caidrimh Ollscoile bhí feachtas fógraíochta chun cláir chéimithe UCD a chur chun cinn i measc mac léinn. Dhírigh na fógraí ar shaineolas cáiliúil lucht acadúil UCD, rud a chabhraíonn le mic léinn ar chúrsaí máistreachta múinte a bheith ina shaineolaithe iad féin. Díríodh ar an Ollamh Lorraine Hanlon, Scoil na Fisice UCD; ar an Ollamh Ron Pinhasi, Scoil na Seandálaíochta UCD agus ar an Dr Harvey O'Brien, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD, mar léiriú ar an ardchaighdeán de shaineolas teagaisc agus taighde i UCD

5. *Characters in Conversation.* Alumna Leighis, Rhona Mahony, Máistir, an tOspidéal Náisiúnta Máithreachais, agus Alumna Ealaíona, Olivia O'Leary, iriseoir agus craoltóir, le lucht éisteachta de alumni agus cairde a bhailigh le chéile chun éisteacht le díospóireacht mhacánta agus eolasach i Halla Éisteachta Clinton UCD

6. Ruth Ferguson, Caomhnóir Teach Newman, in éineacht le Alumnus UCD an Seanadóir Feargal Quinn (BComm 1959), a thug léargas siamsúil agus pearsanta do na haíonna ar an am a chaith sé ina mhac léinn, sa ghnó miondíola agus sa Seanad, mar chuid den tsraith UCD Life Stories, le Aine Gibbons, Leas-Uachtarán Forbartha


5


6

## Forbairt Chaipitil

D’athraigh an infheistíocht chatalaíoch in infreastruchtúr fisiciúil UCD le blianta beaga anuas an tacaíocht do ghníomhaíochtaí nuálaíochta, taighde agus teagaisc na hOllscoile ó bhun. Ar cheann de na cuspóirí tá bunú ailtireachta íocónaí, a chruthaíonn ómós áite láidir fad is a sheachadaítear timpeallacht spreagúil do mhic léinn, don fhoireann agus don phobal níos leithne.

Rinneadh cuid mhór infheistíochta i Lárionad Eolaíochta Uí Bhriain UCF, saotharlanna agus seomraí ranga den scoth á dtógáil don cheimic, don bhitheolaíocht, don eolaíocht bhithmhóilíneach agus fhisiciúil, ag tabhairt tacaíochta freisin do thaighde straitéiseach i réimsí mar bhithpharma, bia agus sláinte, agus naineolaíocht. Coimisiúnaíodh saoráidí nua agus athchóirithe i Lárionad Eolaíochta Uí Bhriain UCD Thoir agus d’Fhoirgnimh Hub. Tacaíonn na saoráide seo le saolré an eolaí – ó leanaí scoile agus fochéimithe óga díograiseacha go na mic léinn PHD uaillmhianacha agus fiontraithe teicneolaíochta a bhrúfaidh geilleagar eolais na hÉireann ar aghaidh. Gluaisfidh eolaithe agus mic léinn go réidh idir saotharlanna, saoráidí teagaisc agus spás nuálaíochta. Oibreoidh acadóirí agus tionscal taobh le taobh agus déanfar fiontair nua a chothú. Meastar go mbeidh na saoráidí taighde maoinithe ag PRTLI5 don domhaneolaíocht agus don ríomh tugtha chun críche faoi lár 2014.

Cuireann tabhairt chun críche an dara céim d’Fhoirgneamh Naisc Eolaíochta UCD saotharlann den scoth agus cóiríocht do scríobh tuairisce ar fáil do Bhitheolaíocht Chóras Éireann.

Reáchtáladh an cheardlann mháistirphlean tosaigh de Liomatáiste Newman Joyce UCD i mBealtaine 2013. Bhuail an fhoireann deartha le páirtithe leasmhara agus d’aithin príomh-shaincheisteanna, riachtanais, ionchais agus deiseanna. Ba dhúshlán é raon iomlán páirtithe leasmhara agus a mianta éagsúla thar ghníomhaíochta éagsúla a aithint. Tá ullmhú doiciméad físe le forbairt an mháistirphlean a threorú ar siúl. Tugadh céim thosaigh den chlár Athsholáthair Chóiriú na bhFuinneog i Newman chun críche le deireanaí agus áiríodh ann uasghrádú trí cinn de na seomraí ranga.

Mar chuid de phróiseas soláthair foirne dearaidh AE do Lárionad nua Confucius UCD, roghnaíodh an choincheap dearaidh a bhuaigh i Meitheamh 2013.

Aimsíodh maoiniú deontóra suntasach d’fhorbairt Lárionad James Joyce Idirnáisiúnta UCD, in Áras Newman, agus tá ailtire ceaptha. Leanann iarrachtaí le breis mhaoinithe Rialtais agus daonchairde a mhealladh.

Tá sé beartaithe go nglacfar seilbh ar Scoil Dlí Sutherland UCD i bhfómhar 2013. Cinntíonn nuálaíocht i ndearadh agus i dtógáil go bhfuil an foirgneamh deartha do na caighdeáin is airde agus le dea-chleachtais inbhuanaitheachta. Fágann gné nua uisce lonnaithe gar don fhoirgneamh, ósais tírdhreacha álainn i gcroílár an phobail acadúil. Tá suiteáil obair ealaíne le Paddy Campbell, Rowan Gillespie agus Catherine Greene beartaithe freisin.

Cuireadh tús leis an obair chun inrochtaineacht a fheabhsú agus gluaiseacht chosaithe agus rothaithe idir Lárionad Mac Léinn UCD agus Lárionad na nEolaíochtaí Sláinte UCD a fheabhsú. Ionchorpróidh an scéim tabhairt isteach leagan amach nua tírdhreacha, saoráidí imeachtaí allamuigh, cur crann, racaí rothar agus láithreacha sóisialta tarraingteacha do mhic léinn.

I Samhain 2012, shínigh Uachtarán UCD, an Dr Hugh Brady, Comhaontú Comhpháirtíochta foirmiúil le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI). Tacaíonn sé seo le UCD ina iarrachtaí chun sprioc Rialtais de laghdú 33% in úsáid fuinnimh a bhaint amach faoi 2020. Faoin gclár comhpháirtíochta, tabharfaidh UCD tuairisc go bliantúil ar an dul chun cinn i dtreo na sprice 2020 agus beidh sé seo mar chuid de thuarascáil earnála poiblí fhoriomlán a fhoilseoidh SEAI gach bliain.

Tá laghdú de 13.5% in ídiú fuinnimh príomhúil bainte amach ag UCD ó 2006, rud a chuireann an Ollscoil ar an mbealach ceart le sprioc coigiltis 2020 a bhaint amach.

Ar na tionscadail fuinnimh a rinneadh in 2012 bhí roinnt tionscnaimh ‘Campas Cliste’, lena n-áirítear monatóireacht agus rialú gréasánbhunaithe breise, optamú téimh cheantair agus suiteáil fótavoltach gréine in Ionad Innealtóireachta agus Eolaíochta na nÁbhar UCD.

Tá straitéis agus plean nua fuinnimh á ullmhú leis an dul chun cinn seo a choinneáil. Beidh sé dírithe ar bhainistiú fuinnimh eiseamláire a neadú i ngníomhaíochtaí phobal iomlán UCD ó lá go lá.

**Tábla 1: Ídiú Fuinnimh UCD**

| **Ídiú Fuinnimh UCD** | **2012/13** |
|---|---|
| Leictreachas | 33.4GWh |
| Gás Nádúrtha | 72GWh |
| Teas Bithmhaise | 1GWh |
| Breoslaí Iompair | 0.7GWh |
| Gáis Ola | 0.8 GWh |
| **Ídiú Iomlán** | **107.9 GWh** |

# Dámhachtainí agus Gradaim

## Bonn Ulysses UCD

Bronntar an gradam is airde atá ag UCD ar dhaoine ar chuir a gcuid oibre go suntasach leis an domhan mór.



**An Dr Denis Selkoe**
18 Meán Fómhair 2012, mar aitheantas ar a chuid oibre chun an tuiscint ar ghalair Alzheimer agus Parkinson a chur chun cinn.



**Kevin Roche**
28 Samhain 2012, mar aitheantas ar a chion tairbhe don ailtireacht dhomhanda.



**An tOllamh Noam Chomsky**
2 Aibreán 2013, mar aitheantas ar a chion tairbhe don tsochaí mar ghníomhaí polaitiúil agus intleachtóir ceannródaíoch.



**Tom Murphy**
15 Meitheamh 2013, mar aitheantas ar a ghairmréim neamhghnách mar dhrámadóir, úrscéalaí, stiúrthóir amharclainne agus scríbhneoir scáileáin na n-iliomad duaiseanna.

## Bonn Lá Bunaithe UCD

Bronntar an bonn seo ar alumnus gach bliain ag Dinnéar Lá Bunaithe UCD mar aitheantas ar a mbuaicghnóthachtálacha.




**An Dr George Moore**
2 Samhain 2012, mar aitheantas ar a ról mar dhuine de bhunaitheoirí an tionscail anailísíochta sonraí, ceannaire gnó domhanda agus daonchara flaithiúil.

# Dámhachtainí agus Gradaim

## Céimeanna Oinigh




**Pat Kenny**
3 Meán Fómhair 2012, craoltóir – Céim Oinigh Dochtúir Eolaíochta



**Kenneth Frampton**
3 Meán Fómhair 2012, Ailtire, scoláire agus scríbhneoir – Céim Oinigh Dochtúir Eolaíochta



**Owen Killian**
3 Meán Fómhair 2012, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Aryzta AG – Céim Oinigh Dochtúir Eolaíochta



**Bryan McMahon**
4 Meán Fómhair 2012, scoláire dlí agus Dlí-Eolaí – Céim Oinigh Dochtúir le Dlí



**John McDowell**
25 Aibreán 2013, Fealsúnaí agus scoláire – Céim Oinigh Dochtúir Litríochta



**Tom Lynch**
6 Meitheamh 2013, fiontraí biteicneolaíochta – Céim Oinigh Dochtúir le Dlí



**Charles Serhan**
6 Meitheamh 2013, príomhthreoraí tuairime i réimse teiripice turgnamhaí – Céim Oinigh Dochtúir Eolaíochta



**Bob Crowley**
15 Meitheamh 2013, dearthóir stáitse ceannródaíoch na hÉireann – Céim Oinigh Dochtúir Litríochta



**Sinead Cusack**
15 Meitheamh 2013, aisteoir – Céim Oinigh Dochtúir Litríochta



**Conor Mc Pherson**
15 Meitheamh 2013, drámadóir – Céim Oinigh Dochtúir Litríochta



**Patrick Mason**
15 Meitheamh 2013 – stiúrthóir amharclainne – Céim Oinigh Dochtúir Litríochta